



TUARASCÁIL BHLIANTÚIL & Ráitis Airgeadais **2019**

CLÁR NA NÁBHAR

RÉAMHRÁ LEIS AN GCATHAOIRLEACH 6

FORLÉARGAS AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH 8

PRÍOMHFHORBAIRTÍ & PRÍOMHÉACHTAÍ 2019 11

SEIRBHÍSÍ BUS AGUS IARNRÓID A SHOLÁTHAR 12

Seirbhísí Bus agus Iarnróid ar Conradh	12	Feidhmíocht Oibritheoirí ar Conradh	15
Conarthaí Dírdhámhachtana	12	Táillí	16
Conarthaí ar seoladh Próiseas Iomaíoch Tairisceana ina leith	13	BusConnects Dublin	17
An Líon Paisinéirí agus an tIoncam uathu	14	Athruithe ar Sheirbhísí	17
Íocaíochtaí Cúitimh	14	Iompar Tuaithe / Local Link TFI	20
		Seirbhísí Bus Ceadúnaithe	22

SEIRBHÍSÍ CUSTAIMÉARA 24

Cárta JAM	24	Faisnéise Taistil	26
Cárta Leap TFI	24	Ceartha Paisinéara	27
Ticéadú don Chéad Ghlúin Eile ..	25	Sástacht Chustaiméara	27
		Gradaim	27

TAISTEAL INBHUANAITHE A CHUR CHUN CINN AGUS TACÚ LE TAISTEAL INBHUANAITHE 28

Feachtas Frithchiníochais	28	Láithreáin Ghréasáin	30
Seirbhísí TFI a Chur Chun Cinn ..	28	Taisteal na Scoileanna Glasa	30
An Nollaig	28	Cláir 'Taisteal Níos Cliste'	31
Local Link TFI a Chur Chun Cinn	29	Walk and Ride	32
Meáin Shóisialta	29		

PLEANÁIL STRAITÉISEACH 33

Gníomhú ar son na hAeráide	33	Pleanáil Straitéiseach Iompair	34
Múnlaí Iompair Réigiúnaigh	34	Bheartais Iompair	36

BONNEAGAR A UASGHRÁDÚ 39

Infheistíocht Chaipitiúil	39	Clár Deontais i leith Bearta Inbhuanaithe Iompair	44
Clár Caipitiúil Mhór-Limistéar Bhaile Átha Cliath	41	Clár Inrochtaineachta Iompair Phoiblí	45
An Fochlár Iarnróid Throm	41	Scéimeanna Rothar Poiblí	47
An Fochlár Iarnróid Éadroim	42		
Fochlár na mBusanna	43		

BEAGFHEITHICLÍ SEIRBHÍSE POIBLÍ 48

Réamhrá	48	Táillí Tacsáí agus Íocaíochtaí Gan Airgead Tirim	49
Ceadúnú Feithiclí	48	Gníomhaíocht maidir le Comhlíonadh	49
Scéim Deontais i leith Feithiclí Leictreacha	48	Gearáin ó Thomhaltóirí	51
Ceadúnú Tiománaithe	49	Sástacht Chustaiméara	51

TEANNTÁIL FEITHICLÍ 52

Achomhairc Dhara Chéim	52	Teanntáil Neamhdhleathach .	54
Gearáin	53	Cód Cleachtais	54
Comharthaíocht	54		

NITHE CORPARÁIDEACHA I GCOITINNE 55

Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)	55	Idirchaidreamh leis an Oireachtas	56
Cosaint Sonraí	56	Iarrataí Saorála Faisnéise	57
Soláthar Foirne agus Cóiríocht ...	56	Dualgas na Seirbhíse Poiblí i ndáil le Comhionannas agus Cearta an Duine	57
Nochtadh Cosanta	56		
An Ghaeilge	56		

RÓL AN ÚDARÁIS NÁISIÚNTA IOMPAIR 58

Feidhmeanna reachtúla	58	Rialachas	60
Feidhmeanna eile	59		

FAISNÉIS FAOI CHOMHALTAÍ AN BHOIRD 61

RÁITIS AIRGEADAIS 65

RÉAMHRÁ LEIS AN GCATHAOIRLEACH



Ar dtús, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe ar an mBord as a dtiomantas agus as a gcuid oibre ar fud na bliana 2019. Tharla roinnt athruithe i rith na bliana i dtaca le cúrsaí pearsanra de. I mí Lúnasa, cheap an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, David Gray agus Brian McCormick chuig an mBord. I mí na Samhna, d'fhág an Dr. Berna Grist an Bord tar éis an dara ceann de dhá théarma oifige a chríochnú. Bhí sé d'ádh ar an mBord a bheith in ann leas a bhaint as a taithí le deich mbliana anuas agus guímid rath uirthi amach anseo.

Is seirbhís fhíorthábhachtach í an t-iompar poiblí i dtaca le cuid mhór saoránach de. Cumasaíonn sé dóibh páirt a ghlacadh san fhórsa saothair nó san oideachas, rochtain a fháil ar chúram sláinte agus a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí sóisialta. Maidir le daoine nach bhfuil teacht acu ar ghluaistean, is seirbhís riachtanach í.

Tá spás bóthair srianta inár gcuid limistéar uirbeach agus, le gur féidir freastal ar an treocht fhadtéarmach in airde maidir leis an éileamh ar iompar poiblí, ar treocht í a lean ar aghaidh sa bhliain 2019, ní mór dúinn sciar réimse an iompair phoiblí i dtaca le modhanna taistil de a mhéadú. Agus is ionann an méid sin agus a rá go bhfuil gá le hinfheistíocht mhéadaithe i mbonneagar agus sa mhaoiniúchán a chuirtear ar fáil le haghaidh oibríochtaí iompair. Ar an drochuair, níl na socruithe maoiniúcháin atá ann le haghaidh oibriú seirbhísí ag coinneáil bord ar bhord leis an bhfás ar an éileamh ar chóracha thaistil. Mar shampla, bhí an leibhéal fóirdheontais sa bhliain 2019 fós níos lú ná mar a bhí sa bhliain 2009. De bhreis air sin, níl dóthain maoiniúcháin á chur ar fáil le haghaidh an chlár 'saorthaistil', rud a dhéanann laghdú breise ar an maoiniúchán atá ar fáil le haghaidh seirbhísí eile. Go mí-ádhúil, is é a leanann as sin ná go bhfuil bac á chur ar ár n-iarrachtaí chun feabhas seasta a dhéanamh ar leibhéal agus ar cháilíocht seirbhísí iompair poiblí ar fud na tíre.

Rinneadh dul chun cinn mór i rith na bliana maidir leis na príomhthionscadail iompair phoiblí a áirítear i dTionscadal Éireann 2040. Beidh tionscadail amhail MetroLink, Clár Forbartha an DART agus BusConnects claothlaitheach i dtaca le hiompar poiblí i Mór-Limistéar Bhaile Átha Cliath.

De bhreis air sin, rinneadh dul chun cinn mór maidir leis na bearta chun inbhuanaitheacht a fheabhsú. I measc na mbeart sin áirítear pleanáil chomhtháite úsáide iompair agus talún a chur chun cinn ar fud na tíre, méadú ar shiúl agus ar rothaíocht a éascú agus a spreagadh, agus foinsí tiomána níos inbhuanaithe a ghlacadh le haghaidh ár gcuid busanna agus traenacha. I dtaca leis sin de, cuireadh fáilte ar leith roimh rannpháirtíocht an Údaráis i straitéisí iompair le haghaidh cathracha lasmuigh de Mhór-Limistéar Bhaile Átha Cliath sa bhliain 2019.

Mar aitheantas ar cheannaireacht rathúil Anne Graham ar an Údarás le cúig bliana anuas, ar tréimhse í sin inar tháinig méadú suntasach ar chlár oibre an Údaráis, cheadaigh an Bord athnuachan a conartha mar Phríomhfheidhmeannach.

Cuireadh fáilte roimh chinneadh na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun tograí an Údaráis maidir le cúrsaí foirne agus, mar thoradh ar an gcinneadh sin, cuireadh tús leis an bpróiseas i ndáil le ganntanais foirne stairiúla a leigheas agus le neartú fhoireann bhainistíochta an Údaráis, ar nithe iad sin araon a bhí ina n-ábhair mhóra imní don Bhord.

Tá éigeandáil sláinte poiblí COVID-19 tar éis tionchar mór a imirt ar an tsochaí agus tá sé róluath fós a rá céard iad na tionchair fhadtéarmacha a bheidh ag an éigeandáil sin. Ach tá an Bord thar a bheith bródúil as an mbealach ar dhéileáil lucht bainistíochta agus foireann an Údaráis agus ár gcuid oibritheoirí iompair phoiblí leis na dúshlán a bhain leis an bpaindéim agus is mian linn a dhearbhuí don phobal taistil go leanfaimid de bheith ag obair go dícheallach chun seirbhísí sábháilte iompair phoiblí a chur ar fáil dóibh.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Roinn Turasóireachta, Iompair agus Spóirt, le heagraíochtaí eile stáit a mbímid ag obair chomh dlúth sin leo amhail Grúpa CIÉ, Bonneagar Iompair Éireann, na húdaráis áitiúla, agus gach oibritheoir dár gcuid a oibríonn ar conradh, as an tacaíocht ar fad a thug siad dúinn i rith na bliana.



Fred Barry
Cathaoirleach

FORLÉARGAS AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH



Ba í mí na Nollag 2019 cothrom 10 mbliana bhunú an Údaráis agus is cuí machnamh a dhéanamh, an tráth seo, ar an méid atá bainte amach thar na blianta sin agus breathnú amach romhainn chun na nithe ar mhaith linn a bhaint amach thar na chéad deich mbliana eile a leagan amach.

Ba é a bhí sa réasúnaíocht a bhain le bunú an Údaráis ná earnáil iompair chomhtháite a sholáthar trí phleanáil iompair agus úsáide talún a chomhtháthú agus trí modhanna iompair a chomhtháthú ionas gur féidir le paisinéirí gluaiseacht go héasca idir oibritheoirí agus modhanna éagsúla, lena n-áirítear siúl agus rothaíocht.

D'éirigh leis an Údarás a chuid sainorduithe a chomhlíonadh tríd is tríd d'ainneoin na ndúshlán shuntasacha a bhí ann mar thoradh ar an gcúlú eacnamaíochta a tharla an tráth céanna ar bunaíodh an Údaráis.

Ní cheapaim gurb aon áibhéil a rá go ndearna an tÚdarás formhaoirseacht ar chlaochlú ar an mbealach ina mbaineann paisinéirí úsáid as iompar poiblí. Faoin am seo, is furasta a ligean i ndearmad gurbh amhlaidh, deich mbliana ó shin, nach raibh rochtain ag paisinéirí ar an gCárta Leap, ní raibh fógairtí ar bord busanna nó traenacha ann, nach raibh faisnéis fhíoraima ar fáil do phaisinéirí ná nach raibh aon phleanálaí náisiúnta turas ar fáil agus go raibh an córas táillí casta agus doiléir. Ní raibh eagar maith ar an soláthar i leith iompair phoiblí i gceantair thuaithe agus ní raibh aon chomhcheangal idir é agus an chuid eile den líonra iompair phoiblí.

D'ainneoin maoiniúchán teoranta, bhíomar in ann Líne Ghlas agus Líne Dhearg LUAS a leathnú agus a cheangal lena chéile. D'éirigh linn scéimeanna rothar poiblí a chur i bhfeidhm i gCorcaigh, i nGaillimh agus i Luimneach agus, chomh maith leis sin, tacaíocht a thabhairt i leith scéim dublinbikes. Tá forbairt déanta ar bhealaí nua rothaíochta, leanadh d'infheistíocht a dhéanamh i bhflít busanna nua agus, le déanaí ar fad, tá ordú déanta againn le haghaidh dhá thraein nua don líonra iarnróid comaitéireachta.

Oibríonn an tÚdarás i gcomhpháirtíocht le raon leathan gníomhaireachtaí poiblí chun cur i bhfeidhm ár gcláir a áirithiú agus is mian liom a aithint nach mbeadh aon chuid den mhéid atá bainte amach againn indéanta gan tacaíocht agus tiomantas na ngníomhaireachtaí sin. De réir suirbhéanna atá déanta, léirítear go bhfuil custaiméirí an-sásta, tríd is tríd, le seirbhísí bus agus iarnróid. Go deimhin, is é atá i gcuid mhór den cháineadh a dhéantar faoin Údarás ná cáineadh á rá nach bhfuil an t-athrú á dhéanamh sách tapa agus is saincheist í sin a bhaineann go príomha le hacmhainní. Cé gurb ábhar díomá an méid sin i leith na ndeich mbliana atá imithe tharainn tá cúis mhaith againn a bheith dóchasach faoin todhchaí.

Le deich mbliana anuas, tá cuid mhór oibre déanta ar ullmhú pleananna straitéiseacha i ndáil le forbairt an bhonneagair iompair phoiblí inár mórchathracha ar fad, rud atá ina réamhriachtanais i dtaca leis an maoiniúchán riachtanach a áirithiú. I measc na mórthionscadal a tháinig chun cinn mar thoradh ar an bpróiseas sin áirítear cláir i ndáil le BusConnects, MetroLink agus Leathnú an DART. Ar an drochuair, níl luas na forbartha

i ndáil le mórtionscadail bonneagair iompair phoiblí a fhorbairt agus a chur i gcrích chomh tapa agus ba mhian le daoine nó, rud atá níos tábhachtaí fós, chomh tapa agus atá riachtanach. Ach, mar thoradh ar an bPlean Forbartha Náisiúnta 2018 - 2027, táthar ag cinntiú, sa deireadh, gur féidir na pleananna sin a chur ar aghaidh agus, go deimhin, táimid ag druidim leis an am gur féidir linn iarratais phleanála a thíolacadh le haghaidh na scéimeanna sin. Dá réir sin, tarlóidh fíorchlaochlú ar an líonra iompair phoiblí i Mó-Limistéar Bhaile Átha Cliath áit a gcónaíonn beagnach 40% den daonra, ar ndóigh.

Sa bhliain 2019, leanadh den mhéadú ar an éileamh ar sheirbhísí iompair phoiblí ar conradh. Faoi dheireadh na bliana, taifeadadh méadú níos mó ná 9% ar an líon paisinéirí agus sin an méadú bliantúil is airde ó tráth ar bunaíodh an tÚdarás. Sa bhliain 2019, rinneadh níos mó ná 81 milliún turas paisinéara breise ar sheirbhísí iompair phoiblí ar conradh, i gcomparáid leis an mbliain 2010. Baineadh an toradh sin amach cé gur lú an méid maoiniúcháin Stáitchiste a bhí ar fáil ina leith sin ná mar a bhí i gceist sa bhliain 2010. Dá réir sin, tá feabhas suntasach tagtha ar éifeachtúlacht. Ach, faoin am seo, tá gá againn le tuilleadh infheistíochta más mian linn leanúint de chustaiméirí a mhealladh.

Tar éis athbhreithniú mionsonraithe agus próiseas pleanála a chur i gcrích, chuir an tÚdarás bailchríoch ar 5 cinn de chonarthaí dírdhámhachtana le Bus Átha Cliath agus le Bus Éireann agus ar conradh nua dírdhámhachtana 10 mbliana le hIarnród Éireann. Tháinig na conarthaí leis na hoibritheoirí i bhfeidhm i rith mhí na Nollag. Mar thoradh ar na conarthaí nua, cinnteofar gur féidir leis na hoibritheoirí leanúint de sheirbhísí ardchaighdeáin a chur ar fáil.

Tá dul chun cinn mór déanta maidir le forbairt seirbhísí sorochtana iompair phoiblí. Is é an fhorbairt is spreagúla díobh sin na busanna íseal-urláir a fuarthas le déanaí lena n-úsáid ar bhealaí réigiúnacha ar fud na tíre. Le himeacht aimsire, cuirfear deireadh leis an easpa dínite a bhaineann le húsáideoirí cathaoireacha rothaí a bheith á n-ardú lena gcur ar bord seirbhísí. Tugadh tacaíocht do scéimeanna amhail an cárta 'Nóiméad Eile, le do thoil' nó JAM do dhaoine ar a bhfuil míchumas dofheicthe. Tá méadú mór tagtha ar an líon feithiclí sa fhlít tacsaithe atá sorochtana ag úsáideoirí cathaoireacha rothaí. Tá cuid mhór le déanamh fós, ar ndóigh ach tá léiriú soiléir tugtha ag an Údarás ar a thiomantas i leith na n-athruithe atá ag teastáil a dhéanamh.

I rith na bliana, lean an tÚdarás den obair atá ar siúl aige le tamall maidir le seirbhísí nua iompair phoiblí atá sorochtana. Cuireadh tús le seirbhís nua idir Sord agus Cill Dhéagláin i mí na Samhna agus tugadh isteach seirbhísí nua uirbeacha i gCathair Chill Chainnigh i mí na Nollag. Ina theannta sin, tugadh isteach roinnt seirbhísí nua Local Link i rith na bliana, lena n-áirítear seirbhís nua laethúil idir Droichead na Bandan agus Cionn tSáile.

Is maith is eol don Údarás, ar ndóigh, go bhfuil daoine den phobal taistil ag éileamh tuilleadh seirbhísí i gceantair a bhfuil seirbhísí iontu cheana féin agus, chomh maith leis sin, sna ceantair nach bhfuil seirbhísí ar bith iontu. Ach, ós rud é go bhfuil acmhainní teoranta, is príomhról de chuid an Údaráis é a chinntiú go ndéantar forbairt seirbhísí agus bonneagair a bhainistiú go cuí agus go dtugtar tosaíocht cheart don fhorbairt sin.

Amach anseo, níl aon saincheist níos tábhachtaí ann ná saincheist an athraithe aeráide. Is léir go bhfuil ról an-mhór ag iompar poiblí, agus ag siúl agus rothaíocht chomh maith, i dtaca leis an bhfreagairt náisiúnta ar éigeandáil an athraithe aeráide. Tá bearta tábhachtacha á ndéanamh ag an Údarás cheana féin chun laghdú a dhéanamh ar astaíochtaí carbóin trí infheistíocht a dhéanamh i bhflíteanna busanna agus iarnróid íseal-astaíochta. Sa bhliain 2019, bhunaíomar sainoifig chun luathú a dhéanamh ar bhealaí siúil agus rothaíochta a sholáthar. Ina theannta sin, cuireadh tús leis an bpróiseas a bhaineann le bunú sainoifige i gcomhair 'páirceáil agus taisteal'. Ach tá cur i bhfeidhm an chláir infheistíochta caipitiúla atá leagtha amach sa Phlean Náisiúnta Forbartha thar a bheith tábhachtach mar chéad chéim i ndáil le rogha i bhfad níos

tarraingtí, mar mhalairt ar an ngluaisteán, a thairiscint, go háirithe i gceantair uirbeacha. Bhí an tÚdarás in ann roinnt dul chun cinn suntasach a dhéanamh le linn a chéad deich mbliana, rud a tharla go formhór mar gheall ar thiomantas tréan luch bainistíochta agus fhoireann an Údaráis i leith athruithe dearfacha a chur i bhfeidhm ar mhaithe le húsáideoirí iompair phoiblí.

Tá mé muiníneach go leanfaidh fíorchlaochlú as an gclár infheistíochta atá beartaithe sna deich mbliana seo chugainn agus go soláthróidh an clár sin córas iompair phoiblí de chineál níos comhtháite, níos báúla ó thaobh cúrsaí comhshaoil de agus níos sorochtana.



Anne Graham
Príomhfheidhmeannach

PRÍOMHFHORBAIRTÍ & PRÍOMHÉACHTAÍ 2019

EANÁIR

Ba é Bealach 220 i gCathair Chorcaí, atá á oibriú ag Bus Éireann, an chéad seirbhís PSO (Oibleagáid Seirbhíse Poiblí) 24 huairé an chloig riamh de chuid na hÉireann

Tugadh isteach struchtúr nua táillí le haghaidh ceadúnais seirbhíse poiblí bus do phaisinéirí



FEABHRA

Cuireadh tús le scéimeanna deontais chun cabhrú le ceannach feithiclí leictreacha agus feithiclí atá sorochtana ag cathaoireacha rothaí ag an earnáil tacsaithe



MÁRTA

Rinneadh cinn dheireanacha de 24 bhealach bus i mBaile Átha Cliath a aistriú go rathúil chuig Go-Ahead Ireland



AIBREÁN

Bronnadh conradh i leith teicneolaíocht nua shoghluaiste ticéadaithe chun a chumasú do chustaiméirí iompair phoiblí a dticéid a íoslódáil chuig a bhfón cliste



BEALTAINÉ

Cuireadh tús le próiseas tairisceana le haghaidh flít nua leictreach/ceallra-leictreach iarnróid

Tháinig seirbhísí nua Local Link TFI i ngníomh idir Gleann Dá Loch agus Baile Chill Mhantáin

Tháinig seirbhís nua Local Link TFI i ngníomh idir an Ráth agus an Caisleán Nua



MEITHEAMH

Foilsíodh fodhlíthe nua maidir le busanna

Bronnadh conradh nua i leith oibríochtaí agus cothabháil LUAS ar Transdev Ireland



IÚIL

Mar chuid de chlár BusConnects, cuireadh tús le próiseas fála le haghaidh 600 bus hibrideacha dhá urlár

Cuireadh tús le seirbhísí nua deireadh seachtaine Local Link TFI sa samhradh idir Ros Mhic Thriúin agus Loch Garman

Mar thoradh ar chur chun cinn Kids Go Free, gintear 1.4 milliún turas iompair phoiblí saor in aisce ag leanaí

mar thoradh ar chur chun cinn tháille €1 Leap, gintear suas le 200,000 turas iompair phoiblí i nGaillimh agus Luimneach



LÚNASA

Rinneadh mórfeabhsúcháin ar sheirbhísí áitiúla bus i nDroichead Átha, i mBaile an Lígh agus i mBaile an Bhiaitaigh (Bealaí D1 & D2)

Rinneadh feabhsúcháin ar Bhealach 101 idir Droichead Átha agus Aerfort Bhaile Átha Cliath.

Rinneadh feabhsúcháin ar sheirbhís Local Link TFI idir Ros Cré agus Port Laoise

Lainseáladh clár piolótach maidir le seirbhísí áitiúla hacnaí a chur ar fáil i gceantair thuaithe ainmnithe



MEÁN FÓMHAIR

Chuir Local Link TFI Chorcaí tús le seirbhís nua laethúil idir Droichead na Bandan agus Cionn tSáile

Chuir Local Link TFI Thiobraid Árann tús le hoibriú seirbhíse nua laethúla a nascann Durlas le Luimneach tríd an bPort Nua & trí Ollscoil Luimnigh

Cuireadh tús le húsáid fhliú na gcóistí réigiúnacha nua íseal-urláir ar Bhealach 40 idir Sligeach agus Béal Átha Seanaidh




DEIREADH FÓMHAIR

Cuireadh tús le hoibriú an chéad chinn de 26 thram fhadaithe nua ar Líne Ghlas LUAS, rud a chuir spásanna breise ar fáil do phaisinéirí

Rinneadh feabhsúcháin ar sheirbhísí bus i gCathair Chorcaí, lena n-áirítear bealach nua idir Aerfort Chorcaí agus Inis Sionnach (Bealach 225)

Chuir Local Link TFI Loch Garman tús le hoibriú seirbhíse laethúla idir Guaire agus Séipéal na hAbhann



SAMHAIN

Tugadh isteach cárta JAM chun úsáid seirbhíse iompair phoiblí a éascú do dhaoine a bhfuil míchumas éisteachta agus míchumais dhofheicthe eile orthu

Fuair Baile Átha Cliath na chéad seirbhísí fóirdheontais bus de lá is d'oíche ar Bhealaí 15 agus 41

Cuireadh tús le seirbhís nua bus idir Sord agus Cill Dhéagláin (Bealach 197)

Cuireadh tús le comhairliúcháin poiblí maidir le tograí athbheithnithe i ndáil le hathdhearadh líonra busanna Bhaile Átha Cliath



NOLLAIG

Rinneadh conarthaí dírdhámhachtana nua a shíniú le Bus Átha Cliath, le Bus Éireann agus le hIarnród Éireann.

Cuireadh tús le hoibriú seirbhíse nua bus i gCathair Chill Chainnigh (Bealaí KK1 & KK2)

Rinneadh ordú le haghaidh flít nua chomaitéireachta iarnróid

Chuir Go-Ahead Ireland tús le hoibriú seirbhíse bus comaitéireachta i gCill Dara



SEIRBHÍSÍ

BUS AGUS IARNRÓID A SHOLÁTHAR

“*Tháinig méadú 25.5 milliún ar an líon paisinéirí ar na príomhsheirbhísí ar conradh*”

SEIRBHÍSÍ BUS AGUS IARNRÓID AR CONRADH

Tá conarthaí le haghaidh seirbhísí iompair phoiblí déanta ag an Údarás le roinnt oibritheoirí iompair phoiblí, idir chuideachtaí faoi úinéireacht an Stáit agus chuideachtaí príobháideacha, chun seirbhísí bus agus iarnróid a sholáthar atá riachtanach don tsochaí ach nach bhfuil inmharthana de ghnáth ó thaobh cúrsaí tráchtála de. Tá íocaíochtaí le hoibritheoirí san áireamh sna conarthaí sin le gur féidir leis na hoibritheoirí an fíorchostas a bhaineann le seirbhísí a chur ar fáil a chlúdach. Dá réir sin, is minic a thugtar seirbhísí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí, nó seirbhísí “PSO” ar na seirbhísí sin.

Tá dhá chineál conarthaí iompair phoiblí ann. Seo a leanas iad:

- » Conarthaí glanchostais faoina gcoinníonn an t-oibritheoir an t-ioncam go léir ó tháillí;
- » Conarthaí ollchostais faoina gcoinníonn an tÚdarás an t-ioncam go léir ó tháillí. Faoi láthair, is sa chatagóir sin atá gach conradh a bronnadh trí thairiscint iomaíoch, agus na conarthaí a bhaineann le Go-Ahead Ireland agus le seirbhís iarnróid éadroim LUAS san áireamh ; agus
- » Bronntar roinnt conarthaí gan próiseas iomaíoch tairisceana a reáchtáil ina leith. Tugtar Conarthaí Dírdhámhachtana ar chonarthaí den sórt sin. Tá Conarthaí Dírdhámhachtana ag an Údarás le Bus Átha Cliath, le Bus Éireann agus le hIarnród Éireann.

Cuimsíonn conarthaí an Údaráis i leith sheirbhísí iompair tuaithe Local Link meascán conarthaí ina n-áirítear conarthaí glanchostais, conarthaí dírdhámhachtana agus conarthaí ollchostais ar seoladh próiseas tairisceana comórtais ina leith.

CONARTHAÍ DÍRDHÁMHACHTANA

Caitheadh cuid mhaith den bhliain ag gabháil d’ullmhú conarthaí nua dírdhámhachtana le Bus Bhaile Átha Cliath, le Bus Éireann agus le hIarnród Éireann.

Rinne an tÚdarás conarthaí dírdhámhachtana le Bus Átha Cliath agus le Bus Éireann ar feadh tréimhse eile cúig bliana le héifeacht ón 1 Nollaig.

I gcás Iarnród Éireann, rinne an tÚdarás conradh dírdhámhachtana 10 mbliana eile le héifeacht ón 1 Nollaig, de réir an cheangail reachtúil atá air déanamh amhlaidh.

1. Bhronn an tÚdarás agus Bonneagar Iompair Éireann an conradh oibriúcháin le haghaidh LUAS i gcomhpháirt lena chéile. Tá bainistiú laethúil an chonartha oibriúcháin le haghaidh LUAS sannta ag an Údarás do Bhonneagar Iompair Éireann.

Sna conarthaí nua dírdhámhachtana, déantar foráil maidir leis an aistriú ó chonarthaí glanchostais go conarthaí ollchostais i rith na mblianta 2020 agus 2021. Fágfaidh sé sin go mbeidh na conarthaí dírdhámhachtana i gcomhréir le conarthaí an Údaráis ar seoladh próiseas iomaíocht tairisceana ina leith agus ina n-áirítear an Conradh le Go-Ahead Ireland agus an Conradh maidir le hiarnród éadrom LUAS. Ina theannta sin, áiríonn na conarthaí nua bearta breise maidir le spreagadh a thabhairt i leith feabhsúchán ar fheidhmíocht oibríochtúil ar leibhéal an bhealaigh ar leithligh.

CONARTHAÍ AR SEOLADH PRÓISEAS IOMAÍOCH TAIRISCEANA INA LEITH

Tar éis próiseas idirnáisiúnta tairisceana a sheoladh, rinne an tÚdarás agus Bonneagar Iompair Éireann an Conradh maidir le hOibríochtaí agus Cothabháil (O&M) líonra iarnróid éadroim LUAS a bhronnadh ar Transdev Ireland. Tháinig an Conradh i ngníomh i mí na Nollag tar éis na hidirthréimhse.

Rinneadh na céimeanna deiridh d'aistriú roinnt bealaí áitiúla agus fithiseacha i mBaile Átha Cliath chuig Go-Ahead Ireland a chur i gcrích idir Eanáir agus Márta.

Daingníodh gurbh é Go-Ahead Ireland an tairgeoir ar éirigh leis i dtaca le hoibriú seirbhíse nua bus (Bealach 197) idir Sord agus Cill Dhéagláin. Cuireadh tús leis na seirbhísí ar na bealaí nua i mí na Samhna.

I mí na Nollag, chuathas i mbun aistriú céimnithe seirbhísí bus comaitéireachta idir Cill Dara agus Cill Dhéagláin chuig Go-Ahead Ireland agus ghlac an t-oibritheoir oibriú Bhealaí 126 agus 130 chuige féin ó Bhus Éireann. Rinneadh roinnt feabhsúchán ar sheirbhísí agus, ina theannta sin, athuimhríodh seirbhísí le go mbeadh na huimhreacha níos oiriúnaí i dtaca le hathruithe sna seirbhíse de.

Bronnadh Conradh ar City Direct chun dhá bhealach bus uirbeacha a oibriú i gCathair Chill Chainnigh (Bealaí KK1 agus KK2). Cuireadh tús leis an tseirbhís ar an dá bhealach tamaillín roimh an Nollaig.

Tábla 1 - Príomhoibritheoirí na seirbhísí bus ar seoladh próiseas tairisceana ina leith

An tOibritheoir	Na bealaí a oibrítear
Andrew Wharton Coach Hire	Bealach 975 idir an Cabhán agus an Longfort
Bernard Kavanagh & Sons Limited	Bealach 817 idir Cill Chainnigh agus Baile Átha Cliath
Bus Éireann	Bealaí W1, W2, W3, W4 & W5 i gCathair Phort Láirge
City Direct	Bealaí KK1/KK2 i gCathair Chill Chainnigh
Go-Ahead Ireland	24 bhealach uirbeacha i mBaile Átha Cliath
Go-Ahead Ireland	3 bhealach réigiúnacha i gCill Dara
Go-Ahead Ireland	Bealach 197 idir Sord agus Cill Dhéagláin
JJ Kavanagh & Sons	Bealach 139 idir an Nás agus Baile Bhlainséir
M&A Coaches Limited	Bealach 828 idir Port Laoise agus Caiseal



AN LÍON PAISINÉIRÍ AGUS AN TIONCAM UATHU

Tháinig méadú 25.5 milliún, nó 9.5%, ar an líon paisinéirí ar na seirbhísí bus agus iarnróid ar conradh agus, mar thoradh air sin, tháinig méadú €42 milliún, nó 6.8%, ar an ioncam ó phaisinéirí.

Bhí ioncam LUAS níos mó ná na costais oibriúcháin. Gineadh barrachas oibriúcháin €15.3 milliún agus úsáidtear an t-airgead sin go páirteach chun maoiniúchán a chur ar fáil le haghaidh athnuachan sócmhainní agus chun feabhsúcháin a dhéanamh ar líonra LUAS.

Tábla 2 - Líon iomlán bliantúil na dturas ag paisinéirí ar phríomhsheirbhísí ar conradh (milliún)

Bliain	Bus Átha Cliath	Bus Éireann	Iarnród Éireann	Iarnród Éadrom Luas	Seirbhísí Eile PSO ²	An Clár Iompair Tuaithe	Iomlán
2018	140.0	35.3	48.0	41.8	1.6	2.3 ³	269.0
2019	138.3	39.9	50.1	48.3	15.4	2.5	294.5
Difríocht	-1.7	4.6	2.1	6.5	13.8	0.2	25.5

Tábla 3 - Ioncam ó phaisinéirí i dtaca le seirbhísí ar conradh (€ milliún)

Bliain	Bus Átha Cliath	Bus Éireann	Iarnród Éireann	Iarnród Éadrom Luas	Seirbhísí Eile PSO	An Clár Iompair Tuaithe	Iomlán
2018	232.7	87.1	220.9	73.4	2.2	1.9	618.2
2019	230.6	94.5	233.8	81.0	18.5	1.8	660.2
Difríocht	-2.1	7.4	12.9	7.6	16.3	-0.1	42.0

ÍOCAÍOCHTAÍ CÚITIMH

Sna conarthaí atá déanta ag an Údarás le hoibritheoirí iompair phoiblí, ar conarthaí iad a bhaineann le soláthar seirbhísí bus agus iarnróid atá riachtanach ó thaobh cúrsaí sóisialta de ach nach bhfuil inmharthana ó thaobh cúrsaí tráchtála de, áirítear íocaíochtaí a thugtar d'hoibritheoirí chun freastal ar an bhfíorchostas a bhaineann le soláthar na seirbhísí. Tugtar cúiteamh do na hoibritheoirí de réir a gcuid conarthaí i leith na seirbhísí a sholáthar.

Tábla 4 - Íocaíochtaí cúitimh Oibleagáide Seirbhíse Poiblí le hoibritheoirí iompair phoiblí (€ milliún)

Oibritheoir/Cineál Seirbhíse	Modh	An cineál conartha	Limistéar nó Bealach Oibriúcháin	Íocaíocht chúitimh 2018	Íocaíocht chúitimh 2019
Iarnród Éireann	Iarnród	Bronnadh Díreach	Náisiúnta	141.3	128.4
Bus Átha Cliath	Bus	Bronnadh Díreach	Baile Átha Cliath	47.5	53.5
Bus Éireann (Dírdhámhachtain)	Bus	Bronnadh Díreach	Náisiúnta (gan Baile Átha Cliath a áireamh)	54.3	66.4
Seirbhísí Iompair Tuaithe	Bus / DRT ⁴	Éagsúil	Náisiúnta	18.6	22.0
Seirbhísí Eile PSO	Bus	Ar mhodh tairisceana	Éagsúil	6.9	37.5
Transdev Ireland Limited	Iarnród Éadrom (LUAS)	Ar mhodh tairisceana	Dúiche Chathrach Bhaile Átha Cliath	0.0	0.0
Iomlán				268.5	307.8

2. féach Tábla 1

3. Figiúr athbhreithnithe don bhliain 2018

4. DRT = Iompar Ar Bhonn Éilimh



FEIDHMÍOCHT OIBRITHEOIRÍ AR CONRADH

Áirítear caighdeáin feidhmíochta i gconarthaí an Údaráis le hoibritheoirí PSO. Déantar tuarascálacha maidir le feidhmíocht oibritheoirí i gcomparáid leis na caighdeáin feidhmíochta sin a fhoilsiú ar láithreán gréasáin an Údaráis .

I gcás nach sroicheann oibritheoir na caighdeáin feidhmíochta íosta chomhaontaithe, déantar asbhaintí ó íocaíochtaí conartha atá dlite d'oibritheoirí. I gcásanna áirithe, faigheann oibritheoirí íocaíochtaí dreasachta i gcás ina bhfuil na caighdeáin feidhmíochta a bhaintear amach níos airde ná mar atá comhaontaithe.

I dTábla 5, taispeántar na hasbhaintí a thabhaigh oibritheoirí i rith na bliana mar aon leis na híocaíochtaí dreasachta a fuair siad.

I rith na bliana, bhuail an tÚdarás le hoibritheoirí go tráthrialta chun a bhfeidhmíocht a athbhreithniú i gcomparáid leis na caighdeáin feidhmíochta chomhaontaithe agus chun gníomhartha feabhais a chomhaontú chun aghaidh a thabhairt ar aon tearcfheidhmíocht.

Rinneadh measúnacht ar cháilíocht na seirbhíse, ar phoncúlacht agus ar iontaofacht i ndáil leis na bealaí a bhí á n-oibriú ag Go-Ahead Ireland a thuairisciú i dtuarascálacha feidhmíochta aonair den chéad uair. Rinneadh bealaí a bhí á n-oibriú ag Bus Éireann i gCathair Phort Láirge, ar bealaí iad nach n-áirítear ina chonradh Dírdhámhachtana, a thuairisciú ina n-aonar den chéad uair freisin.

Tábla 5 - Asbhaintí agus dreasachtaí a bhaineann le feidhmíocht agus a cuireadh i bhfeidhm sa bhliain 2019 (€m)

An tOibritheoir	Dreasachtaí a cuireadh i bhfeidhm	Asbhaintí a cuireadh i bhfeidhm
Iarnród Éireann	Ní hinfheidhme	0
Bus Átha Cliath	Ní hinfheidhme	1.847
Bus Éireann (Conradh Dírdhámhachtana)	Ní hinfheidhme	0.541
Go-Ahead Ireland	0.015	0.151
Bus Éireann (Conarthaí ar seoladh Próiseas Iomaíoch Tairisceana ina leith)	0.006	0.001
Luas	Ní hinfheidhme	0.592

TÁILLÍ

Tá freagracht reachtúil ar an Údarás i ndáil le táillí iompair phoiblí a shocrú i leith seirbhísí bus agus iarnróid, ar seirbhísí ar conradh iad.

Déantar próiseas cinnte táillí a chur i gcrích gach bliain le cinneadh a dhéanamh i dtaobh an gá na táillí a choigeartú. I rith na bliana, cinneadh an próiseas sin a roinnt ina dhá chuid trí chinneadh na dtáillí bliantúla agus na dtáillí míosúla a scaradh ó chinneadh na dtáillí eile.

I mí Dheireadh Fómhair, d'fhógair an tÚdarás an cinneadh a bhí déanta aige maidir le táillí bliantúla agus táillí míosúla. Seo a leanas príomhghnéithe an chinnidh: -

- » Leanúint de shimpliú a dhéanamh ar na táillí iompair phoiblí i limistéar Bhaile Átha Cliath mar ullmhúchán i leith chur i bhfeidhm Chlár BusConnects;
- » Méaduithe suas go 7% chun táillí na bpríomhoibritheoirí i mBaile Átha Cliath a ailíniú tuilleadh;
- » Laghdú 4.9% ar phraghsanna ticéad iloibritheora i gCrios na dTuras Gearr i mBaile Átha Cliath; agus
- » Laghduithe 4.4% ar tháillí Bhus Éireann ar sheirbhísí comaitéireachta i mBaile Átha Cliath agus laghduithe idir 6% agus 12.6% do mhic léinn sna cathracha réigiúnacha.

I dTábla 6, tugtar achoimre ar na gcoigeartuithe ar tháillí a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Nollaig.

Tábla 6 - Athruithe ceadaithe ar tháillí

An tOibritheoir	An Cineál Táille	Athrú
Bus Átha Cliath / Go-Ahead Ireland	Ticéid mhíosúla agus bhliantúla iloibritheora	-4.9% to +5.9%
	Ticéid mhíosúla agus ticéid bhliantúla	3.6%
Bus Éireann	Ticéid mhíosúla agus ticéid bhliantúla i Réigiún an Oirthir	-4.4% to 0.0%
	Ticéid mhíosúla agus ticéid bhliantúla ar bhonn líon na gcéimeanna a thaistealaítear	0.0%
	Táillí míosúla agus táillí bliantúla i gcathracha	-12.6% to 0.0%
	Ticéid mhíosúla agus bhliantúla iloibritheora eile	0.0%
Iarnród Éireann	Ticéid mhíosúla agus ticéid bhliantúla le haghaidh Chrios na dTuras Gearr i mBaile Átha Cliath	0.0%
	Ticéid iloibritheora mhíosúla agus ticéid bhliantúla iloibritheora le haghaidh Chrios na dTuras Gearr i mBaile Átha Cliath	-9.1% to 0.0%
	Ticéid mhíosúla agus ticéid bhliantúla Idirchathrach	0.0% to +0.8%
	Ticéid mhíosúla iloibritheora agus ticéid bhliantúla iloibritheora Idirchathrach	-16.7% to -9.1%
	Ticéid mhíosúla agus ticéid bhliantúla i gCorcaigh	0.0%
	Ticéid mhíosúla iloibritheora agus ticéid bhliantúla iloibritheora i gCorcaigh	0.0%
Luas	Ticéid mhíosúla agus bhliantúla iloibritheora	-9.1% to +5.9%
	Ticéid mhíosúla Tax-saver agus ticéid bhliantúla Tax-saver don LUAS	0.0% to +7.4%



BUSCONNECTS DUBLIN

I mí Dheireadh Fómhair, d'fhoilsigh an tÚdarás tograí athbhreithnithe le haghaidh athdhearadh an líonra busanna i mBaile Átha Cliath, ar tograí iad a ullmhaíodh tar éis breithniú mionsonraithe a dhéanamh ar an aiseolas a fuarthas mar fhreagairt ar thograí tosaigh an Údaráis a foilsíodh i rith na bliana 2018. Faoin am ar tháinig deireadh leis an dara próiseas comhairliúcháin i mí na Nollag, bhí thart ar 12,000 aighneacht faighte agus bhí tús curtha leis an obair ar thiomsú agus ar scrúdú na n-aighneachtaí sin.

ATHRUITHE AR SHEIRBHÍSÍ

Déantar athbhreithniú go tráthrialta ar sheirbhísí bus agus iarnróid, ar seirbhísí ar conradh iad, chun méadú ar úsáid iompair phoiblí a spreagadh agus chun freagairt ar éileamh athraitheach.

Déanann an tÚdarás gach athrú a mholtar a cheadú sula gcuirtear i bhfeidhm iad.

Bhreithnigh an tÚdarás 136 mholadh maidir le hathruithe ar sheirbhísí bus agus iarnróid. Déantar cur síos ar na príomhfhorbairtí sna míreanna sin ina dhiaidh seo den tuarascáil seo.

Go-Ahead Ireland

- » Rinneadh aistriú bealaí ó Bhus Átha Cliath a chur i gcrích go rathúil;
- » Méadaíodh an mhinicíocht ar Bhealaí 17, 18, 75, 75A, 76, 76a, 104, 114, 120, 175, 236, 236a agus 270;
- » Cuireadh seirbhís nua a oibrítear idir Sord agus Cill Dhéagláin i bhfeidhm i mí na Samhna tar éis próiseas tairisceana comórtais a sheoladh. Oibríonn Bealach 197 17 seirbhís fillte laethúla ó Luan go Satharn, mar aon le 14 sheirbhís fillte laethúla ar an Domhnach agus ar laethanta saoire poiblí; agus
- » I mí na Nollag, cuireadh tús le haistriú roinnt bealaí comaitéireachta ó Bhus Éireann chuig Go-Ahead Ireland agus rinneadh bealaí a oibrítear ar chonair an N7 a aistriú ar dtús. Seo a leanas na príomhthréithe den aistriú sin: -
 - Minicíocht 30 nóiméad idir Droichead Nua agus Baile Átha Cliath tríd an Nás, trí Bhaile Eoin agus tríd an gCill gach lá agus seirbhísí breise ag buaic-amanna;
 - Táthar chun seirbhísí tráthnóna a oibriú suas go dtí am an bhus deiridh ar 01:05 ó Bhaile Átha Cliath, ó Luan go Satharn;
 - Seirbhísí breise ó Bhaile Átha Í agus ó Chill Chuilinn, lena n-áirítear seirbhísí ceangail nua seachbhuaice go dtí an Nás, agus taisteal ar aghaidh ar fáil, ar Bhealach 126; agus
 - Seirbhísí nua do Ráth Daingean ar an Satharn agus ar an Domhnach.

Bus Átha Cliath

- » Tugadh isteach amchláir athbheithnithe ar bhealaí 13, 25a, 25b, 38 / 38a, 39a agus 70, rud a cuir feabhas ar mhinicíocht na seirbhísí i lár na seachtaine ag tráthanna seachbhuaice, sa tráthnóna agus ag deireadh na seachtaine;
- » Tugadh isteach Bealach 155 idir Bré agus IKEA trí Lár Chathair Bhaile Átha Cliath;
- » Tugadh isteach Bealach 66e idir Maigh Nuad agus Cathair Bhaile Átha Cliath trí Green Lane, Léim an Bhradáin;
- » Tugadh isteach Bealach 53a chun nasc sóisialta leis ceantar thoir thuaidh na cathrach a chur ar fáil;;
- » Cuireadh seirbhísí 24 huairé an chloig i bhfeidhm ar Bhealach 41 (Sráid na Mainistreach Íochtarach - Mainéar Shoirde trí Aerfort Bhaile Átha Cliath) agus ar Bhealach 15 (Cluain Ghrífin - Bóthar Bhaile Uí Chuilinn trí Lár Chathair Bhaile Átha Cliath); agus
- » Cuireadh seirbhísí breise ar fáil ar roinnt bealaí le linn buaic-amanna chun freastal ar an éileamh méadaithe, lena n-áirítear Bealaí 25, 25b, 54a, 67x, 69, 84x agus 140.

Iarnród Éireann

- » Rinneadh seirbhís tráthnóna níos déanaí ó Bhaile Átha Cliath go dtí an Muileann gCearr a thabhairt isteach i Meán Fómhair tríd an tseirbhís ó Stáisiún Uí Chonghaile, i mBaile Átha Cliath, go Maigh Nuad a leathnú.
- » Cuireadh seirbhís mhaidne ar aghaidh ar líne na Gaillimhe-Stáisiún Heuston chun acmhainneacht a mhéadú.

Bus Éireann (Dúiche Chomaitéireachta Bhaile Átha Cliath)

- » Chun léiriú a thabhairt ar shaincheistanna a bhaineann le méadú ar thrácht, tugadh isteach turais bhreise ar Bhealaí 101 agus 101x chun freastal ar éileamh méadaithe agus chun feabhas a chur ar phoncúlacht agus ar iontaofacht.

Bailte Móra

- » Tugadh isteach seirbhís nua (Bealach D2) ar líonra Bhaile Dhroichead Átha. In éineacht lena chéile, soláthraíonn Bealaí D1 (Droichead Átha - Baile an Bhiataigh - Baile an Lígh) agus D2 (Droichead Átha - Baile an Bhiataigh - Baile an Lígh trí Bhóthar an Chósta) minicíocht bhealaigh 15 nóiméad idir Baile an Lígh, Baile an Bhiataigh agus Droichead Átha.
- » Cuireadh dhá bhealach uirbeacha i bhfeidhm i gCathair Chill Chainnigh. Téann Bealach KK1 ó Pháirc Mhiondíola an Locha Bhuí go Timpeallán an N77 agus déanann freastal ar Shráid Phádraig Uachtarach, Acomhal Mhic Dhonncha, agus Bóthar Chaisleán an Chomair. Téann KK2 ó Inse an Phuirséalaigh go Ospidéal Naomh Lúcas agus stopann sí ar Bhóthar Bhaile Átha Cliath, Ionad Siopadóireachta na Páirce Nua, Stáisiún Mhic Dhonncha, Páirc Uí Nualláin agus Loreto. Téann an dá bhealach an tslí chéanna trí lár na cathrach, ag freastal ar Shráid na Parlaiminte, ar Chlós an Mhargaidh agus ar Shráid Eoin Uachtarach. Áirítear na príomhghnéithe seo a leanas sna bealaí nua: -
 - Cuirtear gach aon bhealach ar fáil gach 30 nóiméad ó Luan go Satharn.;
 - Oibrítear seirbhísí gach uair an chloig ar an Domhnach agus bíonn seirbhísí ann ina aghaidh na leathuaire i rith chroíchuid an lae.
 - Bíonn seirbhísí ar fáil go mall san oíche ar an Aoine agus ar an Satharn; agus
 - Rinneadh na stadanna bus a phábháil as an nua le “Kassell” chun rochtain ar an bhflít busanna íseal-urláir le haghaidh cathaoireacha rothaí a éascú.
- » Leanadh den obair phleanála ar fhorbairt seirbhísí nua bus uirbeacha do Cheatharlach, don Mhuileann gCearr agus do Phort Laoise agus le haghaidh seirbhísí feabhsaithe i mbailte Bhaile Átha Luain, Dhroichead Átha, Dhún Dealgan agus Shligigh.

Bus Éireann (Cathracha Réigiúnacha)

Corcaigh

- » Méadaíodh minicíocht ar Bhealach 220 ó 2 bhus san uair an chloig go 4 bhus san uair an chloig agus soláthraíodh seirbhísí i rith na hoíche ar fad agus ba é sin an chéad seirbhís 24 huaire an chloig a bhí á tairiscint sa Stát.
- » Rinneadh Bealach 216 (Mount Oval - Lár na Cathrach - Ospidéal Ollscoil Chorcaí) a leathnú chuig stáisiún nua ceann aistir i mBaile an Mhanaigh agus leathnaíodh na huaire seirbhíse chun minicíocht níos fearr a chur ar fáil do dhaonraí méadaitheacha an Phasáiste agus Bhaile an Mhanaigh. Mar thoradh ar an tseirbhís fheabhsaithe sin, agus ar Bhealach 223 chomh maith, tá trí sheirbhís ó Chorcaigh agus go Corcaigh á soláthar san uair an chloig.
- » Tugadh isteach seirbhís nua (Bealach 225) chun Inis Sionnach-Rinn an Scidígh-Carraig Uí Leighin-Baile Garbháin a nascadh le hAerfort Chorcaí. Mar thoradh ar an tseirbhís nua, soláthraítear an méid seo a leanas: -
 - Seirbhísí laethúla idir 04:00 agus 00:30;
 - Seirbhís gach 30 nóiméad i rith an lae;
 - Nascacht mhéadaithe idir Carraig Uí Leighin agus Rinn an Scidígh agus Baile Garbháin a chur san áireamh sa líonra iompair phoiblí; agus
 - Feithiclí íseal-urláir atá sorochtana go hiomlán.

Gaillimh

- » Cuireadh seirbhísí feabhsaithe i bhfeidhm ar Bhealaí 419 agus 424, lena n-áirítear seirbhísí breise a chur ar fáil sa tráthnóna.

Luimneach

- » Cuireadh amchláir fheabhsaithe i bhfeidhm le haghaidh na seirbhísí go léir sa chathair (Bealaí 301 - 306) agus soláthraíodh acmhainní breise chun feabhsúcháin shuntasacha a dhéanamh maidir le poncúlacht agus iontaofacht.

Port Láirge

- » Rinneadh aistriú bhealaí Chathair Phort Láirge ó Chonradh Dírdhámhachtana Bhus Éireann go conradh a mbeadh tairiscint chomórtais ann ina leith a chur i gcrích sa bhliain 2019. Faoin gclár sin, rinneadh feabhsúcháin leanúnacha ar sheirbhísí chun feabhas a chur ar phoncúlacht, ar iontaofacht agus ar eispéireas na gcustaiméirí.





IOMPAR TUAITHE / LOCAL LINK TFI

Tháinig méadú mór (+8.7%) ar úsáid seirbhísí iompair phoiblí, rud a léiríonn na feasachta méadaithí ar bhranda Local Link TFI agus an leathnú atá déanta ar sheirbhísí le blianta beaga anuas.


Tháinig méadú ar an bhfeasacht náisiúnta ar bhranda Local Link TFI, is é sin, méadú ó 46% sa bhliain 2018 go 56% sa bhliain 2019.

Ghlac Local Link TFI páirt i roinnt comhdhálacha agus imeachtaí náisiúnta, lena n-áirítear an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta i gCeatharlach, seó trádála Active Retirement Ireland, Over 50s Expo in Airéine Chumann Ríoga Bhaile Átha Cliath agus comhdháil Iris na bhFeirmeoirí dar teideal ‘Mná sa Talmhaíocht’ i Sligeach. Ina theannta sin, ghlac Local Link TFI páirt i bhFóram Náisiúnta Sábháilteachta Bóthair an Gharda Síochána.

EARRAÍ AGUS SEIRBHÍSÍ A FHÁIL

I mí Aibreáin, rinneadh próiseas fála an Údaráis chun eagraíochtaí a roghnú chun bainistíocht a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí Local Link TFI thar an tréimhse 2019 go 2022 a chur i gcrích trí chonarthaí le cúig cinn déag de thairgeoirí rathúla a shíniú go foirmiúil. Is iad seo a leanas na heagraíochtaí nua Local Link TFI: -

1. Local Link TFI Cheatharlach-Chill Chainnigh-Chill Mhantáin;
2. Local Link TFI an Chabháin - Muineachán;
3. Local Link TFI Chorcaí;
4. Local Link TFI Dhún na nGall-Shligigh-Liatroma;
5. Local Link TFI na Gaillimhe;
6. Local Link TFI Chiarraí;
7. Local Link TFI Chill Dara-Bhaile Átha Cliath Theas;
8. Local Link TFI Laoise-Uíbh Fhailí;
9. Local Link TFI Luimnigh-an Chláir;
10. Local Link TFI an Longfoirt-na hIarmhí-Ros Comáin;
11. Local Link TFI Lú-na Mí-Fhine Gall;
12. Local Link TFI Mhaigh Eo;
13. Local Link TFI Thiobraid Árann;
14. Local Link TFI Phort Láirge;
15. Local Link TFI Loch Garman;



SEIRBHÍSÍ TRÁTHNÓNA AGUS OÍCHE

I mí Eanáir, chríochnaigh an tÚdarás athbhreithniú tosaigh ar chlár píolótach Local Link TFI i leith seirbhísí tráthnóna agus oíche, ar clár é a tugadh isteach i samhradh na bliana 2018 chun a fháil amach conas a d'oibreodh seirbhísí den sórt sin dá gcuirfí i bhfeidhm iad. Mar thoradh air sin, cinneadh an clár píolótach a fhadú go dtí an 31 Márta. Ach, tar éis athbhreithniú eile a dhéanamh, cinneadh an clár píolótach a fhadú go dtí deireadh na bliana.

Bhí 65 sheirbhís nua ann sa chlár píolótach bunaidh, agus iad á gcur ar fáil i 26 chontae, agus is é a bhí i gceist le 23 cinn díobh ná leathnú ar sheirbhísí rialta iompair phoiblí a bhí ann cheana féin agus seirbhísí ar bhonn éilimh a bhí i gceist le 42 cheann díobh. I rith na bliana, rinneadh 6 sheirbhís ar bhonn éileamh a bhaint den chlár píolótach ó tharla nach raibh siad ag feidhmiú go maith.

AGHAIDH A THABHAIRT AR BHEARNAÍ SA SOLÁTHAR IOMPAIR TUAITHE

Tuigeann an tÚdarás nach féidir leis an earnáil iompair phoiblí freastal ar éilimh thaistil cuid mhór pobal i gceantair thuaithe na hÉireann ó tharla nach bhfuil sé ar fáil ar chor ar bith nó nach bhfuil sé ar fáil nuair atá sé ag teastáil.

Chun cabhair a thabhairt i leith aghaidh a thabhairt air sin, rinne an tÚdarás dhá scéim chúnamh deontais phíolótacha a fhorbairt agus a lainseáil.

1. Scéim Hacnaithe Ceantair Áitiúil Ainmnithe

Is é is cuspóir don chlár píolótach seo a mhairfidh bliain amháin ná cúnamh a thabhairt i ndáil le seirbhísí páirtaimseartha hacnaithe a sholáthar i 15 cheantar tuaithe ainmnithe nach féidir seirbhís lánaimseartha tacsaithe nó hacnaithe a chur ar fáil iontu. Ba é an líonra Local Link a bhainistíonn soláthar seirbhísí iompair áitiúil thar ceann an Údaráis a shainaithin na ceantair ainmnithe. Ceapadh scéim maoiniúcháin chun rannchuidiú leis na costais a ghabhann le soláthar na seirbhísí páirtaimseartha sin.

Seo a leanas na ceantair a ainmníodh:

Corcaigh: Ceantar Eadargóil	Cill Chainnigh: Bearna na Gaoithe	An Mhí: Ceantar na Coirre Míne
Dún na nGall: Leitir Mhic an Bhaird	Laois: Ceantar Sheanchua	Muineachán: Cúil Darach
Gaillimh: Dún Mór	Luimneach: Ceantar Bhaile Mháirtín/Bhaile an Bhrianaigh	Tiobraid Árann: Áth na Cairte
Ciarraí: Gleann Chárthaigh	An Longfort: An Choilleach Fhada	Port Láirge: Cnoc an Óir
Cill Dara: Ceantar Chill Bhearaigh	Maigh Eo: Cluain Cearbán	Loch Garman: An Baile Fada

2. AN SCÉIM IOMPAIR POBAIL

Forbraíodh an clár píolótach seo chun cabhrú le seirbhísí iompair pobail a sholáthar i gceantair thuaithe agus scéim i a bhaineann le tiománaithe deonacha a bheith ag soláthar seirbhísí iompair áitiúil chun a chumasú do phaisinéirí rochtain a fháil ar sheirbhísí agus ar shaoráidí áitiúla ar laethanta/tráthnónta sonracha. Iarradh ar líonra Local Link oibriú leis an bpobal chun tograí a fhorbairt a bheadh le breithniú ag an Údarás.

Ceapadh scéim maoiniúcháin chun rannchuidiú leis na costais a ghabhann le soláthar na seirbhísí cáilithe iompair pobail.



FORBAIRTÍ MAIDIR LE SEIRBHÍSÍ

San iomlán, cuireadh 12 seirbhís sceidealaithe thráthrialta nua Local Link i bhfeidhm i rith na bliana, rud a d'fhág gurbh é a bhí sa líon iomlán seirbhísí den sórt sin ná 75.

Tábla 7 - Seirbhísí nua áitiúla Local Link TFI

Limistéar Local Link	Ó	Go
Ceatharlach-Cill Chainnigh-Cill Mhantáin	Gleann Dá Loch	Baile Chill Mhantáin
Corcaigh	Droichead na Bandan	Cionn tSáile
Dún na nGall-Sligeach-Liatroim	Leifear	Leitir Ceanainn
Dún na nGall-Sligeach-Liatroim	Bun an Phobail	Leitir Ceanainn
Dún na nGall-Sligeach-Liatroim	Carn Domhnach	Cionn Mhálanna
Dún na nGall-Sligeach-Liatroim	Céideadh	Baile Shligigh
Ciarraí	Mainistir na Féile	Lios Tuathail
Laois-Uíbh Fhailí	Ros Cré	Port Laoise
Luimneach-An Clár	An Caisleán Nua	An Ráth
Tiobraid Árann	Ros Cré	An tAonach
Tiobraid Árann	Durlas	UL (Ollscoil Luimnigh) - Cathair Luimnigh
Loch Garman	Guaire	Baile na Cúirte

SEIRBHÍSÍ BUS CEADÚNAITHE

Is féidir le hoibritheoirí príobháideacha agus oibritheoirí poiblí seirbhísí bus a oibriú do phaisinéirí ar bhonn tráchtála, ach sin faoi réir ceadúnas a fháil ón Údarás. Ní fhaigheann seirbhísí bus ceadúnaithe aon fhóirdheontas ón Údarás.

STAITISTICÍ

Gach bliain, déanann an tÚdarás feasachán staitistiúil maidir le seirbhísí bus ceadúnaithe sa bhliain roimhe sin a ullmhú agus a fhoilsiú⁶. Ní raibh an próiseas bailithe agus tiomsaithe sonraí 2019 de chuid oibritheoirí bus ceadúnaithe curtha i gcrích roimh fhoilsiú na tuarascála seo.

GNÍOMHAÍOCHT CHEADÚNÚCHÁIN

Tháinig méadú suntasach ar an ngníomhaíocht cheadúnúcháin bus agus bhí méadú 15% ar an líon iarratas a fuair an tÚdarás agus bhí méadú 8% ar an líon cinntí a rinne sé.

I dTábla 8, tugtar sonraí maidir le hobair cheadúnúcháin an Údaráis i rith na bliana 2019.

Maidir leis na hiarratais ar cheadúnais nua agus/nó leasaithe, próiseáladh 64% díobh laistigh de dhá thréimhse ama tháscacha i leith iarratais den sórt sin a bhreithniú mar atá leagtha amach i dTreoirínte an Údaráis maidir le Ceadúnú Seirbhísí Poiblí Bus do Phaisinéirí.

6. Féach www.nationaltransport.ie/publications/statistics/bulletins/

Tábla 8 - Gníomhaíocht cheadúnúcháin bus

Cineál	An Líon a Fuarthas	An Líon Cinntí a Rinneadh	An Líon Tairiscintí a Rinneadh	An Líon Ceadúnas a Eisíodh	An Líon Ceadúnas a Cealaíodh	An Líon Iarratas ar Diúltaíodh Dóibh
Iarratas Nua	467	454	421	362	27	8
Leasú ar cheadúnais a bhí ann cheana féin	238	206	141	147	61	1
Ceadúnas a Athnuachan	235	232	Ní hinfheidhme	232	1	0
Ceadúnas a aistriú idir oibritheoirí	9	7	2	4	1	0
Ceadúnas a chúlghairm	12	13	Ní hinfheidhme	13	0	0
Ceadúnas a fhionraí go sealadach	7	7	Ní hinfheidhme	6	1	0

INROCHTAINÉACHT

Faoi láthair, níl sé de cheangal ar oibritheoirí ceadúnaithe bus aon choinníollacha i leith sorochtaineacht seirbhísí a chomhlíonadh.

Idir Meán Fómhair agus Samhain, chuaigh an tÚdarás i mbun comhairliúcháin poiblí i ndáil le hathruithe ionchasacha ar na coinníollacha i leith ceadúnas le haghaidh seirbhísí bus poiblí do phaisinéirí d'fhonn feabhas a chur ar shorochtaineacht seirbhísí. Fuarthas aighneachtaí ón tionscal, ó ghrúpaí leasmhara agus ón bpobal.

GNÍOMHAÍOCHT MAIDIR LE COMHLÍONADH

Lean an tÚdarás dá chleachtas i ndáil le hoibríochtaí comhlíontachta a dhíriú ar ghníomhaíochtaí oibritheoirí arb iad an bhagairt is mó iad ar iomláine an chórais ceadúnúcháin busanna nó ar shábháilteacht paisinéirí bus agus úsáideoirí eile bóthair. Bhí meascán gníomhaíochtaí, de chineál follasach agus de chineál rúnda, ann arís maidir le hoibríochtaí comhlíontachta.

Rinneadh iniúchadh ar níos mó ná 2,900 feithicil, idir bhusanna agus chóistí, le linn na hoibríochtaí sin a chur i gcrích. Mar thoradh air sin, d'eisigh an tÚdarás 198 litir shoiléiriúcháin chuig oibritheoirí agus lean 57 n-iarratas ar cheadúnas as sin. De bhreis air sin, thionscain an tÚdarás imeachtaí ionchúisimh de bharr seirbhís bus poiblí do phaisinéirí a bheith á soláthar gan cheadúnas agus d'éirigh leis na himeachtaí sin.

SEIRBHÍSÍ BUS IDIRNÁISIÚNTA

Bhí teagmháil fhorleathan ag an Údarás leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt i ndáil leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach ar oibriú seirbhísí cóiste agus bus ó Éirinn agus go hÉirinn.

7. Áiríonn sé seo cinntí a rinneadh maidir le hiarratais a fuarthas a fuarthas i rith na bliana 2018 agus a tugadh anonn go dtí an bhliain 2019.

SEIRBHÍSÍ CUSTAIMÉARA

“Fágfaidh Cárta JAM go mbeidh sé níos fusa do dhaoine ar a bhfuil míchumas dofheicthe nó bacainn chumarsáide úsáid a bhaint as seirbhísí iompair phoiblí”

CÁRTA JAM

I mí na Samhna, lainseáil an tÚdarás scéim chárta JAM lena ligtear do dhaoine ar a bhfuil deacracht foghlama, uathachas nó bacainn chumarsáide a ngá le ‘Nóiméad Eile’ a chur in iúl le linn dóibh seirbhísí iompair phoiblí a úsáid.

Roimh an lainseáil, fuair baill foirne túslíne in Iarnród Éireann, i mBus Átha Cliath, i mBus Éireann, in Go-Ahead Ireland agus in Local Link oiliúint chuí maidir le hoibriú Chárta JAM.

Faoi dheireadh na bliana, bhí níos mó ná 9,800 cárta JAM eisithe.

CÁRTA LEAP TFI

Léiríonn an fás a tháinig ar úsáid scéim Chárta Leap TFI an méadú ar úsáid iompair phoiblí. Go háirithe, tháinig méadú 15% ar luach iomlán an chaiteachais ar chreidmheas taistil agus tháinig méadú 14% ar líon iomlán na dturas ar íocadh astu le creidmheas taistil.

I mí an Mheithimh, díoladh an ceithre mhilliúnú Cárta Leap TFI. Is ar éigean a bhí bliain amháin caite ón tráth ar díoladh an trí mhilliúnú díolachán nuair a sroicheadh an chloch mhíle sin.

I mí Iúil, leathnaigh an tÚdarás an feachtas bliantúil dar teideal ‘Kids Go Free’ chun 4 seachtaine de thaisteal saor in aisce a thairiscint do shealbhóirí Chárta Leap Leanaí TFI in ionad an dá sheachtain a bhí ann i mblianta roimhe seo. D’éirigh chomh maith leis sin gur tháinig méadú ar líon iomlán na dturas ar fad a taifeadadh. Rud spreagúil ab ea an méadú ar an líon Cártaí Leap Leanaí a bhí gníomhach ag deireadh na bliana, is é sin le rá, méadú 30% i gcomparáid leis an mbliain roimhe seo.

Tháinig méadú 3% ar luach na dticéad Tax saver a díoladh agus is ionann an líon ticéad Tax saver anois agus 81% de na ticéid a díoladh ar Chárta Leap.

Maidir le luach iomlán an chreidmheasa taistil ar cuireadh leis trí úsáid a bhaint as an Aip Bhreisithe Creidmheasa Leap TFI le haghaidh fóin Android, tháinig méadú 47% air go dtí beagnach €68 milliún. Cé gur tháinig laghdú ar an sciar de bhreisithe creidmheasa a rinne miondíoltóirí, is é sin, laghdú go 41% ó 45%, de réir mar a thosaigh custaiméirí ag úsáid aip Leap, tháinig méadú ar an luach iomlán a phróiseáil miondíoltóirí, is é sin, méadú €8 milliún go dtí luach iomlán €111 mhilliún. Dá réir sin,

cé go bhfuil líon níos mó daoine ag úsáid na hAipe Breisithe Creidmheasa, phróiseáil miondíoltóirí luach níos airde sa bhliain 2019 ná mar a bhí ann sa bhliain 2018, rud a tharla mar thoradh ar fhás na scéime. Chláraigh roinnt oibritheoirí bus tráchtála breise le Scéim Chárta Leap TFI agus leathnaíodh an líonra pointí díola miondíola.

D'eisigh an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí 155,000 Cárta Seirbhíse Poiblí a bhí cumasaithe i leith Saorthaistil, rud a d'fhág gurbh é a bhí sa líon iomlán pasanna saorthaistil a bhí comhoiriúnach le Leap ná corradh le 1.23 milliún faoi dheireadh na bliana. Taifeadadh gur úsáideadh na pasanna saorthaistil sin chun taisteal a dhéanamh níos mó ná 35 mhilliún uair i rith na bliana, sin méadú 16% i gcomparáid leis an mbliain 2018.

De bhreis air sin, rinneadh obair ullmhúcháin i leith na pleanála maidir le trealamh nua ticéadaithe a chur ar fáil agus maidir le tabhairt isteach íocaíochtaí cárta bainc gan tadhaill agus, ina theannta sin, cuireadh tús le tionscadal 'siniú isteach singil' le go mbeadh sé níos fusa do chustaiméirí cuntas aonair a úsáid chun clárú a dhéanamh ar láithreáin ghréasáin éagsúla agus ar aipeanna éagsúla an Údaráis.

Tábla 9 - Fás i leith Chártaí Leap

Réimse	2019	2018	Athrú % 2019 v 2018
An líon Cártaí Leap TFI a díoladh	913,971	823,580	+11%
An líon Pasanna Saorthaistil ⁸ a eisíodh	155,379	166,150	-6%
Luach an Chreidmheasa Breise Taistil a fuarthas	€267.7 milliún	€228.6 milliún	+17%
Luach an Chreidmheasa Breise Taistil a úsáideadh	€240.4 milliún	€209.0 milliún	+15%
Díolacháin táirgí ticéid	€108 milliún	€100.3 milliún	+8%
Turais (gan Pasanna Saorthaistil a áireamh)	163.8 milliún	145.4 milliún	+13%
Turais (a rinneadh le Pasanna Saorthaistil)	35.3 milliún	30.4 milliún	+16%
Breisiú Creidmheasa trí Aip Bh-reisithe Creidmheasa Leap TFI	€67.8 milliún	€46 milliún	+47%

TICÉADÚ DON CHÉAD GHLÚIN EILE

Is mian leis an Údarás córais nua ticéadaithe de chineál níos solúbtha a thabhairt isteach trína thionscadal maidir le Ticéadú don Chéad Ghlúin Eile, ar gné thábhachtach é de Chlár BusConnects.

Mar thoradh ar an tionscadal sin, cuirfear feabhas ar eispéireas foriomlán an chustaiméara trína chumasú do chustaiméirí cárta dochair nó cárta creidmheasa nó fón cliste a úsáid chun íoc as taisteal. De bhreis air sin, beidh modhanna íocaíochta níos cliste ann agus tairgfear líon níos mó roghanna iaríocaíochta (gan ach breisiú creidmheasa uathoibríoch a bheith ar fáil) mar aon leis an gcumas a fhágfaidh gurb é an táille is fearr don chustaiméir a ghearrfar.

I mí Aibreáin, sroicheadh cloch mhíle shuntasach de chuid na chéad chéime den tionscadal seo nuair a d'fhógair an tÚdarás bronnadh conartha chun réiteach ticéadaithe soghluaiste a sholáthar agus a chothabháil le haghaidh iompar poiblí, ar réiteach é a chumasóidh do chustaiméirí raon ticéad iompair phoiblí a cheannach agus an ticéad a íoslódáil chuig a bhfóin phóca.

8. Is é an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí a eisíonn Pasanna Saorthaistil

CÓRAIS AGUS SEIRBHÍSÍ FAISNÉISE TAISTIL (TISS)

Cuimsíonn TISS córas na Faisnéise Fíor-Ama do Phaisinéirí (RTPI) agus córas an Phleanálaí Náisiúnta Turas, ar córais iad atá mar bhuntaca do sholáthar faisnéise dinimiciúla faoi iompar poiblí do chustaiméirí trí bhíthin aipeanna, láithreáin ghréasáin agus cláir taispeána ar an tsráid. De réir mar a thugtar isteach seirbhísí nua iompair phoiblí agus de réir mar a dhéantar athruithe ar sheirbhísí atá ann cheana féin, déantar TISS an Údaráis a uasdátú lena chinntiú go dtugtar faisnéis chruinn do phaisinéirí.

Soláthraíonn an tÚdarás faisnéis faoi iompar poiblí trí roinnt bealaí éagsúla, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

- » Amchláir a bhaineann le stadanna sonracha agus léaráidí bealaigh ag stadanna bus agus i stáisiúin tram;
- » Cláir thaispeána leictreonacha fíorama ag stadanna bus áirithe (tuairim is 800 ceann ar fud na tíre); agus
- » Feidhmchláir fóin póca TFI agus láithreáin ghréasáin ina dtaispeántar faisnéis faoi thaisteal atá beartaithe agus faoi thaisteal fíorama ar fud na líonraí.

Déantar an fhaisnéis go léir a chomhroinnt le cainéil tríú páirtí amhail Google Maps, HERE Maps, Apple Maps agus an pobal sonraí oscailte.

Sa bhliain 2019, díriodh go príomha ar na bealaí bus a oibríonn Go-Ahead Ireland a chomhtháthú go hiomlán isteach i dtáirgí faisnéise TFI agus ar an bhfaisnéis sin a chomhroinnt le cainéil tríú páirtí. Lena chinntiú go bhféadfadh an córas leanúint de bheith ag freastal ar na héilimh mhéadaithe ar fhaisnéis baineadh úsáid as bonneagar nua néal-óstáilte.

Rinneadh seirbhís faisnéise fíorama do phaisinéirí a fhorbairt lena húsáid ag tríú páirtithe. Tríd an tseirbhís nua sin, déanfar faisnéis uasdátaithe fíorama faoi chúrsaí taistil a sholáthar do Apple Maps, do Bing Maps, do Google Maps agus do Moovit den chéad uair agus leanfar de sheirbhís fíorama a sholáthar don phobal sonraí oscailte.

Ó tharla go bhfuil na conarthaí reatha TISS le dul in éag go luath, chuir an tÚdarás tús le próisis fála ar leithligh i leith cláir thaispeána faisnéise fíorama do phaisinéirí a sholáthar agus i leith an Phleanálaí Náisiúnta Turas. Faoi dheireadh na bliana, bhí dul chun cinn maith déanta maidir leis an dá phróiseas fála sin.

Chinn an tÚdarás go ndéanfaí leathnú beag ar an líonra clár taispeána ar an tsráid. Cuireadh tús leis an gclár leathnaithe i dtrátha dheireadh na bliana.

Lean an tÚdarás de shuirbhéanna a dhéanamh chun cruinneas na faisnéise a thaispeántar ar chlár thaispeána ar an tsráid a chinneadh. San iomlán, rinneadh 324 shuirbhé i rith na bliana 2019.

Tábla 10 - Torthaí suirbhéanna a rinneadh chun cruinneas amanna imeachta busanna ar chlár thaispeána RTPI a thomhas

Oibritheoir (Suíomh)	R1	R2	R3	R4
Bus Éireann (Port Láirge)	98%	97%	98%	84%
Bus Éireann (Luimneach)	64%	74%	95%	62%
Bus Éireann (Gaillimh)	94%	89%	67%	86%
Bus Éireann (Corcaigh)	78%	80%	81%	90%
Bus Éireann (Mór-Limistéar Bhaile Átha Cliath)	71%	ní hinheidhme ⁹	81%	81%
Bus Átha Cliath (Baile Átha Cliath) ¹⁰	98%	95%	97%	96%
Go-Ahead Ireland (Baile Átha Cliath)	82%	84%	94%	83%

9. Tháinig saincheist maidir le cáilíocht na sonraí chun cinn i rith thréimhse shuirbhé Ráithe 2

10. sa bhliain 2019, rinneadh athrú ar na suirbhéanna ar sheirbhísí Bhus Átha Cliath sa mhéid gur cuireadh tús le tomhas a dhéanamh ar amanna imeachta ó stadanna bus. Roimhe sin, rinneadh an t-am a shroich an bus an stad bus a thomhas le linn suirbhéanna ar sheirbhísí Bhus Átha Cliath.

CEARTA PAISINÉARA

Is é an tÚdarás an comhlacht forfheidhmiúcháin ainmnithe in Éirinn i leith Rialachán an Aontais Eorpaigh maidir le cearta paisinéara nuair a thaistealaíonn siad d'iartróid, ar muir agus ar bhus/chóiste. I measc na gcearta sin, áirítear neamh-idirdhealú agus cúnamh do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil soghluaisteacht laghdaithe acu, faisnéis a thabhairt do gach paisinéir roimh a dturas agus lena linn, cúnamh a thabhairt do gach paisinéir i gcás ina dtarlaíonn moilleanna agus, in imthosca áirithe, cúiteamh a thabhairt i leith moilleanna fada nó cealú turais.

Thug an tÚdarás freagra ar níos mó ná 200 fiosrú ó dhaoine den phobal maidir lena gcearta faoi na rialacháin. San iomlán, fuarthas 95 ghearán ar bhain an chuid is mó díobh le hiompar ar muir. Bhain na príomh-shaincheistean a ardaíodh le heaspa faisnéise, le moilleanna, le cealú agus le cúnamh do phaisinéirí a raibh a soghluaisteacht laghdaithe.

I mí Eanáir, dhaingnigh an tÚdarás an cinneadh a rinne an Bord i mí Dheireadh Fómhair 2018 maidir le cealú seoltaí samhraidh ag Irish Ferries ar an soitheach ar a dtugtar WB Yeats. Sheirbheáil an tÚdarás fógraí ar Irish Ferries maidir le sáruithe ar Airteagail 18 agus 19 den Rialachán maidir le Cúrsaí Muirí. Sna fógraí sin, leagadh amach bearta a bhí le déanamh ag Irish Ferries laistigh de thréimhse 2 mhí.

I mí an Mhárta, lorg Irish Ferries cead ar an Ard-Chúirt chun imeachtaí a thionscnamh d'fhonn cur i gcoinne chinneadh an Údaráis, agus deonaíodh an cead sin dóibh, agus chuir an Ard-Chúirt “bac” ar theacht i bhfeidhm chinneadh agus fhógraí an Údaráis go dtí go mbeadh toradh na n-imeachtaí ar eolas.

D'éist an Ard-Chúirt iarratas ó na páirtithe ábhair áirithe a bhain le léiriú agus infheidhmeacht an Rialacháin maidir le Cúrsaí Muirí a tharchur chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) agus chinn an Ard-Chúirt, i mí Iúil, na hábhair sin a tharchur chuig CBAE.

SÁSTACHT CHUSTAIMÉARA

Choimisiúnaigh an tÚdarás suirbhéanna arís chun measúnú a dhéanamh ar na leibhéil sástachta i measc custaiméirí i dtaca le hoibritheoirí agus le seirbhísí iompair phoiblí ar conradh. Seoladh na suirbhéanna in dhá chéim i rith Meithimh/Iúil agus Mheán Fómhair/Dheireadh Fómhair. San iomlán, cuireadh 5,015 chustaiméir faoi agallamh.

San iomlán, bhí na leibhéil sástachta le seirbhísí ard i gcónaí. De réir na dtorthaí, bhí 87% de na paisinéirí sásta leis an tseirbhís a bhí á sholáthar ag a n-oibritheoir iompair i gcomparáid le 93% an bhliain roimhe sin. D'ainneoin an laghdaithe sin, léirigh 86% de na freagróirí go raibh an tseirbhís mar an gcéanna leis an mbliain roimhe sin nó níos fearr ná an tseirbhís sin.

Fíor 1 - Sástacht le seirbhísí iompair phoiblí



GRADAIM

I mí na Samhna, fuair Local Link Mhaigh Eo Gradam an Iompair Aoisbháúil le linn ócáid Ghradaim Náisiúnta Aitheanta agus Ghnóthachtála Náisiúnta Aoisbhá i bPáirc an Chrócaigh. Leis an ngradam sin, tugadh aitheantas don tionchar a bhí ag seirbhísí Local Link Mhaigh Eo ar shaol daoine scothaosta a bhfuil cónaí orthu i bpobail tuaithe Mhaigh Eo.

TAISTEAL INBHUANAITHE

A CHUR CHUN CINN AGUS TACÚ LE TAISTEAL INBHUANAITHE

“

Tá roghchlár nua ar láithreán gréasáin nua TFI, ar roghchlár é a fhágann go bhfuil sé níos fusa nascleanúint a dhéanamh go háirithe ar fheistí soghluaiste.

”

FEACHTAS FRITHCHINÍOCHAIS

I gcomhar leis an gComhairle um Inimircigh in Éirinn agus le hoibritheoirí iompair phoiblí, d'oibrigh an tÚdarás ar fheachtas eile chun aird a tharraingt ar theagmhais ciníochais a tharlaíonn ar sheirbhísí iompair phoiblí.

Ba é an feachtas sin an ceann ba mhó go dtí seo agus seoladh i mí Lúnasa é. Ba é a bhí mar théama don fheachtas ná Bí linn ar an Aistear agus tugadh spreagadh d'úsáideoirí iompair phoiblí 'féiníní' a chur ar fáil lena gcur san áireamh i múrphictiúr a bheadh dírithe ar an bhfeachtas agus a bheadh le feiceáil i Stáisiún Heuston.

SEIRBHÍSÍ TFI A CHUR CHUN CINN

I rith na bliana ar fad, chuaigh an tÚdarás i mbun cuid mhór feachtas chun méadú a dhéanamh ar an bhfeasacht faoi sheirbhísí nua agus faoi fheabhsúcháin ar sheirbhísí a bhí ann cheana féin ar fud líonra iompair phoiblí TFI. I measc na bhfeachtas sin áiríodh bealach nua ó Chill Dhéagláin go Sord, lainseáil dhá bhealach nua i gCathair Chill Chainnigh, feabhsúcháin ar an tseirbhís i mBaile Átha Luain, i nDroichead Átha agus i gCorcaigh agus aistriú roinnt bealaí i mBaile Átha Cliath agus i gCill Dara chuig Go-Ahead Ireland.

AN NOLLAIG

Thar thréimhse na Nollag, tháinig láithreán gréasáin TFI chun bheith ina shiopa ilfheidhme le haghaidh na faisnéise ar fad maidir le hiompar poiblí agus cuireadh amchláir agus athruithe ar sheirbhísí ar fáil ar an ardán sin.

I rith mhí na Nollag, reáchtáladh feachtas margaíochta chun spreagadh a thabhairt i leith iompar poiblí a úsáid thar an tréimhse shaoire.



LOCAL LINK TFI A CHUR CHUN CINN

- » I mí Aibreáin, Chuir an tÚdarás a bhranda Local Link TFI i mbaint leis an Irish Farmers Journal, a meastar ina leith go mbíonn 263,000 léitheoir aige in aghaidh na seachtaine, chun eagrán 28 leathanach a chruthú. Rinneadh cur síos sa nuachtán seachtainiúil sin ar shé cinn de réigiúin Local Link agus soláthraíodh anailís mhionsonraithe ar na seirbhísí taistil tuaithe a chuireann Local Link TFI ar fáil;
- » I mí Bhealtaine, i gcomhar le Active Retirement Ireland, cuireadh seirbhísí Local Link TFI chun cinn trí leas a bhaint as líonra náisiúnta na heagraíochta sin ina bhfuil níos mó ná 24,000 ball;
- » I mí Iúil, mar thoradh ar fheachtas Local Link TFI an Údaráis dar teideal Kids Go Free, rinneadh 22,055 thuras, is é sin le rá, thart ar 26% de na turais ar fad a rinneadh i mí Iúil. Mar thoradh ar fheachtas Kids Go Free tháinig méadú 44% ar an líon paisinéirí i mí Iúil;
- » I Meán Fómhair, chuir an tÚdarás taispeántas ar fáil faoi Local Link le linn an Chomórtais Náisiúnta Treabhdóireachta;
- » I mí Dheireadh Fómhair, d'oibrigh an tÚdarás le Fáilte Éireann chun seirbhísí Local Link TFI a chur chun cinn feadh Shlí an Atlantaigh Fhiáin; agus
- » Chomhoibrigh seirbhísí Local Link an Údaráis le hIarnród Éireann chun amchláir Local Link TFI a chur ar fáil ag stáisiúin iarnróid a bhfuil seirbhísí ceangail ar fáil iontu.

MEÁIN SHÓISIALTA

Tháinig méadú suntasach ar líon leantóirí an Údaráis ar mheáin shóisialta, go háirithe ar Twitter, rud a ghin teagmháil shuntasach ar mhodh freagairtí, tuairimí agus comhranta.

Tábla 11 - Líon leantóirí an Údaráis ar mheáin shóisialta éagsúla

Ardán	2018	2019	Méadú
Facebook	8,400	11,000	2,600
Twitter	28,000	34,000	6,000
Instagram	299	1,300	1,001
LinkedIn	1,700	4,500	2,800
Iomláin	38,399	50,800	12,401



LÁITHREÁIN GHRÉASÁIN

Leanadh den mhéadú ar ghníomhaíocht ar gach ceann ar leith de phríomhláithreáin ghréasáin an Údaráis agus bhí méaduithe suntasacha ar ghníomhaíocht ar láithreáin ghréasáin Local Link, Taisteal Níos Cliste agus TFI. Tharla méadú 78% ar ghníomhaíocht ar láithreán gréasáin Local Link de bharr mórfheachtais fógraíochta i mí Eanáir, i mí Feabhra agus i mí Bhealtaine.

I mí na Nollag, lainseáil an tÚdarás láithreán gréasáin nua TFI. Tá roghchlár nua ar an láithreán gréasáin, ar roghchlár é a fhágann go bhfuil sé níos fusa nascleanúint a dhéanamh go háirithe ar fheistí soghluaiste. Áiríonn an láithreán gréasáin nua gné nua a bhaineann le hamanna imeachta lena chumasú d'úsáideoirí rochtain a fháil go héasca ar fhaisnéis fíorama fo phaisinéirí.

Tábla 12 - Gníomhaíocht ar Láithreáin Ghréasáin

Láithreán Gréasáin	2018	2019	Athrú mar %
www.transportforireland.ie	1,714,091	2,534,380	48%
www.leapcard.ie	1,597,092	1,962,809	23%
www.nationaltransport.ie	486,149	484,898	0
www.busconnects.ie	203,057	149,633	-26%
www.locallink.ie	105,321	187,761	78%
www.smartertravel.ie	29,911	49,134	64%
Iomláin	4,135,621	5,368,615	30%

TAISTEAL NA SCOILEANNA GLASA

Oibríonn Clár Thaisteal na Scoileanna Glasa le scoileanna chun modhanna iompair níos inbhuanaithe, i dtaca le dul ar scoil de, a chur chun cinn i measc daltaí, múinteoirí agus tuismitheoirí. Is é an Taisce a oibríonn an Clár sin thar ceann an Údaráis.

Thug Oifigigh 'Taisteal na Scoileanna Glasa' cuairt ar 2,209 scoil ar fud na tíre i rith na bliana agus chuir siad 214 iniúchadh 'insiúltacht', mar aon le 64 iniúchadh 'inrothaíochta', i gcrích. Is é is cuspóir do na hiniúchtaí sin ná aon bhacainní a shainaithint a mhéid a bhaineann le siúl ar scoil nó dul ar scoil ar rothar i gcás na scoileanna a ndéantar iniúchadh orthu. Cuireadh torthaí na n-iniúchtaí faoi bhráid na n-údarás áitiúil iomchuí.

Soláthraíodh páirt-mhaoiniúchán trí thionscadal 'Taisteal na Scoileanna Glasa' le go bhféadfadh 4,830 mach léinn bunscoile oiliúint Cycle Right a fháil agus, chomh maith leis sin, cuireadh maoiniúchán ar fáil le haghaidh 330 spás páirceála rothair i 24 scoil, mar aon le 920 spás páirceála scútair i 39 scoil ar fud na tíre.

Reáchtáil Scoileanna Glasa roinnt imeachtaí náisiúnta arís chun spreagadh a thabhairt do leanaí scoile a bheith gníomhach agus iad ag dul ar scoil, lena n-áirítear an méid seo a leanas: -

- » An Dúshlán Taistil MÓR;
- » Seachtain Náisiúnta 'Dul ar Scoil ar Scútar' i mí an Mhárta, ar ghlac os cionn 2,000 rannpháirtí páirt ann;
- » Seachtain Náisiúnta 'Siúl ar Scoil' i mí Bhealtaine, ar ghlac os cionn 15,000 rannpháirtí páirt ann; agus
- » Seachtain Náisiúnta 'Dul ar Scoil ar Rothar' i mí an Mheithimh, ar ghlac os cionn 5,000 rannpháirtí páirt ann.

Lainseáil Scoileanna Glasa an chéad Seachtain Aeir Ghlain riamh a raibh sé mar aidhm aige méadú a dhéanamh ar fheasacht faoi thruailliú aeir agus bearta a dhéanamh, ag



geata na scoile, chun truailliú aeir a laghdú. Iarradh ar mhic léinn gealltanais a thabhairt i leith #BeatAirPollution agus bhí ceardlanna a reáchtáladh i scoileanna dírithe ar an bhFoireann Uirlisí “No-Idling” agus ar acmhainní Cáilíochta Aeir. Shroich an feachtas daonra 125,000 mac léinn ar a laghad.

Ina theannta sin, lainseáladh feachtas rothaíochta do mheánscoileanna dar teideal #andshecycle chun scrúdú a dhéanamh ar na bacainní atá le sárú ag cailíní sna déaga ar mhaith leo dul ar scoil an rothar. De réir meastacháin a rinneadh, shroich an feachtas beagnach milliún duine.

CLÁIR ‘TAISTEAL NÍOS CLISTE’

Is é atá i gceist le hIonaid Oibre ‘Taisteal Níos Cliste’ agus Campais ‘Taisteal Níos Cliste’ ná cláir náisiúnta dheonacha athraithe iompraíochta trína dtugtar tacaíocht d’fhostóirí agus d’institiúidí tríú leibhéal i leith pleananna taistil inbhuanaithe do bhaill foirne agus do mhic léinn a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

Tugann an clár spreagadh do bhaill foirne agus do mhic léinn an turas comaitéireachta ar fad, nó cuid de, a dhéanamh de shiúl na gcos agus feabhas a chur ar a sláinte agus ar a bhfolláine.

Mheall dúshlán Walktober 5,289 rannpháirtí as 74 ionad, idir ionaid oibre agus champais. Rinne na rannpháirtithe 1.47 billiún coiscéim i rith mhí Dheireadh Fómhair, rud atá comhionann le thart ar 9,000 coiscéim an duine sa lá.

Mheall Ghradaim Champas ‘Taisteal Níos Cliste’ 159 n-iontráil ó mhic léinn maidir le bealaí chun siúl, rothaíocht, iompar poiblí agus carr-roinnt a chur chun cinn. De bhreis air sin, thíolaic 14 léachtóir iontrálacha le haghaidh Ghradam na Léachtóirí. Déantar na buaiteoirí a liostú i dTábla 13.

Table 13 – Smarter Travel Campus Awards Winners

Catagóir	Buaiteoirí
Bainistíocht Imeachtaí & Sláinte	Luke O’Driscoll, William Horan, Christopher Asmus agus Kate McMahon, Ollscoil Luimnigh
Ilmheáin	Chris Britton, Dylan Flynn (Clos-Ilmheáin) agus Dara Darcy (Beochan Ilmheáin), Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh
An Físeán Is Fearr	Ruth Barnes, Mark Bergin agus Edward Hannon (Físeán Ilmheáin), Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh
Dearadh & Léaráidí Grafaice	Dion Breen (Dearadh Grafaice Ilmheáin) agus Didi Delaney (Léaráidí Ilmheáin), Coláiste Breisoideachais Luimnigh

Innealtóireacht & Nuálaíocht - Teicneolaíocht	Taidhg Treacy, Sean Callaghan, Caoimhe McDonnell agus Katelyn Gallagher, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
Innealtóireacht & Nuálaíocht - Dearadh	Peter Healy, Vaibhav Sethi, Samarth Naresh, Luke O'Higgins agus Patrick Devaney, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
Gradam na Léachtóirí 2019	Nora Ní Fhlatharta agus Roisin Crowley, Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh (Ilmheáin) Jenny O'Connor, Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge (Bainistíocht Sláinte & Imeachtaí) Gareth Bennett, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (Innealtóireacht)

WALK AND RIDE

I mí na Samhna, i gcomhar le 'Éire Shláintiúil' agus leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, d'eagraigh an tÚdarás feachtas Walk and Ride a raibh sé mar aidhm aige spreagadh a thabhairt do dhaoine chun bheith rud beag níos gníomhaí gach lá. Ba é a bhí sa phríomhtheachtairacht ná gur féidir le siúlóid breise 10 nóiméad feabhas a chur ar shláinte agus ar ghiúmar duine. Rinneadh an feachtas sin a nascadh go rathúil le hiompar poiblí trí aird a tharraingt ar ché chomh héasca atá sé tuirlingt de bhus ag an stad roimh do ghnáthstad nó dul ar bord bus atá níos faide ar shiúl uait ná do ghnáthstad.



STRIDE

TO BE HEALTHIER

A 10-minute walk is good for your heart.
Make walking part of your everyday journey.

Get in your stride
Walk and Ride



PLEANÁIL STRAITÉISEACH

**“ Cuireadh bailchríoch ar ullmhú Straitéis Iompair
Dhúiche Chathrach Cheantar Bardasach Chorcaí ”**

GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE

I mí an Mheithimh, d'fhoilsigh an Rialtas an Plean Gnímh don Aeráid ina leagtar amach gníomhartha uailmhianacha atá le cur i gcrích sna blianta atá romhainn chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist fhíorthábhachtach seo. Sa Phlean Gnímh don Aeráid, tarraingítear aird ar an ról mór atá ag iompair poiblí i ndáil le laghdú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa san earnáil iompair trí flíteanna busanna agus iarnróid íseal-astaíochta a cheannach agus trí líon níos mó daoine a mhealladh chun úsáid a bhaint as iompar poiblí. Déantar roinnt gníomhartha sonracha atá le cur i bhfeidhm ag an Údarás a leagan amach ann.

Mar fhreagairt air sin, chuir an tÚdarás tús le próiseas forbartha plean mhionsonraithe d'fhonn na bearta a shainaithint nach mór don Údarás iad a dhéanamh chun athrú dearfach inbhuanaithe a spreagadh go héifeachtach ar fud earnáil an iompair ar mhaithe le Plean Gnímh an Rialtais a chur chun cinn.

Áiríodh an méid seo a leanas i measc na mbeart a cuireadh i gcrích sa bhliain 2019: -

- » Oifig Thionscadal Rothaíochta a bhunú agus straitéis tosaigh cúig bliana a ghlacadh mar a cheanglaítear leis an bPlean Gnímh don Aeráid;
- » Oifig Forbartha 'Páirceáil agus Taisteal' a bhunú agus straitéis tosaigh cúig bliana a ghlacadh mar a cheanglaítear leis an bPlean Gnímh don Aeráid;
- » Conair teicneolaíochta flít mheántearma a ghlacadh i leith fhlít na mbusanna poiblí;
- » Creat-chonradh a bhronnadh chun busanna hibrídeacha dhá urlár a cheannach;
- » An chéad ordú a dhéanamh le haghaidh 100 bus díosal-leictreach dhá urláir;
- » Tús a chur le húsáid tramanna fadaithe ar Líne Ghlas LUAS;
- » Measúnacht teicneolaíochta flít iarnróid a chur i gcrích agus straitéis maidir leis an bhflít iarnróid a ghlacadh;
- » Straitéis iompair a ullmhú le haghaidh Dhúiche Chathrach Chorcaí;
- » Seirbhísí nua bus a thabhairt isteach agus feabhsuithe a dhéanamh ar sheirbhísí bus a bhí ann cheana féin;
- » Dhá fheithicil leictreacha a cheannach ar feithiclí iad a úsáidfear chun seirbhísí Local Link TFI a sholáthar ar Oileán Chléire; agus
- » Meitheal Ghlas a bhunú chun timpeallacht oibre atá inbhuanaithe agus atá éifeachtúil ó thaobh cúrsaí fuinnimh de a chruthú d'fhoireann an Údaráis.

MÚNLAÍ IOMPAIR RÉIGIÚNAIGH

I rith na bliana, leanadh den obair ar phróiseas uasdátaithe mhúnlaí iompair an Údaráis chun faisnéis taistil a bhí ar fáil ó Dhaonáireamh 2016, ón Suirbhé Náisiúnta ar Thaisteal ag Teaghlaigh agus ó raon sonraí taistil amhail comhaireamh tráchta a chur san áireamh.

Rinneadh cuid mhór oibre i ndáil leis na múnlaí atá ann laistigh de gach múnla réigiúnach ar leith a bhaineann leis na modhanna éagsúla a roghnaítear agus i ndáil le mínsagadh a dhéanamh ar na líonraí agus ar na seirbhísí bóthair, iompair phoiblí, siúil agus rothaíochta. Ar dtús, díríodh ar Mhúnla Réigiúnach an Oirthir agus ar Mhúnla Réigiúnach an Mheán-larthair agus cuireadh tús leis an obair ar Mhúnlaí Réigiúnacha an Iardheiscirt, an Oirdheiscirt agus an Iarthair níos déanaí sa bhliain. I gcomhthráth leis sin, rinneadh mínsagadh ar an Múnla Réamhaisnéise Éilimh Náisiúnta chun tuilleadh feabhais a chur ar cháilíocht an mheastacháin a dhéantar i leith an mhúnla a bhaineann leis na modhanna agus na cinn scríbe a roghnaítear.

Lean an tÚdarás den teagmháil le raon leathan geallsealbhóirí, lena n-áirítear údaráis phoiblí agus eagraíochtaí acadúla chun spreagadh a thabhairt i leith úsáid na múnlaí agus chun luach na múnlaí a uasmhéadú. Go háirithe, rinneadh obair shuntasach múnlaíthe thar ceann na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus na Roinne Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil chun tacú le forbairt beartais i réimsí amhail athrú aeráide.

Tháinig méadú suntasach i rith na bliana ar úsáid a bhaint as an Córas Múnlaíthe Réigiúnaigh chun measúnacht a dhéanamh ar mhórtionscadail iompair agus ar phleananna eile. Ón tráth ar coimisiúnaíodh na múnlaí ar dtús, tá úsáid bainte astu i ndáil le níos mó ná 100 tionscadal ar leithligh.

PLEANÁIL STRAITÉISEACH IOMPAIR

MÓR-LIMISTÉAR BHAILE ÁTHA CLIATH

Tháinig comhairliúchán poiblí faoi Dhréacht-Phlean Comhtháithe Forfheidhmiúcháin 2019 go 2024, ar cuireadh tús leis ag deireadh na bliana 2018, chun deiridh i mí Feabhra. Mar thoradh ar na haighneachtaí a fuarthas rinneadh roinnt athruithe ar an dréacht-Phlean agus, i mí Bhealtaine, cuireadh an doiciméad faoi bhráid an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt lena cheadú i gcomhréir leis an reachtaíocht iomchuí. I mí Mheán Fómhair, cheadaigh an tAire an dréacht-Phlean, ach sin faoi réir roinnt athruithe agus críochnaíodh an doiciméad leasaithe i mí na Nollag.

AN STRAITÉIS RÉIGIÚNACH SPÁSÚLACHTA AGUS EACNAMAÍOCHTA (RSES)

Ba phríomh-gheallsealbhóir é an tÚdarás i dtaca le hullmhú RSES do Thionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre (EMRA).

Bhí an tÚdarás sásta go raibh an dréacht-RSES a foilsíodh ag deireadh na bliana 2018 i gcomhréir, tríd is tríd, le Straitéis Iompair an Údaráis do Mhór-Limistéar Bhaile Átha Cliath de réir mar a ceanglaíodh faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt. Ach nuair a rinneadh leasuithe ar an dréacht-doiciméad tháinig roinnt neamhréireachtaí suntasacha chun solais, go háirithe neamhréireachtaí maidir le tograí le haghaidh mórsceimeanna iompair nach raibh foráil déanta ina leith sa Straitéis Iompair. I mí Aibreáin, rinne an tÚdarás aighneacht á léiriú sin. Lean Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre ar aghaidh agus rinneadh an RSES gan na hathruithe go léir a bhí molta a

dhéanamh.

Mar thoradh air sin, agus ar bhonn comhairle ón Údarás agus ó dhreamanna eile, d'éisigh an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil ordachán chuig Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre chun an RSES a leasú. Tá an RSES críochnaitheach mar atá foilsithe anois ag Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre i gcomhréir leis an Straitéis Iompair, rud a choimeádann an dlúth-ailíniú idir pleanáil iompair agus pleanáil úsáide talún ar an leibhéal réigiúnach.

CORCAIGH

I gcomhar le Comhairle Cathrach Chorcaí, le Comhairle Contae Chorcaí agus le Bonneagar Iompair Éireann, lean an tÚdarás den obair ar ullmhú Straitéis Iompair Dhúiche Chathrach Chorcaí. Tar éis lainseáil na dréacht-Straitéise Iompair i gCorcaigh i mBealtaine, chuaigh an tÚdarás i mbun comhairliúchán poiblí faoin doiciméad i rith mhí an Mheithimh.

Tugtar aghaidh ar gach modh iompair sa Straitéis Iompair, agus é mar chuspóir aige sin creat pleanála straitéisí a chur ar fáil le haghaidh fhorbairt chomhtháite an bhonneagair agus na seirbhísí iompair i rith an fhiche bliain atá romhainn. Bainfear úsáid aisti mar fhoinsé faisnéise i leith leibhéil na hinfheistíochta sa réimse iompair agus i leith tosaíochtaí infheistíochta san fhadtéarma agus sa ghearrtéarma araon.

Lean an tÚdarás dá rannpháirtíocht i nGrúpa Phlean Straitéiseach Limistéar Chorcaí ar leibhéal an Choiste Stiúrtha agus ar leibhéal an Fhochoiste Iompair araon. Ina theannta sin, bhí teagmháil ag an Údarás le Comhairle Cathrach Chorcaí ag céimeanna éagsúla den ullmhúchán leanúnach le haghaidh pleananna ceantair áitiúil agus measúnachtaí iompair gaolmhara i leith phlean cheantar áitiúil na nDuganna agus phlean cheantar áitiúil Tivoli.

LUIMNEACH

I gcomhar le Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, le Comhairle Chontae an Chláir agus le Bonneagar Iompair Éireann, chuir an tÚdarás tús le hobair ar ullmhú Straitéis Iompair Dhúiche Chathrach Luimnigh-na Sionainne.

GAILLIMH

Lean an tÚdarás de bheith ag obair le Comhairle Cathrach na Gaillimhe maidir le cur i bhfeidhm chuspóirí Straitéis Iompair na Gaillimhe trí bhíthin an phróisis pleanála chun cinn agus trí bhonneagar agus seirbhísí a chur ar fáil.

D'áirigh an obair sin Staidéar Bainistíochta Tráchta i Lár Chathair na Gaillimhe, Trasbhealach Chathair na Gaillimhe le haghaidh iompar poiblí agus, chomh maith leis sin, feabhsuithe bainistíochta eile i lár na cathrach i leith saoráidí siúil, rothaíochta agus tráchta.



PORT LÁIRGE

Chuaigh an tÚdarás i gcomhairle le Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, le Comhairle Chontae Chill Chainnigh agus le Bonneagar Iompair Éireann maidir le straitéis iompair a ullmhú do Dhúiche Chathrach Phort Láirge.

LIMISTÉIR EILE

I gcomhar le Bonneagar Iompair Éireann, thug an tÚdarás freagra ar iarraidh ó Chomhairle Chontae Dhún na nGall ar chúnamh maidir le hullmhú plean iompair áitiúil do cheantar Leitir Ceanainn.

CUR I BHFEIDHM AN BHEARTAIS IOMPAIR AGUS FAIREACHÁN A DHÉANAMH AR AN MBEARTAS SIN

Rinne an tÚdarás aighneachtaí i scríbhinn maidir le líon suntasach iarratas pleanála, rud a léirigh an méadú leanúnach ar iarratais a bhí faighte ag údaráis phleanála i rith na bliana. Bhí an méadú sin soiléir go háirithe sa líon Forbairtí Tithíochta Straitéiseacha a bhí ann ar fud na limistéar údaráis áitiúil go léir, agus bhí forbairtí mórscála tráchtála ann go háirithe i Lár Chathair Bhaile Átha Cliath agus i nDugthailte Bhaile Átha Cliath.

San iomlán, rinne an tÚdarás 91 aighneacht i scríbhinn maidir le pleananna nó forbairtí, lena n-áirítear pleananna forbartha reachtúla, pleananna ceantair áitiúil, scéimeanna pleanála agus máistirphleananna. I dTábla 14, tá liosta le fáil de na hiarratais phleanála is suntasaí ar tiolacadh aighneachtaí ina leith.

Tábla 14 - Aighneachtaí maidir le hiarratais phleanála shuntasacha

<i>Straitéisí Réigiúnacha Spásúlachta agus Eacnamaíochta (RSES)</i>	
»	Leasuithe Ábhartha Beartaithe ae Dhréacht-RSES - Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre;
»	Leasuithe Ábhartha Beartaithe ae Dhréacht-RSES - Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair;
»	Leasuithe Ábhartha Beartaithe ae Dhréacht-RSES - Tionól Réigiúnach an Deiscirt.
<i>Pleananna Forbartha</i>	
»	Dréacht-Phlean Forbartha Chontae Lú 2021-2027: Páipéar Saincheisteanna Réamh-Dhréachta;
»	Athrú Uimh. 2, Plean Forbartha Chontae Chorcaí 2014;
»	Athrú Uimh. 4, Plean Forbartha Chontae Baile Átha Cliath Theas 2016 - 2022;
»	Plean Forbartha Chontae an Longfoirt 2021-2027: Páipéar Saincheisteanna; agus
»	Plean Forbartha Chontae Uíbh Fhailí 2021 - 2027 - Páipéar Saincheisteanna.

Pleananna Ceantair Áitiúil

- » Plean Ceantair Áitiúil Chionn Sáile (Comhairle Contae Fhine Gall);
- » Dréacht-Phlean Ceantair Áitiúil an Náis 2019 - 2023 (Comhairle Chontae Chill Dara);
- » Plean Ceantair Áitiúil Bhaile Uí Ógáin agus an Cheantair Máguaird (Comhairle contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin);
- » Dréacht-Phlean Ceantair Áitiúil Léim an Bhradáin 2020 - 2026 (Comhairle Chontae Chill Dara);
- » Dréacht-Phlean Ceantair Áitiúil Thamhlachta (Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas);
- » Dréacht-Phlean Ceantair Áitiúil Aerfort Bhaile Átha Cliath 2020 - 2026 (Comhairle Contae Fhine Gall);
- » Dréacht-Phlean Ceantair Áitiúil Léim an Bhradáin 2020 - 2026: Athruithe Ábhartha (Comhairle Chontae Chill Dara).

Scéimeanna Pleanála

- » Méadú Pháirc Thigh an Chnoic, Coill na Silíní (Tag. DZ19A/0765) (Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin);
- » Saoráid 'Páirceáil agus Taisteal' (cead 3 bliana) isteach ó Bhóthar Ghleann na Muc, tadhlach le Timpeallán Charraig Mhaighin, Coill na Silíní (Tag. DZ19A/0683) (Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin);
- » 184 aonad cónaithe i gCeantar Forbartha 8, An Tulaigh (Tag. DZ19A/0597) (Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin);
- » Ionad Siopadóireachta Choill na Silíní, Dearadh Leasaithe (Tag. DZ19A/0458) (Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin); agus
- » Bonneagar an Phoill Bhig Thiar (Tag. PWSDZ 3270-19) (Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath).

Máistirphleananna

- » Máistirphleananna Shoid le haghaidh Pháirc an Bharraigh & Chaisleán na bPréachán, Bhaile an Fhoraistéaraigh agus Estuary West (Comhairle Contae Fhine Gall); agus
- » Dréacht-Mháistirphleananna le haghaidh Fhearann an Chaisleáin, Baile Brigín (Comhairle Contae Fhine Gall)

Forbairtí Straitéiseacha Tithíochta

- » St. Teresa's, Cnoc an Teampaill, Baile na Manach, Co. Bhaile Átha Cliath (Tag. 303804) (Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin);
- » 123 leithlann 'tógáil lena ligean ar cíos', Ascaill Foster, an Charraig Dhubh, Co. Bhaile Átha Cliath (Tag. 304063) (Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin);
- » 253 aonad cónaithe ar thailte ag Club Gailf Bhaile an Alabhóidigh, Baile an Alabhóidigh, Baile Átha Cliath 15 (Tag. 303956) (Comhairle Contae Fhine Gall);
- » Halla an Chláir, Baile Átha Cliath 13 (Tag. 304196) (Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath);
- » Clay Farm, Céim 1C, Baile na Lobhar, Baile Átha Cliath 18 (Tag. 304288) (Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin);
- » RB Central, Bóthar Halla na gCarraeirí, Áth an Ghainimh, Baile Átha Cliath 18 (Tag. 304405) (Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin);
- » Garrán Mhuire, Bóthar Bhaile na nGabhar, Baile Átha Cliath 14 (Tag. 304420) (Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin);
- » Greenacres, Drumahill House agus Longacre, Bóthar Chill Mochuda Uachtarach, Baile Átha Cliath 14 (Tag. 304469) (Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin);

»	609 n-aonad cónaithe sa Bhóthar Buí, Teach Sagard (Tag. 304828) (Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas);
»	375 aonad cónaithe ag Dún Mhic Aoidh, Baile Chill Dara (Tag. 305007) (Comhairle Chontae Chill Dara)
»	1,034 aonad cónaithe, Cill Chairbre (Tag. 305267) (Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas);
»	1,030 leithlann, 2 crèche agus 10 n-aonad miondíola, Cluain Ghrífin (Tag. 305316) (Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath);
»	500 leithlann, crèche, ionad pobail, aonaid tráchtála, Cluain Ghrífin (Tag. 305319) (Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath);
»	Forbairt Chónaithe, Bóthar Fhine Gall (Tag. 305312) (Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath);
»	Ráth Maoláin, Droichead Átha, an Mhí, 661 aonad (Tag. 305552) (Comhairle Chontae na Mí);
»	Glenheron C, na Clocha Liatha, Co. Chill Mhantáin (Tag. 305773) (Comhairle Chontae Chill Mhantáin)
»	Stáisiún Uí Chonghaile, Baile Átha Cliath 1 (Tag. 305676) (Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath);
»	Elsmore, an Nás, Cill Dara (Tag. 305701) (Comhairle Chontae Chill Dara)
»	Colpa Thiar, Droichead Átha, Contae na Mí, 357 n-aonad (Tag. 305703) (Comhairle Chontae na Mí);
»	Baile Scallart, Baile Átha Cliath 16 (Tag. 305878) (Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas)
	Bóthair Mhullach Íde, Baile Átha Cliath 17 (Tag. 305943) (Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath);
»	An Ceap Dubh agus Abbeylands, Claonadh, Co. Chill Dara (Tag. 305905) (Comhairle Chontae Chill Dara);
»	252 aonad, San Éamann, Céim 2, Bóthar Bhaile Phámar, Baile Átha Cliath 20 (Tag. 305857) (Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas);
»	Balroy House, Bóthar Bhaile an Chairpintéaraigh, Baile Átha Cliath 15 (Tag. 305980) (Comhairle Contae Fhine Gall);
»	Cnocán na Mara, Mullach Íde, Co. Bhaile Átha Cliath (Tag. 305991) (Comhairle Contae Fhine Gall); agus
»	Corcach Bheag & Seangánach, Sruthán na Coille, Seanchill, Co. Bhaile Átha Cliath (Tag. 305844) (Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin).

Forbairtí Bonneagair Straitéisigh / Scéimeanna Chuid 8

»	Scéim Bhóithre Dúiche Ghleann na Muc - SID (Tag. 303945) (Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin);
»	Bóthar Faoisimh Laistigh an Náis - Cuid 8 (Tag. P82019-07) (Comhairle Chontae Chill Dara);
»	Conair Choisithe agus Rothar an Bhaile Bhric, Céim 4 (Comhairle Chontae Chorcaí); agus
»	Cuarbhóthar Thoir Mhaigh Nuad - Cuid 8 (Tag. P82019-08) (Comhairle Chontae Chill Dara).

BONNEAGAR A UASGHRÁDÚ



*Bronnadh conradh i leith 41 charr
iarnróid idirchathrach nua a sholáthar*



INFHEISTÍOCHT CHAIPITIÚIL

Tá freagracht ar an Údarás i ndáil le trí chlár infheistíochta caipitiúla a bhaineann le hiompar poiblí: -

- » Clár Caipitiúil Mhór-Limistéar Bhaile Átha Cliath;
- » Clár Iompair Inbhuanaithe na gCathracha Réigiúnacha; agus
- » Clár Inrochtaineachta Iompair Phoiblí.

Tá freagracht reachtúil ar an Údarás i ndáil le Clár Caipitiúil Mhór-Limistéar Bhaile Átha Cliath agus, ina theannta sin, bainistíonn an tÚdarás Clár Iompair Inbhuanaithe na gCathracha Réigiúnacha agus an Clár Inrochtaineachta Iompair Phoiblí ar bhonn neamhreachtúil thar ceann na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

I gcás na dtrí Chlár sin go léir, tá freagracht ar an Údarás i ndáil le cinneadh a dhéanamh i dtaobh cad iad na tionscadail atá le maoiniú agus i ndáil le caiteachas a bhainistiú. Déanann gníomhaireachtaí Stáit, oibritheoirí iompair agus údaráis áitiúla na hoibreacha agus iad ag gníomhú thar ceann an Údaráis agus déanann an tÚdarás é féin na hoibreacha i gcás tionscadail agus cláir áirithe.



Tábla 15 - Dáileadh íocaíochtaí caipitiúla (€ milliún)

An Ghníomhaireacht Fhorfheidhmiúcháin	Clár Caipitiúil Mhór-Limistéar Bhaile Átha Cliath	Clár Caipitiúil na gCathracha Réigiúnacha	An Clár Caipitiúil Inrochtaineachta	Iomlán
An Taisce	0.12	0	0	0.12
Bus Éireann	1.53	0	0.24	1.77
Comhairle Chontae an Chabháin	0	0	0.02	0.02
Comhairle Cathrach Chorcaí	0	6.81	0	6.81
Comhairle Chontae Chorcaí	0	1.33	0	1.33
Bus Átha Cliath	4.03	0	0.10	4.13
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	15.96	0	0	15.96
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath	0.06	0	0	0.06
Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin	1.41	0	0	1.41
Comhairle Contae Fhine Gall	2.29	0	0	2.29
Comhairle Cathrach na Gaillimhe	0	0.57	0	0.57
Comhairle Chontae na Gaillimhe	0	0	0.04	0.04
Iarnród Éireann	73.00	0	1.81	74.81
Comhairle Chontae Chill Dara	0.75	0	0	0.75
Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh	0	3.50	0	3.50
Comhairle Chontae Lú	0	0	0.03	0.03
Comhairle Chontae na Mí	2.71	0	0	2.71
Comhairle Náisiúnta na hÉireann do na Daill	0	0	1.00	1.00
An tÚdarás Náisiúnta Iompair	96.41	0.31	4.32	101.04
Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas	1.76	0	0	1.76
Bonneagar Iompair Éireann	53.69	0.05	0	53.74
An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath	0.12	0.00	0	0.12
Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge	0	1.72	0	1.72
Comhairle Chontae Chill Mhantáin	0.40	0	0	0.40
Iomlán	254.25	14.29	7.56	276.10

CLÁR CAIPITIÚIL MHÓR-LIMISTÉAR BHAILE ÁTHA CLIATH

I bPlean Comhtháite Forfheidhmiúcháin an Údaráis le haghaidh Mhór-Limistéar Bhaile Átha Cliath 2019 - 2024, leagtar amach an clár infheistíochta bonneagair atá le saothrú thar ré an Phlean faoi na ceithre fhochlár seo a leanas: -

- » Iarnród Trom;
- » Iarnród Éadrom;
- » Bus; and
- » Bearta Comhtháthúcháin agus Iompar Inbhuanaithe.

Tá caiteachas an Údaráis ar gach ceann ar leith de na ceithre fhochlár sa Phlean Comhtháite Forfheidhmiúcháin leagtha amach i dTábla 16.

Tábla 16- Clár Caipitiúil Mhór-Limistéar Bhaile Átha Cliath

Fochlár	Caiteachas (€ milliún)	Céatadán den caiteachas iomlán
Iarnród Trom	74.40	29%
Iarnród Éadrom	53.77	21%
Bus	90.84	36%
Iompar Inbhuanaithe Comhtháite	35.25	14%
Iomlán	254.25	100%

AN FOCHLÁR IARNRÓID THROM

Faoin bhfochlár seo, soláthraítear maoiniúchán d'Iarnród Éireann chun bonneagar iarnróid a chothabháil agus a fhorbairt i Mór-Limistéar Bhaile Átha Cliath.

AN FLÍT IARNRÓID LÁITHREACH A LEATHNÚ

Ullmhaíodh cás gnó chun breithniú a dhéanamh ar na roghanna i leith acmhainneacht bhreise a chur ar fáil ar buaicamanna ar sheirbhísí láithreacha iarnróid sula gcuirfí Leathnú an DART i gcrích agus sula ndéanfaí infheistíocht eile. Ba é a bhí i gconclúid an cháis gnó ná gurbh é a bheadh sa rogha ab fhearr ná 41 charr iarnróid idirchathrach a cheannach. Cheadaigh an Rialtas an cás gnó i mí Dheireadh Fómhair agus, i mí na Nollag, bhronn Iarnród Éireann conradh i leith 41 charr iarnróid idirchathrach nua a sholáthar.

LEATHNÚ AN DART

Chuir Iarnród Éireann tús le próisis fála le haghaidh conarthaí éagsúla ildisciplíneacha chun dearadh agus pleanáil pacáistí oibre ar leithligh a chur ar aghaidh.

I mí na Nollag, chuir Iarnród Éireann an próiseas réamhcháiliúcháin i gcrích i ndáil le flít cadhnra-leictreach agus rinneadh doiciméid tairisceana don chéad chéim eile a eisiúint i mí na Nollag.

Rinneadh roinnt staidéar scóipeála tionscadail agus féidearthachta a chur i gcrích i ndáil le gnéithe áirithe de Chlár Leathnaithe an DART, lena n-áirítear staidéar maidir le roghnú láithreán iosta agus maidir le hanailís ar na roghanna i leith an fhlíit.

TIONSCADAL ATHCHOMHARTHAÍOCHTA LÁR CHATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH (CCRP)

Is é is cuspóir do CCRP ná acmhainneacht shuntasach bhreise a chur ar fáil do thraenacha sa chuid phlódaíthe de lár na cathrach idir Stáisiún Uí Chonghaile agus Stáisiún Dhuga na Canálach Móire. Má chuirtear deireadh leis an mórfhlódú tráchtá sin, beidh fothorthaí dearfacha ann do sheirbhís DART, comaitéireachta agus iarnróid idirchathrach.

Síneann an tionscadal ó Mhullach Íde agus ó Bhinn Éadair sa tuaisceart go Dumhach Thrá sa deisceart. Cuirfear an tionscadal i gcrích trí bhíthin sraith ceithre chéim idirnasctha.

I rith na bliana 2019, leanadh ar aghaidh le Céim 2 (Cill Easra go hAcomhal an Phoirt Thoir) agus le Céim 4 (Stáisiún Uí Chonghaile). Suiteáladh trealamh nua agus cáblú nua agus rinneadh dul chun cinn maidir le forbairt foirgnimh trealaimh comharthaíochta ar Bhóthar Osraí.

AN TIONAD NÁISIÚNTA RIALAITHE TRAENACHA

I mí Iúil, cheadaigh an Rialtas an cás gnó i leith an Ionaid Náisiúnta Rialaithe Traenacha, rud a chumasaigh tosú an phróisis tairisceana le haghaidh an chonartha tógála agus le haghaidh an chórais bainistíochta traenacha.

Cuireadh tús le roinnt conarthaí cumasúcháin oibreacha, lena n-áirítear bealaí nua teileachumarsáide agus athlonnú túir soilsiúcháin.

Rinneadh conradh i leith córas bainistíochta tráchtá a bhronnadh i mí na Nollag.

I mí na Nollag, críochnaíodh an measúnú ar thairiscintí maidir leis an gconradh tógála le haghaidh an Ionaid Náisiúnta Rialaithe Traenacha.

AN FOCHLÁR IARNRÓID ÉADROIM

FEABHSÚ ACMHAINNEACHTA AR LÍNE GHLAS LUAS

Seachadadh an chéad fhadú tram i mí Bhealtaine agus faoi dheireadh na bliana bhíodhas tar éis ceithre fhadú tram a choimisiúnú agus bhí siad á n-úsáid mar chuid de na tramanna níos faide.

Lean Alstom den obair ar thógáil ocht dtram nua breise 55 mhéadar.

ATHNUACHAN SHAOLRÉ SHÓCMHAINNÍ LUAS (LCAR)

Is é atá i gclár LCAR ná sraith tionscadal chun uasghrádú a dhéanamh ar shócmhainní agus ar bhonneagar LUAS d'fhonn an acmhainneacht reatha an chórais a choimeád ar bun agus d'fhonn an riocht ina bhfuil sé a chothabháil.

I rith na bliana, rinneadh mór-athchóiriú ar roinnt tramanna, lena n-áirítear mórítimí trealaimh a athsholáthar agus athfheistiú iomlán a dhéanamh. Is é is cuspóir d'athchóiriú ná sábháilteacht leanúnach na bhfeithiclí a chinntiú, feabhas a chur ar a n-iontaofacht agus a saolré a fhadú.

METROLINK

I rith na bliana 2019, leanadh den obair ar fhorbairt dhearadh Metrolink.

Bhí dara babhta comhairliúcháin phoiblí ann idir Márta agus Aibreán maidir leis an mBealach a bhí le Roghnú agus leanadh den teagmháil le geallsealbhóirí ar fud na

bliana chun faisnéis a bhailiú le haghaidh an dearaidh a bhí ag teacht chun cinn.

Rinneadh suirbhéanna éagsúla, lena n-áirítear suirbhéanna geoiteicniúla, chun faisnéis a bhailiú le haghaidh an bpróiseas deartha agus pleanála.

Seoladh comhairliúchán margaidh idirnáisiúnta i mí na Samhna/na Nollag chun aiseolas a fháil faoin straitéis fála ab fhearr don tionscadal.

FOCHLÁR NA MBUSANNA

BUSCONNECTS DUBLIN

I mí Bhealtaine, críochnaíodh mórchomhairliúchán poiblí faoi thograí le haghaidh lánaí bus feabhsaithe agus bealaí rothair feabhsaithe feadh 16 cinn de phríomhchonairí gathacha bus a théann isteach i mBaile Átha Cliath, ar comhairliúchán é sin ar cuireadh tús leis i mí na Samhna 2018. Faoi dheireadh an phróisis comhairliúcháin phoiblí, bhíodhas tar éis 16 imeacht phoiblí faisnéise agus 16 chruinniú le fóraim phobail a eagrú agus bhí níos mó ná 13,000 aighneacht faighte.

Tar éis an comhairliúcháin poiblí a chríochnú, leanadh den teagmháil le grúpaí éagsúla pobail agus cónaitheoirí maidir le leasuithe ionchasacha ar na tograí tosaigh, lena n-áirítear feabhsuithe ionchasacha ar an bhfearann uirbeach.

Bronnadh roinnt conarthaí ar chuideachtaí speisialaithe dearthóireachta chun pleanáil na gcroíchonairí bus a stiúradh tríd an bpróiseas reachtúil pleanála. Ceapadh meithleacha ildisciplíneacha dearthóireachta i leith na sé chonair déag ar fad d'fhonn na dearthaí a chur ar aghaidh chuig céime an iarratais pleanála. Ina theannta sin, bunaíodh meitheal chun bheith ag obair ar na measúnachtaí timpeallachta riachtanacha agus ar an anailís tráchta riachtanach.

ATHNUACHAN FHLÍT BUSANNA RÉIGIÚN BHAILE ÁTHA CLIATH

Rinne an tÚdarás 146 bhus dhá urlár a sholáthar do Bhus Átha Cliath agus do Bhus Éireann chun ionad seanbhusanna a ghlacadh agus chun feabhas a chur ar acmhainneacht na seirbhísí uirbeacha i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh. I gcás Bhus Átha Cliath, ba bhusanna hibrídeacha uirbeacha dhá urlár iad naoi gcinn acu agus cuireadh ar fáil iad chun a chumasú don oibritheoir eolas a fháil ar oibriú gléasra cumhachta leictirithe sula bhfaightear tuilleadh busanna íseal-astaíochta agus nialas-astaíochta.

Soláthraíodh 15 bhus breise dhá urlár do Go-Ahead Ireland chun a chumasú don oibritheoir acmhainneacht fheabhsaithe a chur ar fáil ar sheirbhísí bus i mbruachbhailte amuigh Bhaile Átha Cliath.

I mí na Nollag, rinne an tÚdarás creat-chomhaontú i leith busanna hibrídeacha uirbeacha dhá urlár a sholáthar agus rinne sé ordú tosaigh maidir le 100 bus a sheachadadh. Tá na busanna hibrídeacha sin ina bpríomhghné de Phlean Gnímh an Rialtais don Aeráid agus cabhróidh siad leis an Údarás a chuid oibleagáidí a chomhlíonadh faoi Threoir leasaithe an Aontais Eorpaigh maidir le Feithiclí Glana, ar Treoir í sin a thiocfaidh i bhfeidhm i mí Iúil 2021.

ATHNUACHAN FHLÍT NA MBUSANNA/GCÓISTÍ RÉIGIÚNACHA

Chuir an tÚdarás 62 fheithicil comaitéireachta réigiúnaí aon urláir ar fáil do Go-Ahead Ireland agus do Bhus Éireann chun seirbhísí comaitéireachta i gCeatharlach, i gCill Dara, sa Mhí agus in Uíbh Fhailí agus roinnt seirbhísí i gcontaetha san iarthar a oibriú. Soláthraíonn na feithiclí nua rochtain do chathaoireacha rothaí trí bhíthin rampa ag

doras an bhealaigh isteach. Tá sainspás le haghaidh cathaoir rothaí ann i ngach feithicil. Ina theannta sin, rinne an tÚdarás 3 bhus meánmhéide a sheachadadh lena n-úsáid ag Bus Éireann, rud a d'éascaigh busanna nua a chur in ionad roinnt seanbhusanna, chomh maith le tabhairt isteach seirbhísí uirbeacha nua i nDroichead Átha a éascú.

Tábla 17 - Busanna/Cóistí nua a seachadadh do Sheirbhísí Bhaile Átha Cliath agus do Sheirbhísí Réigiúnacha

An tOibritheoir	2018	2019
Bus Átha Cliath	141	104
Bus Éireann	83	77
Go-Ahead Ireland	64	39
Seirbhís Chill Chainnigh	5	-
Iomláin	293	220

SCÁTHLÁIN BHUS AGUS STADANNA BUS

Chuir an tÚdarás scáthláin nua in ionad 39 seanscáthlán bus i réigiún Bhaile Átha Cliath agus bhí painéil taispeána shoilsithe dhigiteacha iontu le haghaidh fógraí.

De bhreis air sin, shuiteáil an tÚdarás 52 cheann de scáthláin nua agus scáthláin ionaid in áiteanna eile ar fud na tíre.

Mar thoradh ar aistriú roinnt bealaí bus uirbeacha agus réigiúnacha i mBaile Átha Cliath agus i gCill Dara chuig Go-Ahead Ireland, chuathas i mbun mórchlár oibreacha chun bonneagar nua stad bus a shuiteáil.

Bhronn an tÚdarás conradh nua soláthair maidir le cuailí bus a chur ar fáil.

CLÁR DEONTAIS I LEITH BEARTA INBHUANAITHE IOMPAIR

Mar chuid dá chúram i ndáil le tacú le córas comhtháite iompair a chur i bhfeidhm, oibríonn an tÚdarás Clár Deontais i leith Bearta Inbhuanaithe Iompair (STMG) trína dtugtar maoiniúchán d'údarais áitiúla, do chomhlachtaí iompair phoiblí agus do ghníomhaireachtaí eile chun tionscadail éagsúla a chur i gcrích, ar tionscadail iad a rannchuidíonn le feabhsú an tsoláthair iompair inbhuanaithe i Mór-Limistéar Bhaile Átha Cliath agus sna cathracha réigiúnacha go léir.

Tá an clár sin tar éis teacht chun bheith tábhachtach mar spreagthóir athruithe in ionaid uirbeacha ar fud na tíre. Mar thoradh ar chomhoibriú na n-údaras áitiúil agus gníomhaireacht eile stáit agus ar thacaíocht a fuarthas ó chomhairliúchán le geallsealbhóirí, tá athruithe suntasacha bonneagair déanta trí bhithin an chlár, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

- » Conairí rothar;
- » Droichid rothaíochta/choisithe;
- » Feabhsuithe ar bhonneagar bus;
- » Feabhsuithe suntasacha ar acomhail;
- » Acomhail choisí-bháula/rothaí-bháula; agus
- » Athruithe ar bhainistíocht tráchta uirbigh.

San iomlán, maoiníodh 157 dtionscadal sna comhlachtaí éagsúla a bhí bainteach leis an gclár seo agus tá na tionscadail leagtha amach i dTábla 18, agus iad grúpáilte de réir costais.

TÁBLA 18 - AN LÍON TIONSCADAL IOMPAIR INBHUANAITHE A MHAOINIGH AN TÚDARÁS

Gníomhaireacht	<€500,000	€0.5 - €5 mhilliún	> €5 mhilliún	> €20 mhilliún
Comhairle Cathrach Chorcaí	2	12	4	0
Comhairle Chontae Chorcaí	5	4	1	0
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	7	17	9	8
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath	1	0	0	0
Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin	5	6	1	0
Comhairle Contae Fhine Gall	5	0	5	0
Comhairle Cathrach na Gaillimhe	3	4	2	0
Comhairle Chontae Chill Dara	3	3	1	0
Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh	3	4	1	0
Comhairle Chontae na Mí	1	10	1	0
An Scéim Réigiúnach maidir le Rothair	0	1	0	0
Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas	3	5	2	0
An Taisce	1	0	0	0
An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath	1	0	0	0
Comhairle Chontae Chill Mhantáin	5	7	0	0
Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge	0	1	2	1
Iomlán	45	74	29	9

CLÁR INROCHTAINÉACHTA IOMPAIR PHOIBLÍ

A key element in the provision of public transport infrastructure and services is to further enhance the accessibility of public transport to people with disabilities and the Authority undertakes numerous activities in this area.

STADANNA BUS AGUS STÁISIÚIN BHUS ATÁ SOROCHTANA DO CHATHAOIREACHA ROTHÁÍ

Chuir an tÚdarás tús le clár oibreacha chun stadanna bus atá sorochtana do chathaoireacha rothaí a chur ar fáil i 43 mbaile ar fud na tíre, ar stadanna iad a bhfónann cóistí ina bhfuil ardaitheoirí cathaoireach rothaí dóibh. Chuaigh an tÚdarás i dteagmháil le húdaráis áitiúla chun eolas a chur ar fáil faoi na múnlaí soláthair a bhí ar fáil i leith na hoibreacha riachtanacha a chur i gcrích.

De bhreis air sin, lean an tÚdarás de thacaíocht a thabhairt do Bhus Éireann maidir le stadanna bus atá sorochtana do chathaoireacha rothaí a sholáthar ina líonra stáisiún bus.

- » Suiteáladh stadanna bus atá sorochtana do chathaoireacha rothaí ag stadanna bus in Institiúid Teicneolaíochta an Chabháin agus i mBaile Átha Fhirdhia;
- » Cuireadh tús le hoibreacha i ndáil le suiteáil stadanna bus atá sorochtana do chathaoireacha rothaí in ionaid éagsúla in oirthear Chorcaí;
- » Suiteáladh stadanna bus atá sorochtana do chathaoireacha rothaí ag stadanna bus sa Chabhán, i Muineachán, i nDroichead Átha, i Sligeach agus i mBéal Átha

Seanaidh;

- » Lorgaíodh tairiscintí le haghaidh oibreacha inrochtaineachta ag stáisiúin bhus i dTrá Lí, i gCill Airne, i bPort Láirge agus i gCalafort Ros Láir.

INROCHTAINÉACHT STÁISIÚN IARNRÓID

I gcomhar le hIarnród Éireann, lean an tÚdarás de chlár oibreacha chun feabhsuithe inrochtaineachta a dhéanamh ag na stáisiúin is sine de chuid an líonra iarnróid. I rith na bliana 2019, rinneadh an dul chun cinn seo a leanas: -

- » Cuireadh tús le hoibreacha chun droichead coisithe agus ardaitheoir nua a sholáthar i stáisiún iarnróid Cheatharlach;
- » Lorgaíodh tairiscintí chun droichead coisithe agus ardaitheoir a sholáthar i stáisiún iarnróid Inse;
- » Bhí obair dhearthóireachta ar siúl i gcónaí i leith droichid choisithe i stáisiún iarnróid Mheathas Troim agus Chaisleán Cnucha;
- » Cuireadh tús le hoibreacha uasghrádaithe inrochtaineachta ag Stáisiún Chúil Mhín;
- » Cuireadh tús le pacáiste oibreacha uasghrádaithe inrochtaineachta ag stáisiún Ghabhal Luimnigh; agus
- » Cuireadh uathobriú 12 dhoras i 9 stáisiún i gcrích.

TACSAITHE AGUS HACNAITHE ATÁ SOROCHTANA DO CHATHAOIREACHA ROTHÁÍ

San iomlán, soláthraíodh 1,039 ndeontas chun tacsaithe agus hacnaithe nua a bheadh sorochtana do chathaoireacha rothaí a cheannach (nó chun uasghrádú a dhéanamh ar fheithiclí a bhí ann cheana féin).

Mar thoradh air sin cuireadh 907 gceadúnas i leith feithiclí atá sorochtana do chathaoireacha rothaí leis an bhflít tacsaithe agus hacnaithe agus rinne 132 shealbhóir ceadúnais eile i leith feithiclí atá sorochtana do chathaoireacha rothaí uasghrádú ar a bhfeithiclí, rud a d'fhág gurbh é a bhí i líon iomlán na bhfeithiclí sin ná 3,070 nó 14.4% den fhlít.

Rinneadh mionsonraí teagmhála oibritheoirí na dtacsaithe agus na hacnaithe go léir atá sorochtana do chathaoireacha rothaí a fhoilsiú ar láithreán gréasáin Transport for Ireland chun cabhrú le paisinéirí seirbhísí den sórt sin a shainaithint agus áirithintí a dhéanamh.

INROCHTAINÉACHT AN FHLÍT BUSANNA

I rith na bliana, rinneadh an chéad cheann de chineál nua cóiste aon urláir a sheachadadh ar an Údarás lena úsáid ag oibritheoirí ar bhealaí réigiúnacha bus (suas go tuairim is 50km).

Tá urlár íseal ann i gcuid ar leith den chineál seo chóistí áit ar féidir le húsáideoirí cathaoireacha rothaí dul isteach san fheithicil trí úsáid a bhaint as rampa ag an doras isteach gan aon ghá leis an socrú níos casta a bhí ann roimhe seo agus a raibh gá leis i gcóistí aon urláir. Ní oireann an cineál nua feithicle seo d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí amháin. Is féidir le daoine scothaosta agus le daoine nach bhfuil soghluaisteacht mhaith acu dul ar bord an bhus, agus tuirlingt de, gan aon ghá le céimeanna a dhreapadh chun dul isteach san fheithicil.

I rith na bliana, tugadh isteach ceanglas nach mór gach seirbhís nua Local Link TFI a lorgaítear tairiscintí ina leith a oibriú le feithiclí atá sorochtana do chathaoireacha rothaí.

SCÉIMEANNA ROTHAR POIBLÍ

Cé gur mheall na scéimeanna comhroinnte rothair i gCorcaigh, i nGaillimh agus i Luimneach 1,405 úsáideoir nua agus gur osclaíodh stáisiún rothar breise ag Stáisiún Iarnróid Colbaird i Luimneach, tháinig laghdú beagnach 48,000 ar an líon iomlán turas a rinneadh sna trí chathair sin mar gheall ar chúiseanna éagsúla. lena n-áirítear feabhsuithe ar sheirbhísí iompair phoiblí sna cathracha réigiúnacha.

Tábla 19 - Úsáid na scéime rothar poiblí

An Chathair	An líon iomlán turas sa bhliain 2018	An líon iomlán turas sa bhliain 2019
Corcaigh	271,581	241,064
Gaillimh	39,005	27,190
Luimneach	27,772	22,129
Iomlán	338,358	290,383

Table 20 - Public bike scheme membership

An cineál ballraíochta	An líon iomlán ball ar an 31 Nollaig 2018	An líon iomlán ball ar an Dé Máirt 31 Nollaig 2019
Corcaigh	13,464	14,410
Gaillimh	3,843	4,127
Luimneach	3,199	3,359
2 nó 3 chathair le chéile	251	266
Iomlán	20,757	22,162



CORK!

THIS STATION
IS NOW OFFICIALLY
OPEN

Coca-Cola
zero

bikes

BEAGFHEITHICLÍ SEIRBHÍSE POIBLÍ



*Earcaíodh 1,617 (+28%) dtiománaí nua
agus tháinig méadú go 21,411 (+3.3%)
ar an líon feithiclí ceadúnaithe*



RÉAMHRÁ

Cuimsíonn earnáil na mbeagfheithiclí seirbhíse poiblí, nó an earnáil SPSV, tacsaithe, hacnaithe agus limisíní, mar aon le tiománaithe agus úinéirí na bhfeithiclí sin agus na seirbhísí foghabhálacha SPSV go léir amhail seirbhísí áirithe.

Déanann an tÚdarás feasachán mionsonraithe staitisticí i leith SPSV-anna a fhoilsiú gach bliain¹¹.

CEADÚNÚ FEITHICLÍ

I rith na bliana 2019, tháinig méadú 3.3% ar an líon feithiclí ceadúnaithe, is é sin, méadú go 21,411 agus, i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, léiríonn an méadú sin an treocht leanúnach in airde

Ó Mheitheamh 2010, bhí na ceadúnais tacsáí agus hacnaí go léir a eisíodh bainteach le feithiclí atá sorochtana do chathaoireacha rothaí. Maidir le ceadúnais le haghaidh feithiclí nach bhfuil sorochtana do chathaoireacha rothaí agus a bhí sa fhlít SPSV roimh Mheitheamh 2010, féadfaidh siad leanúint de bheith bainteach le feithiclí den sórt sin gach uair a athraítear an fheithicil lena mbaineann an ceadúnas sin. Ina theannta sin, eisítear ceadúnais nua le haghaidh limisíní agus le haghaidh hacnaithe ceantair áitiúil.

Den séú bliain i ndiaidh a chéile, thairg an tÚdarás deontais chun cabhrú le hoibritheoirí hacnaithe agus limisíní feithiclí atá sorochtana do chathaoireacha rothaí a cheannach nó feithiclí caighdeánacha a athrú chun paisinéirí i gcathaoireacha rothaí a iompar. San iomlán, soláthraíodh 1,039 ndeontas chun tacsaithe agus hacnaithe nua a bheadh sorochtana do chathaoireacha rothaí a cheannach (nó chun uasghrádú a dhéanamh ar fheithiclí a bhí ann cheana féin).

Faoi dheireadh na bliana, bhíodhas tar éis 907 gceadúnas d'fheithiclí atá sorochtana do chathaoireacha rothaí a chur lies an bhflít (mar aon le 132 uasghrádú a dhéanamh ar fheithiclí a bhí ann cheana féin), rud a d'fhág gurbh é a bhí i líon iomlán na gceadúnas sin ná 3,070 nó 14.4% den fhlít iomlán SPSV.

SCÉIM DEONTAIS I LEITH FEITHICLÍ LEICTREACHA

Ba í an bhliain 2019 an dara bliain inar oibríodh scéim deontais eSPSV a bhí ceaptha chun spreagadh a thabhairt d'oibritheoirí nua agus d'oibritheoirí láithreacha tacsaithe

¹¹. www.nationaltransport.ie/publications/statistics/bulletins/

agus hacnaithe i ndáil le feithicilí leictreacha agus feithicilí ísealastaíochta a fháil. Tá an scéim deontais á hoibriú ag an Údarás thar ceann na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

San iomlán, rinneadh 35 cheadúnas a bhfuarthas cúnamh deontais ina leith a eisiúint i rith na bliana 2019, is é sin, 28 ndeontas i leith feithicilí leictreacha hibrídeacha cadhnra-leictreacha agus 7 ndeontas i leith feithicilí hibrídeacha leictreacha ionphlugála.

CEADÚNÚ TIOMÁNAITHE

Chun feithicil SPSV a oibriú, ceanglaítear ní hamháin go mbeidh an fheithicil ceadúnaithe mar SPSV ach freisin gur sealbhóir cheadúnas bailí tiománaí SPSV é nó í an tiománaí. Is é an Garda Síochána an t-údarás ceadúnúcháin le haghaidh ceadúnais tiománaí SPSV. Is é an tÚdarás, agus é ag obair go dlúth leis an nGarda Síochána, a riarann na próisis iarratais agus athnuachana agus, chomh maith leis sin, próiseas eisiúna na gcártaí aitheantais do thiománaithe SPSV. Tá freagracht ar an nGarda Síochána fós maidir le grinnfhiosrúchán.

San iomlán, earcaíodh 1,617 dtiománaí nua agus is ionann an figiúr sin agus méadú 28% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

Ag deireadh na bliana, is é a bhí sa líon iomlán tiománaithe ceadúnaithe ná 27,328 agus b'ionann an figiúr sin agus méadú foriomlán 3%.

TÁILLÍ TACSAÍ AGUS ÍOCAÍOCHTAÍ GAN AIRGEAD TIRIM

Déantar athbhreithniú ar na táillí uasta tacsáí uair amháin i ngach tréimhse dhá bhliain chun athruithe ar chostais oibriúcháin agus ar an timpeallacht mhargaidh i leith thionscal na dtacsaithe a chur san áireamh. Rinneadh an t-athbhreithniú roimhe seo sa bhliain 2017.

Dá réir sin, chuir an tÚdarás tús le próiseas athbhreithnithe na dtáillí uasta tacsáí agus, mar chuid den athbhreithniú sin, athbhreithníodh costais tacsaithe agus rinneadh suirbhéanna i measc úsáideoirí tacsáí agus tiománaithe tacsaithe.

I bhfianaise na treochta i leith íocaíochtaí gan airgead tirim le haghaidh earraí agus seirbhísí, ar treocht í atá ag méadú go tapa, chinn an tÚdarás freisin go raibh sé tráthúil breithniú a dhéanamh i dtaobh a cheangal ar oibritheoirí tacsáí glacadh le híocaíochtaí gan airgead tirim, ach sin faoi réir liúntas a bheith ar fáil do na hoibritheoirí i leith an chostais bhreise a bhainfeadh leis an tseirbhís sin a sholáthar. Dá réir sin, mar chuid den athbhreithniú ar tháillí uasta tacsáí, rinneadh scrúdú freisin ar na costais a ghabhann le sainordú a thabhairt d'oibritheoirí tacsáí glacadh le híocaíochtaí cárta.

Ba é conclúid an athbhreithnithe gur ceart méadú thart ar 4.5% a dhéanamh ar an táille uasta náisiúnta tacsáí d'fhonn léiriú a thabhairt ar an méadú ar chostais oibriúcháin a bheadh le hiompar ag tiománaithe tacsáí, lena n-áirítear na costais bhreise i leith íocaíochtaí cárta.

I mí Mheán Fómhair, chuir an tÚdarás tús le próiseas comhairliúcháin phoiblí maidir leis an gcoigeartú a bhí beartaithe agus tháinig deireadh le tréimhse an chomhairliúcháin ar an 29 Deireadh Fómhair. Chuir an tÚdarás tús le próiseas tiomsaithe agus anailísithe na saincheistanna a ardaíodh sna freagraí a fuarthas agus, tar éis dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear an Coiste Comhairleach ar SPSV-anna, rinneadh comhairliúchán eile le tionscal na dtacsaithe agus le páirtithe leasmhara eile a chur siar i bhfianaise Chomhaontú Brexit um Tharraingt Siar a bhí le tarlú i mí Eanáir 2020 a iarchur .

GNÍOMHAÍOCHT MAIDIR LE COMHLÍONADH

Lean meitheal chomhlíontachta tacsaithe an Údaráis, ina bhfuil 23 oifigeach agus a oibríonn ar bhonn náisiúnta, de bhéim a leagan ar bhearta oideachais, díspreagtha agus forfheidhmiúcháin d'fhonn ardleibhéil chomhlíontachta i leith an chreata rialála a choimeád ar bun i measc oibritheoirí SPSV.

Leanadh de ghníomhaíochtaí comhlíontachta a chur i gcrích ar an mbonn seo a leanas: -

- » Seiceálacha ceadúnúcháin ar thiománaithe agus ar fheithiclí SPSV;
- » Iniúchtaí ar thiománaithe agus ar fheithiclí SPSV ar thaobh an bhóthair (lena n-áirítear iniúchtaí a dhéanamh ar mórmhoil iompair);
- » Comhoibríochtaí leis an nGarda Síochána, lena n-áirítear seicphointí agus oibríochtaí faoi cheilt, chun gníomhaíocht neamhcheadúnaithe SPSV a bhrath;
- » Gearáin ó thomhaltóirí a imscrúdú.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ FORFHEIDHMIÚCHÁIN

Rinneadh os cionn 196,000 seiceáil maidir le ceadúnú feithiclí agus tiománaithe i rith na bliana i leith 19,459 bhfeithicil ar leithligh. Is ionann ar figiúr sin agus líon níos mó ná 91% de na feithiclí ceadúnaithe go léir. Ar bhonn na seiceálacha sin, roghnaigh oifigigh chomhlíontachta 14,589 n-iniúchadh a dhéanamh ar thaobh an bhóthair.

Mar thoradh air sin, eisíodh 1,600 Fógra Íocaíochta Seasta i ndáil le cionta éagsúla arbh é ba chúis le 28% díobh ná mainneachtain ag tiománaithe SPSV an tÚdarás a chur ar an eolas faoin bhfeithicil a bhí á hoibriú.

IONCHÚISIMH

Thionscain an tÚdarás 257 n-ionchúiseamh mar gheall ar chionta éagsúla ar bhain 47% díobh le duine a bheith ag oibriú gan ceadúnas bailí SPSV nó le sealbhóir ceadúnais a bheith tar éis ligean do dhuine eile a bheith ag oibriú gan cheadúnas.

San iomlán, tharla 35% de na hionchúisimh a tugadh ar aghaidh de bharr mainneachtain ag oibritheoirí fógraí íocaíochta seasta a íoc. D'éirigh le 91% de na cásanna a thionscain an tÚdarás.

Tábla 21 - Ionchúisimh de réir chatagóir an chionta

Catagóir	Fochatagóir	Cásan-na 2018	Cásanna 2019
Oibriú SPSV neamhc-headúnaithe a oibriú	Gan ceadúnas tiománaí ná ceadúnas feithicle a bheith ann	47	36
	Gan Ceadúnas Tiomána a bheith ag tiománaí	57	28
	Gan Ceadúnas Feithicle a bheith ann	54	51
	A cheadú tiománaí/feithicil neamhcheadúnaithe a bheith ag oibriú/Mainneachtain taifid chruinne a choimeád	20	7
	Gan Ceadúnas Oibritheora Seolta a bheith ann	5	0
Táille ró-ard a ghearradh (Costais 'bhreise' gan ghá a chur leis an táille)		1	3
Mainneachtain an bealach is giorra a ghlacadh		2	0

Mainneachtain cloí le caighdeáin feithicle	0	2
Comhartha tacsáí a chur ar taispeáint go neamhdhleathach/Mainneachtain comharthaíocht a bhaint d'fheithicil neamhcheadúnaithe	19	27
Seirbhís SPSV neamhcheadúnaithe a fhógairt	1	2
Dul thar an líon uasta paisinéirí	6	4
Hacnaí/Limisín a bheith ina sheasamh lena fhruiliú	0	4
Mainneachtain Fógra Íocaíochta Seasta a íoc	114	93
Iomlán	326	257

GEARÁIN Ó THOMHALTÓIRÍ

I gcomparáid leis an mbliain 2019, tháinig méadú 5% ar an líon gearán a fuarthas ó chustaiméirí, is é sin, méadú go 1,383.

Maidir leis an 1,383 ghearán a fuarthas, ní rabhthas in ann tuairim is 47% díobh a chur ar aghaidh ar chúiseanna éagsúla, lena n-áirítear mainneachtain ag gearánaigh faisnéis a sholáthar nó gan iad a bheith toilteanach gníomhú mar fhinné chun críocha ionchúisimh agus, chomh maith leis sin, gan dóthain fianaise a bheith ann chun tacú le hionchúiseamh.

Tábla 22 - Gearáin ó Thomhaltóirí maidir le SPSV-anna

An cineál gearáin	2018	2019
Riocht, ródacmhainneacht agus glaineacht feithicilí	50	78
Iompar, iompraíocht agus aitheantas tiománaí	530	496
Nithe a bhaineann le fruiliú agus áirithint feithicilí	261	277
Aitheantas agus cuma ghinearálta atá ar fheithicilí, lena n-áirítear fógraín	3	3
Táillí ró-ard a ghearradh agus nithe eile a bhaineann le táillí	468	529
Iomlán	1,312	1,383

SÁSTACHT CHUSTAIMÉARA

Choimisiúnaigh an tÚdarás suirbhé arís chun measúnú a dhéanamh ar na leibhéil sástachta i measc custaiméirí i dtaca le hoibritheoirí agus seirbhísí SPSV. Rinneadh an suirbhé 'aghaidh ar aghaidh' i measc 1,015 aosach i mí Iúil.

Tá na leibhéil sástachta ard i gcónaí. De réir na dtorthaí, ní easaontaíonn ach 4% de phaisinéirí leis an ráiteas go soláthraíonn tacsaithe seirbhís mhaith de ghnáth.



TEANNTÁIL FEITHICLÍ

“*Tháinig méadú ar an bhfeasacht agus ar an tuiscint ar an reachtaíocht maidir le teanntáil*”

ACHOMHAIRC DHARA CHÉIM

Tá duine a ndearnadh a fheithicil nó a feithicil a theanntáil nó a athlonnú i dteideal achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh ina leith sin. Tá próiseas achomhairc dhá chéim forordaithe chuige sin. Cuireann an rialaitheoir páirceála iomchuí an chéad chéim i gcrích. Is féidir le hachomharcóir nach bhfuil sásta le toradh phróiseas na chéad chéime achomharc dara céim a dhéanamh chuig Oifigeach Achomharc Teanntála atá ainmnithe ag an Údarás.

Fuarthas achomhairc dhara céim i ndáil le teagmhais teanntála a rinne deich rialaitheoir teanntála éagsúla nó a rinneadh i gcomhréir le treoracha ó na rialaitheoirí sin. Maidir leis an líon achomharc nua dara céim a fuarthas, bhí méadú 691 (+35.5%) ann ina leith i gcomparáid leis an mbliain 2018 agus, dá bharr sin, ba ghá beirt Oifigeach Achomharc Teanntála a cheapadh.

Ba iad na príomhfhórais achomhairc a luaigh tiománaithe ina n-aighneachtaí achomhairc dara céim comharthaíocht neamhdhóthanach, earráidí i leith thaifeadadh uimhir chlárúcháin na feithicle, taispeáint mhícheart ticéad páirceála ar fheithiclí nó saincheisteanna maidir le feidhmiúlacht iarratas páirceála.

I gcás ina seasann Oifigeach Achomharc Teanntála le cinneadh dara céim, tá sé de cheangal ar an rialaitheoir páirceála an táille a d’íoc an tiománaí i leith scaoileadh an ghléis teanntála nó i leith athlonnú a aisíoc. Maidir le cúig cinn de na hachomhairc ar sheas Oifigigh Achomharc Teanntála leo, thionscain an tÚdarás caingean forfheidhmiúcháin in aghaidh rialaitheoir teanntála mar gheall ar mhainneachtain aisíocaíochtaí a phróiseáil laistigh den tréimhse riachtanach 14 lá. Sna cúig chás sin ar fad, aisíocadh an t-airgead iomchuí.

Tábla 23 - Achomhairc Dhara Chéim

Cineál	2018	2019
Achomhairc a tugadh ar aghaidh ón mbliain roimhe seo	48	106
Achomhairc nua a fuarthas	1,841	2,532
Iomlán na bliana 2019	1,889	2,638
Cásanna a cuireadh i gcrích sa bhliain 2019	1,783	2,318
Cásanna a bhí le cinneadh fós amhail ar an 31 Nollaig 2019	106	320 ¹²

Table 24 - Outcome of Second-Stage Clamping Appeals

12. Maidir leis na 320 cás sin, tá 111 cheann díobh scrúdaithe ag an Oifigeach Achomharc Teanntála agus tá bailchríoch le cur ar an bpróiseas cinnteoireachta fós.



An líon achomharc a breithníodh	Tarraingíodh siar ón bpróiseas/ Níor seasadh leo	Ceadaíodh (Aisíoc Iomlán)	Níor ceadaíodh		
			Níor tugadh aisíocaíocht	Aisíocaíocht Pháirteach	Aisíocaíocht Iomlán
2,318	1	1,005	1,307	4	1

GEARÁIN

Leis an reachtaíocht maidir le teanntáil feithiclí, tugtar an ceart do thiománaithe gearáin a ardú go díreach leis an Údarás maidir le gnéithe sonraithe áirithe d'oibríochtaí rialaitheora páirceála agus oibríttheora teanntála.

Fuarthas gearáin i ndáil le sé rialaitheoir páirceála/oibríttheoir teanntála éagsúla.

Maidir leis an líon gearán nua a fuarthas, tháinig méadú 12 ghearán (+22%) air i gcomparáid leis an mbliain 2018.

Tábla 25 - Gearáin

Cineál	2018	2019
Gearáin a tugadh ar aghaidh ón mbliain roimhe sin	3	7
Gearáin nua	51	59
Iomlán na bliana 2019	54	66
Cásanna a cuireadh i gcrích sa bhliain 2019	47	52
Cásanna a bhí le cinneadh fós amhail ar an 31 Nollaig 2019	7	14

Tábla 26 - Torthaí Gearán

Iomlán	Tarraingíodh siar/ Níor seasadh leo	Seasadh leo	Seasadh leo go páirteach	Níos seasadh leo
52	0	18	15	19

COMHARTHAÍOCHT

Lean an tÚdarás de mheasúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht na comharthaíochta in áiteanna teanntála ar fud na tíre i gcomhthéacs na gceanglas forordaithe teicniúil agus de mheasúnacht a dhéanamh ar an ngá le gníomh forfheidhmiúcháin in aghaidh rialaitheoirí páirceála chun comhlíontacht a áirithiú.

Cuireadh measúnuithe ar chomharthaíocht i gcrích i deich n-áit teanntála agus measúnaíodh 8 n-áit teanntála den chéad uair. Rinneadh tuarascálacha cuimsitheacha ar fáil ina dhiaidh sin do na rialaitheoirí páirceála iomchuí agus tugadh tréimhse 12 sheachtain dóibh siúd chun aon neamhchomhlíonadh a bhí tugtha faoi deara a leigheas. Ag deireadh na tréimhse sin, rinneadh athmheasúnú ar 2 láithreán.

I mí na Nollag, d'óstáil an tÚdarás ceardlann chun cabhrú le rialaitheoirí páirceála agus le hoibritheoirí teanntála tuiscint iomlán a fháil ar na ceanglais atá forordaithe i ndáil le comharthaíocht.

TEANTÁIL NEAMHDHLEATHACH

Chuir an tÚdarás 8 gcinn d'oibríochtaí comhlíontachta i gcrích chun cásanna gníomhaíochta teanntála neamhdhleathaí a shainaithint.

Le linn ceann amháin de na hoibríochtaí sin, tugadh gníomhaíocht teanntála neamhchomhlíontach faoi deara agus bhí sé sin ina ábhar do ghníomhartha iomchuí ag an Údarás.

CÓD CLEACHTAIS

D'ullmhaigh an tÚdarás dréacht-Chód Cleachtais chun treoir phraiticiúil a sholáthar do rialaitheoirí páirceála agus d'oibreacha teanntála agus chun caighdeán tionscail a bhunú i ndáil le hiompraíocht ghinearálta agus i ndáil le comhlíonadh dualgas.

Bhí an dréacht-Chód ina ábhar do chomhairliúchán poiblí i rith mhíonna Dheireadh Fómhair agus na Samhna. Tar éis aighneachtaí a fuarthas ó pháirtithe leasmhara a bhreithniú, cuireadh bailchríoch ar Chód Cleachtais athbhreithnithe i mí na Nollag.



NITHE CORPARÁIDEACHA I GCOITINNE

“*Cuireadh roinnt tionscnamh straitéiseach TFC i bhfeidhm le go mbeidh córais an Údaráis níos cobhsaí agus níos athléimní*”

TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE AGUS CUMARSÁIDE (TFC)

Leagadh béim mhór ar fhormhaoirseacht a dhéanamh ar rialachas slándála na bpríomhsholáthraithe na bhfochonraitheoirí a bhainistíonn córais ICT an Údaráis agus ar dheimhin a dhéanamh de go mbíonn cur chuige comhsheasmhach trédhearcach ann maidir le slándáil agus comhlíontacht. De bhreis air sin, rinneadh sraith ceanglas slándála agus rialachais de chineál níos comhsheasmhaí agus níos láidre a chur le gach Conradh nua agus le gach Conradh ar lorgaíodh atairiscintí ina leith.

Tháinig feabhas mór ar oibríochtaí slándála an Údaráis i rith na bliana. Déanann an tÚdarás measúnacht ar fheabhas na n-oibríochtaí sin trí chomparáid a dhéanamh gach bliain le caighdeáin an tionscail agus baintear úsáid as an bpróiseas sin chun feabhsú seasmhach a spreagadh.

Bhí ról an-ghníomhach agus an-chomhoibríoch ag an Údarás arís i ndáil le feabhas a chur ar shlándáil fhoriomlán Éiceachóras na n-oibrítheoirí iompair agus d'oibrigh sé i gcomhar le hoibrítheoirí iompair chun feabhsuithe ar chúrsaí slándála a chur chun cinn agus chun comhlíontacht a bhaint amach i ndáil leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí. Lean an tÚdarás d'fhormhaoirseacht a dhéanamh ar iarrachtaí Iarnród Éireann i dtaca le comhlíontacht a bhaint amach i ndáil le Treoir NIS maidir le slándáil líonra agus faisnéise. Faoi dheireadh na bliana 2019, bhíodas tar éis leibhéal ard comhlíontachta a bhaint amach.

Leanadh de na hiarrachtaí suntasacha maidir le húsáid néal-teicneolaíochta agus bhí an tÚdarás in ann leas a bhaint as an inscálaitheacht, as an aclaíocht, as an luas tógála agus as na buntáistí costais a bhí ar fáil. Tá an timpeallacht anailísíochta sonraí tógtha sa néal; aistríodh an Pleanálaí Náisiúnta Turas agus deich gcinn de láithreáin ghréasáin an Údaráis chuig an néal agus tógadh an córas nua Ticéadaithe Shoghluaiste sa néal.

Cuireadh roinnt tionscnamh straitéiseach TFC i bhfeidhm le go mbeidh córais an Údaráis níos cobhsaí agus níos athléimní. Leathnaíodh an bonneagar agus na córais mar thacaíocht le haghaidh suíomhanna breise oifige agus líon foirne méadaithe. Rinneadh nuachóiriú ar ríomhaire deisce agus ar ríomhairí glúine trí uasghrádú chuig Windows 10 a chur i bhfeidhm agus trí bhogadh ón mbonneagar fíorúil deisce. Uasdátaíodh Plean Leanúnachais Gnó agus comhaontaíodh é le haghaidh fheidhmeanna uile an Údaráis. Rinneadh an comhchuid i leith téarnaimh tar éis tubaiste a thástáil i leith na bpríomhchóras uile.

Tá tacaíocht éifeachtach TFC an-tábhachtach i ndáil le roinnt clár straitéiseach oibre de chuid an Údaráis a chur i gcrích ós rud é go soláthraíonn an tacaíocht sin seirbhísí bainistíochta tionscadail, straitéis TF agus sonraíocht maidir le riachtanais theicniúla agus slándála amach anseo agus, chomh maith leis sin, maidir le riachtanais i dtaca le hanailísíocht sonraí agus faisnéise de. San iomlán, cuireadh 78 dtionscadal i gcrích i rith na bliana agus chomhlíon os cionn 90% díobh na critéir iomchuí maidir le cáilíocht, sceideal agus costas.

COSAINT SONRAÍ

Rinneadh méid suntasach oibre lena chinntiú go mbeadh gach tionscadal nua agus gach córas nua comhlíontach, tráth a lainseála, i dtaca leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí de. Cuireadh múnla rialachais oibriúcháin i bhfeidhm chun comhlíontacht, i dtaca leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí de, a choimeád ar bun i ngach réimse gnó. Rinneadh méid suntasach oibre lena chinntiú go mbeadh socrú i leith Brexit “Gan Chomhaontú” san áireamh i gcomhaontuithe próiseála sonraí an Údaráis le soláthraithe.

SOLÁTHAR FOIRNE AGUS CÓIRÍOCHT

Uasdátaíodh Plean Straitéiseach Foirne an Údaráis sa bhliain 2018 agus fuarthas ceadú ina dhiaidh sin chun folúntais i ndáil le roinnt post tábhachtach san eagraíocht a líonadh.

Faoi dheireadh na bliana 2019, bhí 52 bhall foirne earcaithe ag an Údarás chun ról nua agus ról a bhí ann cheana féin a chomhlíonadh agus chun folúntais a athlínadh a bhí ann mar thoradh ar dhaoine a bheith tar éis an eagraíocht a fhágáil. Fuair an tÚdarás spás breise oifige gar dá cheannoifig láithreach chun freastal ar an líon foirne méadaithe.

NOCHTADH COSANTA

Ní bhfuair an tÚdarás aon nochtadh cosanta.

AN GHAEILGE

I Meán Fómhair, tháinig láithreán gréasáin an Údaráis dar teideal ‘Transport for Ireland’ chun bheith ar fáil i nGaeilge.

IDIRCHADREAMH LEIS AN OIREACHTAS

Bhí teagmháil fhorleathan ann le hionadaithe poiblí. Fuair an tÚdarás 2,056 fhiosrú ó ionadaithe poiblí.

Ghlac an Príomhfheidhmeannach agus daoine sinsearach eile de chuid na foirne bainistíochta i roinnt cruinnithe Coiste Oireachtais de réir mar atá leagtha amach i dTábla 25. Ina theannta sin, ghlac siad páirt i gcruinnithe le hionadaithe poiblí ar leithligh nó le grúpaí ionadaithe poiblí i ndáil le nithe a bhí ina n-ábhar inní.

Go luath sa bhliain 2019, d’fhreastail an Príomhfheidhmeannach ar chruinnithe de chuid Chomhairlí Contae na Mí, Chill Dara agus Chill Mhantáin.

Tábla 27 - Freastal ar chruinnithe de chuid Coistí Oireachtais

Mí	Coiste	An t-ábhar a bhí le plé
Feabhra	An Comhchoiste um Iompar, Turasóireacht agus Spórt	Local Link agus an Clár Iompair Tuaithe
Meán Fómhair	An Coiste um Chuntais Phoiblí	Ráitis Airgeadais 2018
Samhain	An Comhchoiste um Iompar, Turasóireacht agus Spórt	BusConnects
Samhain	An Comhchoiste um Iompar, Turasóireacht agus Spórt	Na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Trácht agus Locadh) (Leasú), 2019 agus an Beartas Náisiúnta Rothaíochta

IARRATAÍ SAORÁLA FAISNÉISE

Lean an líon iarrataí a fuair an tÚdarás de bheith ag méadú. San iomlán, fuarthas 202 iarraidh sa bhliain 2019 i gcomparáid le 163 i rith na bliana 2018, sin méadú 24%.

DUALGAS NA SEIRBHÍSE POIBLÍ I NDÁIL LE COMHIONANNAS AGUS CEARTA AN DUINE

Le halt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014, ceanglaítear ar chomhlachtaí poiblí aird a thabhairt ar na cuspóirí seo a leanas le linn dóibh a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh: -

- An t-idirdhealú a dhíchur;
- Comhionannas deiseanna agus córa dá bhfoireann agus do na daoine dá soláthraíonn siad seirbhísí a chur chun cinn; agus
- Cearta an duine atá ag a bhfoireann agus úsáideoirí a seirbhísí a chosaint.

I rith na bliana 2019, chuir an tÚdarás na tionscnaimh seo a leanas i bhfeidhm ar mhaithe leis na cuspóirí atá leagtha amach in Acht 2014 a bhaint amach: -

- » Thosaigh roinnt ball foirne cúrsa maidir le teanga chomharthaíochta na hÉireann;
- » Ghlac gach duine den fhoireann páirt in oiliúint maidir le feasacht ar Dhínit san Ionad Oibre; agus
- » Ullmhaíodh sainbheartas maidir le cearta an duine lena chur san áireamh i Lámhleabhar Fhostaithe an Údaráis a bhfuil beartas maidir le Dínit agus Meas san Ionad Oibre ann cheana féin.



RÓL AN ÚDARÁIS NÁISIÚNTA IOMPAIR

Is comhlacht neamhthráchtála Stáit é an tÚdarás agus oibríonn sé faoi choimirce na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

Bunaíodh an tÚdarás de bhun an Achta um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008.

I dtosach báire, ceapadh é mar údarás iompair do Mhór-Limistéar Bhaile Átha Cliath faoi Acht 2008. Ach tugadh ainm nua air, is é sin le rá, an tÚdarás Náisiúnta Iompair, san Acht um Rialáil Iompair Phoiblí 2009 lenar leathnaíodh feidhmeanna an Údaráis chun ceadúnú busanna agus beagfheithiclí seirbhíse poiblí, ar bhonn náisiúnta, a chur san áireamh.

Leis an Acht um Rialáil Tacsaithe 2013, inar comhdhlúthaíodh agus inar uasdátaíodh an reachtaíocht phríomha maidir le ceadúnú beagfheithiclí seirbhíse poiblí agus tiománaithe na bhfeithiclí sin, rinneadh scóip gheografach cuid d'fheidhmeanna an Údaráis a leathnú, ar bonn náisiúnta, freisin.

Leis an Acht Iompair Phoiblí 2016, rinneadh cumhachtaí an Údaráis a leathnú tuilleadh chun a chumhachtú dó fodhlíthe a dhéanamh chun úsáid seirbhísí bus poiblí fóirdheontais áirithe ag paisinéirí a rialáil.

Tháinig an tAcht um Theanntáil Feithiclí 2015 i bhfeidhm ar an 1 Deireadh Fómhair 2017 agus, leis an Acht sin, tugtar freagracht don Údarás i ndáil le rialáil gníomhaíochtaí teanntála ar bhonn náisiúnta.

Tá roinnt feidhmeanna sonracha ag an Údarás freisin maidir le bonneagar agus comhtháthú an réimse iompair agus maidir le pleanáil úsáide talún i Mór-Limistéar Bhaile Átha Cliath, rud a léiríonn na riachtanais ar leith i leith iompar poiblí agus bainistíocht tráchta sa réigiún sin, áit a bhfuil 40% de dhaonra an Stáit agus 43% den fhostaíocht sa Stát de réir áit chónaithe.

FEIDHMEANNA REACHTÚLA

Tríd is tríd, is féidir feidhmeanna reachtúla an Údaráis a achoimriú mar a leanas: -

FEIDHMEANNA NÁISIÚNTA (LENA N-ÁIRÍTEAR MÓR-LIMISTÉAR BHAILE ÁTHA CLIATH)

- » Seirbhísí iompair poiblí a fháil trí bhíthin conarthaí seirbhísí iompair poiblí;
- » Ticéadú, táillí agus faisnéis faoi iompar poiblí a chur ar fáil agus an méid sin á chur ar fáil ar mhodh comhtháite;

- » Líonra comhtháite iompair phoiblí a bhfuil teacht air a fhorbairt;
- » Seirbhísí poiblí bus do phaisinéirí nach bhfuil faoi réir conradh seirbhísí iompair phoiblí a cheadúnú;
- » An Clár Iompair Tuaithe a bhainistiú;
- » Bonneagar agus flít busanna a chur ar fáil;
- » Bonneagar agus scéimeanna rothaíochta a chur ar fáil leis an rothaíocht a chur chun cinn;
- » Branda aonair iompair phoiblí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm;
- » Creat rialála a fhorbairt agus a chothabháil chun beagfheithiclí seirbhíse poiblí (tacsaithe, hacnaithe agus limisíní) agus tiománaithe na bhfeithiclí sin a rialú agus a oibriú;
- » Rialáil a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí teanntála sa Stát;
- » Aighneachtaí reachtúla a ullmhú maidir le Straitéisí Réigiúnacha Spásúlachta agus Eacnamaíochta;
- » Sonraí staitistiúla agus faisnéis staitistiúil faoi chúrsaí iompair a bhailiú;
- » Cearta paisinéara AE sa réimse iompair iarnróid, mara, bus agus cóiste a chur i bhfeidhm;
- » Údaruithe agus foirmeacha turas AE maidir le taisteal bus agus cóiste a bhailíochtú de réir Rialachán AE Uimh. 1073/2009; agus
- » Feidhmiú i gcáil an chomhlachta náisiúnta comhréitigh do sholáthróirí seirbhísí leictreonacha dola.

MÓR-LIMISTÉAR BHAILE ÁTHA CLIATH AMHÁIN

- » Pleanáil straitéiseach a dhéanamh i leith cúrsaí iompair;
- » Infheistíocht a dhéanamh sa bhonneagar uile iompair phoiblí;
- » A áirithiú go ndéantar trácht agus an t-éileamh ar iompar a bhainistiú go héifeachtach.

FEIDHMEANNA EILE

De bhreis ar a fheidhmeanna reachtúla, cuireann an tÚdarás feidhmeanna eile i gcrích thar ceann na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ar bhonn neamhreachtúil. I measc na bhfeidhmeanna neamhreachtúla sin áirítear an méid seo a leanas: -

- » Pleanáil agus maoiniú i dtaca le tionscadail iompair inbhuanaithe i gcathracha réigiúnacha Chorcaí, na Gaillimhe, Luimnigh agus Phort Láirge;
- » Feidhmeanna riaracháin i ndáil le Clár na nIonad Oibre ‘Taisteal Níos Cliste’ agus Clár na gCampas ‘Taisteal Níos Cliste’;
- » Clár Taistil na Scoileanna Glasa a bhainistiú;
- » Maoiniúchán inrochtaineachta a chur ar fáil d’oibritheoirí iompair agus do chomhlachtaí gaolmhara eile; agus
- » Pleanáil straitéiseach iompair do na cathracha réigiúnacha (Corcaigh, Gaillimh, Luimneach agus Port Láirge).

RIALACHAS AN BORD


Déanann Bord, ar a bhfuil dáréag comhaltaí agus a gceapann an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt iad, an tÚdarás a rialú. I gcás trí cinn de na poist ar an mBord, is poist ex officio iad atá forchoimeádta don Phríomhfheidhmeannach, agus do bhainisteoir sinsearach eile de chuid an Údaráis agus do Phríomhfheidhmeannach Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Ag deireadh na bliana 2019, bhí folúntas amháin ann ar an mBord.

Is féidir comhaltaí boird a cheapadh ar feadh tréimhse suas go cúig bliana agus is féidir iad a athcheapadh. Ach ní thig le comhaltaí Boird níos mó ná deich mbliana a chaitheamh ar an mBord. Ní bhaineann an srian sin leis na comhaltaí ex officio ar comhaltaí a choinníonn a gceapacháin fad atá an post lena mbaineann á shealbhú acu.

COMHLAHT COMHAIRLEACH

Is é ról an Choiste Chomhairligh maidir le Beagfheithiclí Seirbhíse Poiblí comhairle a thabhairt don Údarás nó don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, de réir mar is cuí, maidir le saincheistanna a bhaineann le beagfheithiclí seirbhíse poiblí agus le tiománaithe feithiclí den sórt sin.

An tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt a cheapann comhaltaí an Choiste Chomhairligh.



FAISNÉIS FAOI CHOMHALTAÍ AN BHOIRD

FRED BARRY



Ceapadh Fred Barry mar Chathaoirleach an Údaráis Náisiúnta Iompair i mí na Samhna 2017. Ina theannta sin, is stiúrthóir neamhfheidhmeannach de chuid Eirvia é, agus de chuid Ghrúpa PM, é agus is é Cathaoirleach Bhord Forbartha Ospidéal Náisiúnta na Leanaí é. Roimhe seo, bhí sé ina stiúrthóir feidhmeannach de chuid cuideachtaí éagsúla in Jacobs Engineering Group Inc. agus de chuid an Údaráis Náisiúnta Iompair agus bhí sé ina stiúrthóir neamhfheidhmeannach de chuid Acadamh Innealtóireachta na hÉireann agus de chuid na Gníomhaireachta Náisiúnta Forbartha Airgeadais.

Ba é an Príomhfheidhmeannach Údarás um Bóithre Náisiúnta é ó 2005 go 2015. Roimhe sin, d'oibrigh sé ar bhonn idirnáisiúnta le Jacobs ar feadh 25 bliana agus, i rith na tréimhse sin, bhí ról bhainistíochta aige lena n-áirítear Stiúrthóir Bainistíochta Grúpa don Ríocht Aontaithe agus d'Éirinn. Is Innealtóir Cairte é agus, chomh maith leis sin, tá sé cáilithe mar abhcóide agus is Ánra d'Innealtóirí Éireann agus d'Acadamh Innealtóireachta na hÉireann é.

HUGH CREEGAN



Is é Hugh Creegan an Stiúrthóir um Infheistíocht in Iompar san Údarás agus is é an Leas-Phríomhfheidhmeannach é. Roimhe seo, bhí sé ag obair san Údarás um Bóithre Náisiúnta mar Cheann Rannóige agus freagracht air i ndáil le Comhpháirtíochtaí Poiblí-Príobháideacha, Oibríochtaí Tráchtála agus Pleanáil Straitéiseach. Is innealtóir sibhialta é a bhfuil taithí leathan aige ar mhórhionscadail san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach, lena n-áirítear Tollán Chalafort Bhaile Átha Cliath agus leathnú an M50 agus oibreacha gaolmhara i leith bailiú dolaí saorghluaiseachta.

ANN FITZGERALD



Is Stiúrthóir Neamhfheidhmeannach neamhspleách í Ann Fitzgerald agus, faoi láthair, is í an Leas-Chathaoirleach í ar Phainéal Táthcheangail na hÉireann. D'fhóin sí mar chathaoirleach ar an nGrúpa Straitéise um Thomhaltóirí, as ar lean cinneadh an Rialtais chun an Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí a bhunú agus d'fhóin sí mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta ar feadh cúig bliana go dtí Deireadh Fómhair 2012. Roimhe sin, ba í Ard-Rúnaí Chumann Bhainisteoirí Infheistíochta na hÉireann í tar éis aistriú chuig an gCumann ón Roinn Tionscail & Tráchtála sa bhliain 1989. Tá taithí níos mó ná 20 bliain ag Ann mar Stiúrthóir

Neamhfheidhmeannach go príomha i gcomhlachtaí tráchtála agus neamhthráchtála san earnáil phoiblí.

ANNE GRAHAM



Ceapadh Anne Graham mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an Údaráis Náisiúnta Iompair i mí Eanáir 2015. Roimhe sin, d'fhóin sí mar Stiúrthóir an Údaráis i leith Seirbhísí Iompair Phoiblí. Is Innealtóir Cairte í Anne agus tá Máistreacht aici in Eolaíocht Innealtóireachta i gCúrsaí Iompair ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, agus tá MBA aici ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Tá obair déanta aici le hÚdaráis Áitiúla Bhaile Átha Cliath mar Innealtóir Sibhialta, mar Bhainisteoir Tionscadail ar chuid mhór tionscadal agus mar Bhainisteoir Ceantair i gceantar Iardheisceart Chathair Bhaile Átha Cliath, mar ar tharraing sí seirbhísí údaráis áitiúil níos

cóngaraí do thomhaltóirí i gceithre oifig áitiúla.

OWEN KEEGAN



Ceapadh Owen P. Keegan ina Bhainisteoir ar Chathair Bhaile Átha Cliath i mí Mheán Fómhair 2013 i ndiaidh dó fónamh mar Bhainisteoir Contae ar Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin ó mhí Feabhra 2006. Sula ndeachaigh sé ag obair leis an gComhairle sin, bhí sí ag obair mar Bhainisteoir Cathrach Cúnta agus mar Stiúrthóir Tráchtála i gComhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Roimh Dheireadh Fómhair 1993, d'oibrigh sé mar eacnamaí in DKM Economic Consultants/ Davy Stockbrokers. D'obair sé sa Roinn Airgeadais agus san Institiúid um Thaighde Eacnamaíoch agus Sóisialta freisin.

agus chaith sé dhá tréimhse ag obair sa Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. As Baile Átha Cliath don Uas Keegan. Tá céimeanna aige sa riarachán poiblí, san eacnamaíocht agus san innealtóireacht shibhialta.

KEVIN KELLY



Tá taithí díreach ag Kevin Kelly ar chúrsaí míchumais ó tharla gur chaill sé radharc na súl sa bhliain 2001 nuair a bhí sé ceithre bliana déag d'aois. Faoi láthair, is é atá sa phost atá aige ná Ceann Beartais, Tacaíochta & Feachtas san NCBI (Comhairle Náisiúnta na hÉireann do na Daill). Roimhe sin, ba é Bainisteoir Tacaíochta agus Cumarsáide é i gCumann Asma na hÉireann. Ina theannta sin, d'fhóin sé mar Príomhoifigeach Feidhmiúcháin eatramhach an Chumainn sin nuair a bhí an post sin aige. Roimhe sin, d'oibrigh Kevin mar chúntóir parlaiminte i dTeach Laighean. Tá obair déanta aige, freisin, sna meáin áitiúla agus sna meáin náisiúnta. Tá céim aige san iriseoireacht ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus tá Máistreacht aige i nGnóthaí Poiblí agus i gCumarsáid Pholaitíochta ó Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath.

PAT MANGAN



D'fhóin Pat Mangan mar Rúnaí Cúnta sa Roinn Iompair ó 1995 go 2010, áit ina raibh freagracht air i ndáil le nithe amhail iompar poiblí, infheistíocht i gcúrsaí iompair agus airgeadas. Roimhe sin, bhí sé ina cheannasaí ar an mbeartas maidir le bóithre sa Roinn Comhshaoil agus bhí sé ina chathaoirleach ar Thionscnamh Iompair Bhaile Átha Cliath. Ba bhall de Chomhairle na hInstitiúide Cairte um Lóistíocht agus Iompar in Éirinn é go dtí Deireadh Fómhair 2019.

FRANK O'CONNOR



Is é Frank O'Connor Príomhfheidhmeannach Airtel ATN Limited, ar soláthraí réiteach cumarsáide sonraí é don tionscal eitlíochta. Ba dhuine de chomhbhunaitheoirí na cuideachta sin é sa bhliain 1998. Sular bhunaigh sé Airtel, d'oibrigh sé i roinnt cuideachtaí forbartha bogearraí, lena n-áirítear Retix agus CACI, ar cuideachtaí ilnáisiúnta de chuid na Stát Aontaithe iad. Is in Systems Dynamics a chuir sé tús lena ghairmréim sa bhliain 1976, áit ar chaith sé ocht mbliana, lena n-áirítear dhá bhliain sa Ghearmáin agus san Ísiltír. Ba stiúrthóir neamhfheidhmeannach in Aer Lingus é sa tréimhse 2014/15.

SINÉAD WALSH



Baineann cúlra Sinéad Walsh le cúrsaí míchumais agus le hoideachas riachtanas speisialta agus tá sí gníomhach sa réimse feasachta fianaise-bhunaithe míchumais le níos mó ná fiche bliain agus í ag obair ag obair sa líne thosaigh i réimse an iompair phoiblí san Údarás Náisiúnta Iompair.

Thacaigh Sinéad le PSO-nna na hÉireann, lena n-áirítear Bus Átha Cliath, le linn an aistrithe rathúil chuig flíteanna íseal-urláir ina bhfuil rochtain uilechoiteann ar fáil.

Chomhoibrigh Sinéad go rathúil le gníomhaithe ceannasacha míchumais i ndáil le forbairt agus soláthar oiliúna cúraim custaiméara agus i ndáil le nuálaíocht d'oibritheoirí iompair phoiblí na hÉireann.

Tacaíonn Sinéad le hiompar poiblí a bhfuil rochtain air, atá cothrom agus atá cobhsaí, ar iompar poiblí é a fhónann do riachtanais an phobail ar fad. Is céimí de chuid Cholaíste na Tríonóide í Sinéad Walsh agus tá Máistreacht aici sna Meáin Dhigiteacha.

BRIAN MCCORMICK



Is Stiúrthóir Cairte é Brian McCormick agus tá taithí forleathan aige ar bhainistíocht ghinearálta agus oibríochtúil, ar forbairt ghnó agus ar chúrsaí airgeadais chorpóraidigh in Éirinn agus ar bhonn idirnáisiúnta. Le déanaí, d'oibrigh sé mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin in An Post áit ina raibh sé ina Chathaoirleach ghnóthaí coimhdeacha freisin: An Post Insurance; agus d'oibrigh sé i gcuideachta bhainistíochta dháileacháin agus síntiús irise de chuid na Ríochta Aontaithe dar teideal Air Business Limited. Roimhe seo, d'oibrigh sé mar Stiúrthóir de chuid Merrion Corporate Finance agus bhí ról shinsearach bhainistíochta aige in CRH plc sna Stáit Aontaithe. Is céimí innealtóireachta de chuid an Cholaíste

Ollscoile, Baile Átha Cliath, é Brian agus tá MBA aige ó Scoil Wharton in Ollscoil Pennsylvania.

DAVID GRAY



Is Cuntasóir Cairte é David Gray agus is Sainchomhairleoir Neamhspleách é atá lonnaithe i mBéal Feirste. Tá a ghairmréim ar fad caite aige ag gabháil do Chleachtas Poiblí agus, go dtí mí an Mhárta 2019, ba é an Comhpháirtí i gceannas ar Iniúchadh Seachtrach agus Seirbhísí Rialachais Chorpóraidigh é in RSM UK LLP i mBéal Feirste.

Faoi láthair, tá sé ina Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin agus ina Chathaoirleach ar an gCoiste Iniúchta agus Riosca i Seirbhís Fuilastriúcháin na hÉireann agus is Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin de chuid Warrenpoint Harbour Authority é. Roimhe seo, bhí roinnt Ceapachán Poiblí aige lena n-áirítear Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin/Cathaoirleach

an Choiste Iniúchta sa Roinn Bonneagair (Tuaisceart Éireann); i Seirbhís Phóilíneachta Thuaisceart Éireann; agus in lontaobhas Phobail agus Ospidéal Uladh. Tá taithí aige mar eadránaí agus tá cáilíochtaí aige ina leith sin.

RÁITIS AIRGEADAIS

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019

FAISNÉIS FAOIN ÚDARÁS	66
RÁITEAS FAOI RIALACHAS AGUS TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ AN BHOIRD	68
RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH	74
TUARASCÁIL AN TARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE LENA TÍOLACADH DO THITHE AN OIREACHTAIS	80
RÁITEAS AR IONCAM AGUS CAITEACHAS AGUS AR CHÚLCHISTÍ IONCAIM COIMEÁDTA	82
RÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH	84
RÁITEAS AR AN STAID AIRGEADAIS	85
RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGID THIRIM	86
NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS	87

FAISNÉIS FAOIN ÚDARÁS

FAISNÉIS FAOIN ÚDARÁS:

Fred Barry

(Cathaoirleach)

Anne Graham

(Príomhoifigeach Feidhmiúcháin)

Hugh Creegan

Ann Fitzgerald

Dr. Berna Grist (tháinig deireadh lena ceapachán ar an 30 Samhain 2019)

Owen Keegan

Pat Mangan

Frank O'Connor

Sinéad Walsh

Kevin Kelly

Brian McCormick (ceapadh é ar an 1 Lúnasa 2019)

David Gray (ceapadh é ar an 1 Lúnasa 2019)

ATURNAETHA:

McCann Fitzgerald

Riverside One

37-42 Cé Sir John Rogerson

Baile Átha Cliath 2

D02 X576

BANKERS:

Allied Irish Banks plc

1- 4 Sráid Bhagóid Íochtarach

Baile Átha Cliath 2

D02 X342

Banc na hÉireann cpt

Sráid Bhagóid Íochtarach

Baile Átha Cliath 2

D02 Y754

INIÚCHÓIRÍ:

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

3A Sráid an Mhéara Uachtarach

Baile Átha Cliath 1

D01 PF72

RÁITEAS FAOI RIALACHAS AGUS TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ AN BHOIRD

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019

RIALACHAS

Is comhlacht neamhthráchtála Stáit é an tÚdarás Náisiúnta Iompair (“an tÚdarás”) agus oibríonn sé faoi choimirce na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (“RITS”).

Bunaíodh an tÚdarás de bhun an Achta um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008 agus, i dtosach báire, ceapadh é mar údarás iompair do Mhór-Limistéar Bhaile Átha Cliath faoi Acht 2008. Ach tugadh ainm nua air, is é sin le rá, an tÚdarás Náisiúnta Iompair, san Acht um Rialáil Iompair Phoiblí 2009 lenar leathnaíodh feidhmeanna an Údaráis chun bronnadh Conarthaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí, agus faireachán orthu, ceadúnú busanna agus beagfheithiclí seirbhíse poiblí, ar bhonn náisiúnta, a chur san áireamh.

Leis an Acht um Rialáil Tacsaithe 2013, inar comhdhlúthaíodh agus inar uasdátaíodh an reachtaíocht phríomha maidir le ceadúnú beagfheithiclí seirbhíse poiblí agus tiománaithe na bhfeithiclí sin, rinneadh scóip gheografach cuid d’fheidhmeanna an Údaráis a leathnú, ar bonn náisiúnta, freisin.

De réir an Achta um Theanntáil Feithiclí 2015 tá freagracht ar an Údarás i ndáil le rialáil gníomhaíochtaí teanntála ar bhonn náisiúnta.

Leis an Acht Iompair Phoiblí 2016, rinneadh freagrachtaí an Údaráis a leathnú tuilleadh chun a chumhachtú dó fodhlíthe a dhéanamh chun úsáid seirbhísí bus poiblí fóirdheontais áirithe ag paisinéirí a rialáil.

Coimeádann an tÚdarás roinnt feidhmeanna sonracha maidir le bonneagar agus comhtháthú an réimse iompair agus maidir le húsáid talún i Mór-Limistéar Bhaile Átha Cliath, rud a léiríonn na riachtanais ar leith i leith iompar poiblí agus bainistíocht tráchta i réigiún an oirthir.

Tá feidhmeanna Bhord an Údaráis leagtha amach in Alt 14 den Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008. Tá an Bord cuntasach don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus tá freagracht air i ndáil le dea-rialachas a chinntiú agus comhlíonann sé an cúram sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan amach agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh maidir le gach saincheist thábhachtach ghnó. Tá freagracht ar an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus ar an lucht bainistíochta sinsearach i ndáil le bainistíocht, rialú agus treorú an Údaráis ó lá go lá. Ní mór don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus don lucht bainistíochta sinsearach déanamh de réir na treorach straitéisí ginearálta a leagann an Bord síos agus ní mór dó/di a chinntiú go mbíonn tuiscint shoiléir ag gach comhalta den Bhord ar na príomh ghníomhaíochtaí agus ar na príomhchinntí a bhaineann leis an eintiteas agus ar aon rioscaí suntasacha ar dóigh dóibh teacht chun cinn. Gníomhaíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin mar phointe díreach idirchaidrimh idir an Bord agus lucht bainistíochta an Údaráis.

FREAGRACHTAÍ AN BHOIRD

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach i ndoiciméid a bhaineann le Rialachas Corparáideach an Údaráis, is é sin le rá, doiciméid dar teideal ‘Treoir-Phrionsabail don Údarás Náisiúnta Iompair’, ‘An Struchtúr Corparáideach agus Nithe atá forchoimeáda don Bhord’ agus ‘An Cód iompair gnó do Chomhaltaí an Údaráis’. Is sa dara doiciméad díobh sin atá na nithe atá forchoimeáda lena gcinneadh ag an mBord. I measc na míreanna seasta gnó a bhreithníonn an Bord áirítear an méid seo a leanas:

- » dearbhú leasanna;
- » tuarascálacha ón gCoiste Iniúchta agus Rioscaí;
- » tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta;
- » bainistíocht rioscaí;
- » tuarascálacha maidir le feidhmíocht; agus
- » nithe forchoimeáda.

Le hAlt 32 den Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008, ceanglaítear ar Bhord an Údaráis gach cuntas is cuí agus is gnách ar an airgead go léir a gheobhaidh an Bord agus a chaithfidh sé, lena n-áirítear Ráiteas ar Ioncam agus ar Chaiteachas agus ar Chúlchistí Ioncaim Coimeáda agus Ráiteas ar an Staid Airgeadais, a choimeád i cibé foirm a cheadóidh an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, le toiliú an Aire Airgeadais.

Le linn na ráitis airgeadais sin a ullmhú tá sé de cheangal ar Bhord an Údaráis an méid seo a leanas a dhéanamh:

- » beartais oiriúnacha cuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- » breithiúnais agus meastacháin chuntasaíochta atá réasúnach agus stuama a dhéanamh;
- » na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura rud é nach cuí glacadh leis go leanfaidh sé de bheith i ngníomh; agus
- » ráiteas a thabhairt á rá an ndearnadh de réir caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, ach sin faoi réir nochtadh a dhéanamh maidir le aon chásanna inar imíodh ó na caighdeáin sin agus míniú a bheith tugtha ina leith sin sna ráitis airgeadais.

Tá freagracht ar an mBord i ndáil le taifid leordhóthanacha chuntasaíochta a choimeád ina ndéantar staid airgeadais an Bhoird a nochtadh go réasúnta cruinn aon tráth áirithe agus lena gcumasaítear don Bhord a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 32 den Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008. Is ar an mBord atá an fhreagracht i ndáil le cothabháil agus iomláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais atá ann ar láithreán gréasáin an Bhoird.

Tá freagracht ar an mBord i ndáil leis an bplean bliantúil agus leis an mbuiséad bliantúil a cheadú. Rinneadh measúnú ar fheidhmíocht an Údaráis, faoi threoir an phlean bhliantúil agus an bhuiséid bhliantúil, a chur i gcrích i mí na Nollag 2019 agus cuireadh bailchríoch air i mí Eanáir 2020.

Tá freagracht ar an mBord freisin i ndáil le coimirciú shócmhainní an Údaráis agus, dá bhrí sin, i ndáil le bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an Bord go dtugann ráitis airgeadais an Bhoird léargas fíor cothrom ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais an Údaráis ar an 31 Nollaig 2019.

STRUCHTÚR AN BHOIRD

Déanann Bord, ar a bhfuil dáréag comhaltaí a gceapann an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt iad, an tÚdarás a rialú. I gcás trí cinn de na poist ar an mBord, is poist ex officio iad atá forchoimeáda don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, agus do bhainisteoir sinsearach eile de chuid an Údaráis, agus do Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Is féidir comhaltaí boird a cheapadh ar feadh tréimhse suas go cúig bliana agus is féidir iad a athcheapadh. Ach ní thig le comhaltaí Boird níos mó ná deich mbliana a chaitheamh ar an mBord. Ní bhaineann an srian sin leis na comhaltaí ex officio ar comhaltaí a choinníonn a gceapacháin fad atá an post lena mbaineann á shealbhú acu. Tháinig an Bord le chéile 11 uair déantar miontuairiscí na gcrúinnithe Boird a fhoilsiú ar láithreán gréasáin an Údaráis.

Sa tábla thíos leagtar amach an tréimhse cheapacháin i leith na gcomhaltaí reatha:

Comhalta Boird	Ról	Dáta an Cheapacháin
Fred Barry	Cathaoirleach	28 Samhain 2017
Anne Graham (Chief Executive Officer)	Gnáthchomhalta (<i>ex officio</i>)	7 Eanáir 2015
Hugh Creegan (Deputy Chief Executive Officer)	Gnáthchomhalta (<i>ex officio</i>)	29 Samhain 2010
Owen Keegan (Chief Executive Officer, Dublin City Council)	Gnáthchomhalta (<i>ex officio</i>)	3 Meán Fómhair 2013
Ann Fitzgerald	Gnáthchomhalta	24 Meán Fómhair 2015
Pat Mangan	Gnáthchomhalta	24 Meán Fómhair 2015
Frank O'Connor	Gnáthchomhalta	24 Meán Fómhair 2015
Sinead Walsh	Gnáthchomhalta	24 Meán Fómhair 2015
Kevin Kelly	Gnáthchomhalta	3 Lúnasa 2018
Brian McCormick	Gnáthchomhalta	1 Lúnasa 2019
David Gray	Gnáthchomhalta	1 Lúnasa 2019

Chuir an Bord athbhreithniú agus measúnú ar éifeachtacht an Bhoird i gcrích i Meitheamh 2020.

Tá Coiste Iniúchta agus Riosca bunaithe ag an mBord, ar coiste é ar a bhfuil triúr comhaltaí Boird agus beirt chomhaltaí seachtracha. Is é atá i ról an Choiste sin ná tacaíocht a thabhairt don Bhord maidir lena fhreagrachtaí i dtaca le saincheisteanna a bhaineann le rioscaí, rialú, agus rialachas agus i dtaca le deimhniú i leith na saincheisteanna sin. Tá an Coiste Iniúchta agus Riosca neamhspleách ar lucht bainistíochta na heagraíochta. Go háirithe, cinntíonn an Coiste go ndéantar faireachán gníomhach neamhspleách ar na córais inmheánacha rialaithe, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchta. Tuairiscíonn an Coiste don Bhord i ndiaidh gach cruinniú Coiste agus, chomh maith leis sin, ar bhonn foirmiúil i scríbhinn uair amháin sa bhliain.

Is iad comhaltaí an Choiste Iniúchta agus Riosca Frank O'Connor (Cathaoirleach), Pat Mangan, Brian Hayes (Comhalta Neamhspleách agus Comhpháirtí sa ghnólachta ar a dtugtar Moore Chartered Accountants), agus John Smyth (Comhalta Neamhspleách agus príomhaí ag Chartered Direction Limited). Ceapadh Fred Barry chuig an gCoiste Iniúchta agus Riosca, ar bhonn sealadach, ó mhí Feabhra go mí Mheán Fómhair 2019. Ceapadh David Gray chuig an gCoiste Iniúchta agus Riosca ae an 13 Meán Fómhair 2019. Bhí sé chruinniú ag an gCoiste Iniúchta agus Riosca sa bhliain 2019.

SCEIDEAL TINRIMH, TÁILLÍ AGUS CAITEACHAS

Tá sceideal tinrimh ag cruinnithe den Bhord agus Coiste sa bhliain 2019 leagtha amach thíos, lena n-áirítear na táillí agus na costais a fuair gach comhalta ar leith:

	An Bord	ARC	Táillí 2019 (€)	Costais 2019 (€)	Táillí 2018 (€)	Costais 2018 (€)
An líon cruinnithe	11	6				
	Cruinnithe a rabhthas i dteideal freastal orthu (An líon cruinnithe ar freastalaíodh orthu)					
Fred Barry	11(11)	4(4)	20,520	-	20,520	-
Anne Graham	11(11)	-	-	-	-	-
Hugh Creegan	11(11)	-	-	-	-	-
Ann Fitzgerald	11(11)	-	11,970	42	11,970	-
Berna Grist	10(10)	-	10,782	200	11,970	-
Owen Keegan	11(9)	-	-	-	-	-
Pat Mangan	11(11)	6(6)	-	40	-	-
Frank O Connor	11(10)	6(6)	11,970	44	11,970	-
Sinead Walsh	11(11)	-	11,970	80	11,970	-
Kevin Kelly	11(10)	-	11,970	492	4,719	-
Brian McCormick	4(4)	-	4,719	-	-	-
David Gray	4(2)	2(1)	4,719	379	-	-
Frank Gleeson	-	-	-	-	6,194	-
Fiona Ross	-	-	-	-	5,643	-
Costais Eile*	-	-	-	2,890	-	-
			88,620	4,167	84,956	-

* Baineann Costais Eile le costas maidir le cruinniú amháin den Bhord a seoladh lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.

D'fhreastail Brian Hayes, ar comhalta seachtrach den Choiste Iniúchta agus Riosca é, ar chúig cinn de na sé chruinniú a bhí ag an gCoiste sin i rith na bliana. Ba é a bhí ina tháille don bhliain 2018 ar táille í a bhí iníoctha le cleachtas cuntasóireachta Moore ná €14,760 (agus CBL san áireamh) (2018: €14,760 (agus CBL san áireamh)).

D'fhreastail John Smyth, ar comhalta seachtrach den Choiste Iniúchta agus Riosca é, ar gach ceann de na sé chruinniú a bhí ag an gCoiste sin i rith na bliana. Ba é a bhí ina tháille don bhliain ar táillí a bhí iníoctha le Chartered Direction Limited ná €17,712 (agus CBL san áireamh) (2018: €5,904 (agus CBL san áireamh)).

Rinne Pat Mangan táillí Boird an Údaráis a bhí iníoctha leis a tharscaoileadh.

Bhí triúr stiúrthóirí ann nach bhfuair aon táillí Boird i gcomhréir leis an bprionsabal maidir le 'Duine Amháin Tuarastal Amháin' - is é sin le rá, Anne Graham, Hugh Creegan agus Owen Keegan. Tabhaítear costais i leith Anne Graham agus Hugh Creegan mar chuid dá gconradh fostaíochta agus ní mar thoradh ar iad a bheith i láthair ag cruinnithe boird; dá bhrí sin, níor cuireadh a gcuid costas san áireamh sa nóta seo.

PRÍOMHATHRUITHE PEARSANRA

Cheap an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt David Gray agus Brian McCormick chuig an mBord ar feadh téarma trí bliana dar tosach an 1 Lúnasa 2019.

NOCHTADH A ÉILÍTEAR LEIS AN GCÓD CLEACHTAIS MAIDIR LE RIALACHAS COMHLACHTAÍ STÁIT (2016)

Tá freagracht ar an mBord i ndáil lena chinntiú gur chomhlíon an tÚdarás ceanglais an Chóid Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit (“an Cód”), a d’fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. De réir an Chóid, is gá nochtadh a dhéanamh maidir leis na nithe seo a leanas:

COSTAIS SAINCHOMHAIRLEOIREACHTA

Áiríonn costais sainchomhairleoireachta an costas a bhaineann le comhairle sheachtrach a fháil don lucht bainistíochta agus ní áiríonn sé gnáthfheidhmeanna gnó atá seachfhoinsithe.

	2019 €'000	2018 €'000
Seirbhísí comhairleacha iompair	2,067	1,271
Cúrsaí DLÍ	2,329	1,449
Comhairle maidir le cúrsaí cánach agus airgeadais	189	67
Cosaint Sonraí agus ullmhúchán le haghaidh RGCS	37	161
Pinsin agus acmhainní daonna	7	8
	4,629	2,956

Costais sainchomhairleoireachta a mhuirearaítear ar loncam agus Caiteachas agus ar Chúlchistí loncaim Coimeádta	4,629	2,247
Costais sainchomhairleoireachta a caipitlíodh	-	709
	4,629	2,956

COSTAIS DLÍ AGUS SOCRAÍOCHTAÍ

Sa tábla thíos, soláthraítear miondealú maidir le méideanna atá aitheanta mar chaiteachas sa tréimhse thuairiscithe i ndáil le costais dlí, socraíochtaí agus imeachtaí comhréitigh agus eadrána i dtaca le conarthaí le tríú páirtithe. Ní áiríonn sé sin caiteachas a tabhaíodh i dtaca le comhairle ghinearálta a fuair an tÚdarás agus a nochtadh sna costais Sainchomhairleoireachta thuas.

	2019 €'000	2018 €'000
Imeachtaí dlíthiúla	147	142
Íocaíochtaí comhréitigh agus eadrána	-	-
Socraíochtaí	-	-
	147	142

CAITEACHAS TAISTIL AGUS COTHAITHE

Déantar caiteachas taistil agus cothaithe a chatagóiriú mar a leanas:

	2019 €'000	2018 €'000
Taisteal agus cothú intíre		
An Bord	4	-
Fostaithe	82	70
Taisteal agus cothú idirnáisiúnta		
An Bord	-	-
Fostaithe	27	21
	113	91

CAITEACHAS AÍOCHTA

Tá an caiteachas aíochta seo a leanas san áireamh sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sna Cúlchistí Ioncaim Coimeádta:

	2019 €'000	2018 €'000
Aíocht foirne	12	6
Aíocht chliant	1	-
	13	6

RÁITEAS COMHLÍONTACHTA

Tá an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) glactha ag an mBord agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm aige lena chinntiú go ndéantar de réir an Chóid. Chomhlíon an tÚdarás an Cód ina iomláine sa bhliain 2019.

SIGNED ON BEHALF OF THE BOARD OF THE NATIONAL TRANSPORT AUTHORITY



Fred Barry
Cathaoirleach



Anne Graham
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Dáta: 19 Meitheamh 2020

Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019

SCÓIP NA FREAGRACHTA

Thar ceann an Údaráis Náisiúnta Iompair (“an tÚdarás”), aithním an fhreagracht atá ar an mBord i ndáil lena chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm agus á chothabháil. Áiríonn an fhreagracht sin ceanglais an Chód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit (“an Cód”).

CUSPÓIR AN CHÓRAS RIALAITHE INMHEÁNAIGH

Tá an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha chun rioscaí a bhainistiú go feadh leibhéal inghlactha, seachas deireadh a chur leo. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnach, agus ní deimhniú iomlán, a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcoimirciú, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí agus go ndéantar earráidí ábhartha agus mírialtachtaí a chosc nó a bhrath ar mhodh tráthúil.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, atá ag teacht le treoir a d’eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm san Údarás i rith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2019 agus suas go dáta ceadaithe na ráiteas airgeadais.

ACMHAINNEAGH MAIDIR LE BAINISTÍOCHT RIOSCA

Tá Coiste Iniúchta agus Riosca ag an Údarás, ar coiste é ar a bhfuil triúr comhaltaí Boird, a bhfeidhmíonn duine amháin acu mar Chathaoirleach, agus beirt chomhaltaí seachtracha, a bhfuil taithí airgeadais agus iniúchta ag duine amháin acu. Tháinig an Coiste sin le chéile sé huaire sa bhliain 2019.

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh bunaithe ag an Údarás freisin trí ghnólacht iniúchta tríú páirtí a úsáid, ar gnólacht é a bhfuil acmhainní dóthanacha aige agus a sheolann clár oibre atá comhaontaithe leis an gCoiste Iniúchta agus Riosca.

Tá creat bainistíochta riosca forbartha ag an Údarás, tá beartais ghaolmhara agus nósanna imeachta gaolmhara sainithe aige agus tá a leibhéal inghlacthachta, ó thaobh rioscaí de, leagtha amach aige. I measc na nósanna imeachta bainistíochta riosca áirítear mionsonraí faoi róil agus faoi fhreagrachtaí na foirne i ndáil le bainistíocht riosca. Rinneadh na gnéithe cuí de na beartais agus de na nósanna imeachta maidir le bainistíocht riosca a eisiúint chuig gach duine de chuid phearsanra an Údaráis. Is é is aidhm dó sin ná foláireamh a thabhairt do gach duine, agus don lucht bainistíochta go háirithe, maidir le rioscaí atá ag teacht chun cinn agus rialú a dhéanamh ar laigí, agus béim á leagan ar úinéireacht i leith an ábhair seo a bheith ag gach duine ar leith ina réimsí oibre féin. Tá Príomhoifigeach Riosca ag an Údarás agus tá freagracht oibríochtúil ar an oifigeach sin i ndáil leis an gcreat bainistíochta riosca a riaradh.

AN CREAT RIOSCA AGUS RIALAITHE

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Údarás, ar córas é trína sainaitheantar agus trína dtuairiscítear na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá déanta chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus chun na rioscaí sin a mhaolú go feadh an méid is mó agus is agus is cuí.

Mar thoradh ar phróisis bhainistíochta riosca, tá na príomhrioscaí nach mór don Údarás déileáil leo sainaitheanta agus tá cláir ann ina dtaifeadtar na rioscaí sin. Tá measúnú déanta ar na rioscaí agus grádaíodh iad de réir a suntasachta. Déanann an Bord agus an Coiste Iniúchta agus Riosca na cláir a athbhreithniú agus a uasdátú ag gach ceann de na cruinnithe a bhíonn acu. Baintear úsáid as toradh na measúnachtaí sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithroinnt lena chinntiú a mhéid is indéanta, go ndéantar rioscaí a bhainistiú go feadh leibhéal inghlactha.

Daingním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm agus go mbaineann na gnéithe seo a leanas léi:

- » Tá doiciméadú déanta maidir leis na nósanna imeachta le haghaidh na bpríomhphróiseas gnó;
- » Tá freagrachtaí airgeadais sannta ar leibhéal an lucht bainistíochta agus tá cuntasacht chomhfhreagrach ann i leith na bhfreagrachtaí sin;
- » Tá córas cuí buiséadaithe i bhfeidhm a bhfuil buiséad bliantúil ag gabháil leis agus coimeádann an lucht bainistíochta sinsearaí agus an Bord an buiséad sin faoi athbhreithniú;
- » Tá córais ann arb é is aidhm dóibh ná a chinntiú go bhfuil na córais teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide slán;
- » Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a choimirciú; agus
- » Tá nósanna imeachta rialaithe ann maidir le maoiniúchán deontais do ghníomhaireachtaí seachtracha lena chinntiú go bhfuil rialú dóthanach á dhéanamh ar cheadú deontas agus go bhfuil faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh orthu siúd a fhaigheann deontais d'fhonn a chinntiú go mbaintear úsáid as an maoiniúchán deontais le haghaidh an chuspóra a bhí beartaithe.

FAIREACHÁN AGUS ATHBHREITHNIÚ LEANÚNACH

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun faireachán a dhéanamh ar phróisis rialaithe, agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd a bhfuil freagracht orthu i ndáil le gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord. Daingním go bhfuil na córais faireacháin leanúnaigh seo a leanas i bhfeidhm:

- » Tá na príomhrioscaí agus na príomhrialuithe gaolmhara sainaitheanta agus tá próisis curtha i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh atá sainaitheanta a thuairisciú;
- » Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal a bhfuil freagracht i ndáil le bainistiú airgeadais sannta dó; agus
- » Déanann an lucht bainistíochta sinsearaí athbhreithnithe go tráthrialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais ina dtugtar léiriú ar fheidhmíocht i gcomparáid le buiséid/réamhaisnéisí.

EARRAÍ AGUS SEIRBHÍSÍ A FHÁIL

Daingním go bhfuil nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag an Údarás lena chinntiú go gcomhlíontar na rialacha agus na treoirlínte reatha maidir le hearraí agus seirbhísí a fháil agus daingním gur chomhlíon an tÚdarás na nósanna imeachta sin sa bhliain 2019. Tá sé tugtha dá aire ag an Údarás go ndeachaigh conradh amháin le haghaidh seirbhísí agus tacaíocht TF thar na méideanna a bhí luaite sa tairiscint ar dtús. Ba é ba chúis leis an méadú ar na costais chonartha ná leathnú ghníomhaíochtaí an Údaráis agus tionscadail áirithe nach raibh san áireamh nuair a bhí an próiseas tairisceana comórtais ar siúl. Cé nach raibh na tionscadail sin san áireamh ar dtús, samhlaíodh go mbeadh gá le tacaíocht bhreise agus bhí foráil ann sa chonradh á rá “Forchoimeádann an tÚdarás Náisiúnta lompair an ceart chun seirbhísí a chur leis an gconradh nó a bhaint de”.

MAOINIÚCHÁN LE HAGHAIDH INFHEISTÍOCHT CHAIPITIÚIL - RIALUITHE

Ba é a bhí sa mhaoiniúchán le haghaidh Infheistíocht Chaipitiúil sa bhliain 2019 ná €271m (2018: €244m). I measc na rialuithe a bhaineann leis an maoiniúchán sin áirítear an méid seo a leanas:

- » A chinntiú go bhfuil tionscadail ar leithligh ailínithe leis na ceithre chlár infheistíochta caipitiúla iompair phoiblí (i.e. Bearta Taistil Chliste & lompair Inbhuanaithe, Sábháilteacht & Forbairt an réimse Iarnróid Throim, Bonneagar lompair Phoiblí, agus Rothaíocht & Siúl) agus le pleananna straitéiseacha;
- » Idirchaidreamh rialta leis an Roinn lompair, Turasóireachta agus Spóirt agus cuspóirí, spriocanna, buiséid agus infhaighteacht maoiniúcháin a shocrú i gcomhar leis an Roinn lompair, Turasóireachta agus Spóirt, agus tuairisciú a dhéanamh maidir le dul chun cinn;
- » Ullmhú agus ceadú pleananna forfheidhmithe tionscadal agus idirchaidreamh dlúth i ndáil le tionscadail a phleanáil, agus faireachán a dhéanamh ar ghníomhaireachtaí Stáit, ar oibritheoirí iompair agus ar údaráis áitiúla a ghníomhaíonn thar ceann an Údaráis le linn tionscadail éagsúla a chur i bhfeidhm;
- » A chinntiú go ndéanann an lucht bainistíocht sinsearaí buiséid a bhunú do thionscadail ar leithligh, agus go ndéanann siad faireachán ar na buiséid sin, agus go ndéantar dialltaí a shainaithint agus a imscrúdú ar mhodh tráthúil. I gcás tionscadail mhóra, a chinntiú go ndéantar tuairisciú míosúil don Bhord maidir le caiteachas iarbhir i gcomparáid leis an mbuiséad;
- » Idirchaidreamh le Bord an Údaráis i leith treoir a lorg, ceadú ábhartha a fháil agus tuarascálacha ar dhul chun cinn a sholáthar;
- » A chinntiú go bhfuil formhaoirseacht chuí leordhóthanach ann; agus
- » A chinntiú go bhfaightear deimhnithe sásúla tríd an bpróiseas iniúchta inmheánaigh.

MAOINIÚCHÁN OIBLEAGÁIDE SEIRBHÍSE POIBLÍ (PSO) - RIALUITHE

Ba é a bhí sa mhaoiniúchán PSO sa bhliain 2019 ná €294m (2018: €273m). I measc na rialuithe a bhaineann leis an maoiniúchán sin áirítear an méid seo a leanas:

- » Conarthaí daingne seirbhíse le hoibritheoirí iompair phoiblí, idir chuideachtaí faoi úinéireacht an Stáit agus chuideachtaí príobháideacha araon, chun seirbhísí bus agus iarnróid a sholáthar atá riachtanach don tsochaí ach nach bhfuil inmharthana de ghnáth ó thaobh cúrsaí tráchtála de.

- » A chinntiú go bhfuil rialuithe daingne ann maidir le bailiú ioncaim táillí thar ceann an Údaráis;
- » Tuairisciú agus faireachán rialta ar na príomhtháscairí feidhmíochta, lena n-áirítear iontaofacht agus poncúlacht seirbhísí;
- » Gach athrú a dhéantar ar chonarthaí a bhaineann le seirbhísí iompair phoiblí a bheith ceadaithe ag an Údarás;
- » Athbhreithniú rialta ar chonarthaí a bhaineann le seirbhísí iompair d'fhonn fás i leith úsáid iompair phoiblí a spreagadh agus d'fhonn gníomhú mar fhreagairt ar éileamh athraitheach.
- » Cruinnithe rialta le hoibritheoirí iompair phoiblí lena chinntiú go bhfuil na seirbhísí ag freastal ar riachtanais phaisinéara agus go bhfuil luach ar airgead á fháil;
- » Tuairisciú rialta do Bhord an Údaráis agus do RITS agus idirchaidreamh a dhéanamh leo go tráthrialta; agus
- » A chinntiú go bhfaightear deimhnithe sásúla tríd an bpróiseas iniúchta inmheánaigh.

SCÉIM THICÉADAITHE CHOMHTHÁITE DON CHÁRTA LEAP - RIALUITHE

Is é a bhí san ioncam ó tháillí iompair phoiblí a próiseáladh trí scéim an chárta Leap sa bhliain 2019 ná €367m (2018: €320m). I measc rialuithe na scéime áirítear ab méid seo a leanas:

- » Déantar sraith fhorleathan beart bailíochtaithe i leith idirbhearta a dhéantar ar an gcóras, is é sin le rá, gach uile idirbheart a phróiseáiltear i gcórais Leap;
- » Cothabháil leanúnach a dhéanamh ar chreat cuimsitheach rialuithe/réiteach airgeadais. I measc cuspóirí eile, tá na nithe sin ceaptha chun aon aimhrialtachtaí idir córais Leap nó sna gluaiseachtaí airgeadais ar fud scéim Leap a shainaithint;
- » Sraith chuimsitheach beart slándála a thabhairt isteach chun rochtain a rialú, chun leochaileachtaí a bhrath agus chun iompraíochtaí aimhrialta agus neamhghnácha ar an líonra a bhrath. Ina theannta sin, áiríonn sé sin roinnt athbhreithnithe agus iniúchtaí slándála ar an gcóras, lena n-áirítear tástálacha i leith treá slándála;
- » Cothabháil leanúnach a dhéanamh ar shraith chuimsitheach príomhtháscairí feidhmíochta (de chineál airgeadais, oibríochtúil, TFC etc.) chun aird a tharraing ar threochtaí neamhghnácha gnó;
- » Athbhreithniú leanúnach feidhmíochta ar sholáthróirí seirbhísí ag bainisteoirí scéime agus ag lucht bainistíochta sinsearaí an Údaráis, mar aon le hidirchaidreamh dlúth leis na hoibritheoirí iompair rannpháirteacha;
- » Roinnt beart a bhaineann le leanúnachas gnó agus téarnamh tar éis tubaiste a áireamh chun athléimneacht agus deimhniú i leith leanúnachas gnó a sholáthar; agus
- » Athbhreithniú bliantúil ag iniúcháirí neamhspleácha ar an gCaighdeán Idirnáisiúnta um Dhearbhú Iontaofachta (ISAE) 3402, a chlúdaíonn gnéithe den scéim a rialaíonn agus a bhainistíonn an tÚdarás. Comhlánaítear an méid sin trí bhíthin athbhreithnithe a dhéanann iniúcháirí neamhspleácha na n-oibritheoirí móra iompair rannpháirteacha agus clúdaíonn na hathbhreithnithe sin gnéithe den scéim a rialaíonn agus a mbainistíonn na hoibritheoirí iompair iad.

SÓCMHAINNÍ I LEITH FEITHICLÍ BÓTHAIR DO PHAISINÉIRÍ - RIALUITHE

Ba é a bhí i nglanluach leabhair na bhFeithiclí Bóthair do Phaisinéirí sa bhliain 2019 ná €181m (2018: €116m). I measc na rialuithe a bhaineann leis na sócmhainní sin áirítear an méid seo a leanas:

- » A chinntiú go ndéantar gach rialachán AE maidir le soláthar poiblí a chur i bhfeidhm, agus go gcomhlíontar gach rialachán den sórt sin, le linn Feithiclí Bóthair do Phaisinéirí a cheannach;
- » An fhoireann soláthair a bheith bainteach go gníomhach, agus an fhoireann sin a bheith páirteach, i ngach gné den phróiseas soláthair Feithiclí Bóthair do Phaisinéirí;
- » Ceadú a fháil ón mBord i leith na gconarthaí go léir a bhronntar i ndáil le Feithiclí Bóthair do Phaisinéirí a bheith á gceannach ag an Údarás Náisiúnta Iompair;
- » Maidir le seirbhísí a ndéantar próiseas tairisceana comórtais ina leith, a chinntiú go ndéantar na socruithe maidir le Feithiclí Bóthair do Phaisinéirí a sheachadadh ar an Oibritheoir Iompair a chur san áireamh mar chroí-fhorálacha i ngach conradh agus go ndéantar freagrachtaí an Oibritheora i ndáil le bainistíocht sócmhainní a leagan amach go soiléir sna forálacha sin;
- » Maidir le conarthaí dírdhámhachtana, a chinntiú go bhfuil comhaontuithe i bhfeidhm maidir le socruithe léasaithe Feithiclí Bóthair do Phaisinéirí a aistriú chuig an Oibritheoir; Déantar mionsonraí faoi na ceanglais a bhaineann le cothabháil an fhlít busanna a shonrú sna comhaontuithe sin.
- » Le déanaí, fuarthas seirbhísí iniúchta feithiclí chun iniúchtaí ar Fheithiclí Bóthair do Phaisinéirí a chur i gcrích in iostaí;
- » Cuireann na hoibritheoirí tuarascálacha ráithiúla ar fáil maidir le Feithiclí Bóthair do Phaisinéirí, lena n-áirítear aon saincheisteanna a thagann chun cinn i ndáil le hoibriú, cothabháil nó deisiú sócmhainní, mar aon le fianaise go ndearnadh saincheisteanna a bhaineann le sócmhainní a chur i láthair ar leithligh óna chéile;
- » A chinntiú go bhfuil dianrialuithe ann maidir le sainaithint, taifeadadh agus aicmiú sócmhainní lena n-áirítear clár mionsonraithe sócmhainní dochta a choimeád, ar clár é a uasdátaítear, a réitítear agus a thuairiscítear gach mí; agus
- » A chinntiú go ndéantar sócmhainní a choimirciú trí idirphlé leanúnach leis na hoibritheoirí iompair i ndáil le húsáid an fhlít, lena n-áirítear athbhreithnithe bliantúla fíorúcháin fhisiciúil agus trí dhaingniú a fháil ó oibritheoirí iompair maidir le riocht agus stádas an fhlít, lena n-áirítear aon táscairí i leith aon laigí sa riocht nó sa stádas sin.

ATHBHREITHNIÚ AR ÉIFEACTHACHT

Daingním go bhfuil nósanna imeachta ag an Údarás chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe riosca an Údaráis. Le linn don Údarás faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht an chóras rialaithe inmheánaigh, baintear úsáid as faisnéis a fhaightear ó obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, ó obair an Choiste Iniúchta agus Riosca, a dhéanann formhaoirseacht ar obair na n-iniúcháirí sin agus ar obair an lucht bainistíochta sinsearaí ar a bhfuil freagracht i ndáil leis an gcreat rialaithe airgeadais inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil.

Daingním go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha i leith na bliana 2019 i mí an Meitheamh 2020.

Rinne an tÚdarás athbhreithniú ar a chomhlíontacht i ndáil le ceanglais BCL na gCoimisineirí loncaim sa bhliain 2019 a chur i gcrích. Mar thoradh ar an athbhreithniú, rinneadh nochtadh toildeonach do na Coimisinéirí loncaim. Rinneadh athruithe ar na próisis iomchuí chun comhlíontacht amach anseo a áirithiú.

SAINCHEISTEANNA MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH

Fuair an tÚdarás fógra faoi mhíleithreasú mhaoiniúchán €64,000 a leithroinneadh d'Aonad Comhordaithe Iompair faoin gClár Iompair Tuaithe. Tá an té a rinne an chalaois líomhnaithe ag aisíoc na gcistí faoi chomhaontú aisíocaíochta Chabhraigh an tÚdarás leis an Aonad Comhordaithe Iompair athbhreithniú a dhéanamh ar a gcuid rialuithe inmheánacha agus na rialuithe sin a neartú.

I rith mhí na Samhna 2019, thug an tÚdarás moill faoi deara maidir le roinnt réiteach bainc seachtainiúil a fháil, ar réitigh iad a chuirtear ar fáil mar chuid den chonradh a bhaineann le hoibríochtaí seachfhoinsithe Ticéadaithe Chomhtháite Chártaí Leap. I rith na tréimhse lena mbaineann, tharla roinnt srianta ó thaobh acmhainní de i gcás an Oibritheora Ticéadaithe Chomhtháite Chartá Leap sin. Chuir an tÚdarás daoine den phearsanra ar fáil chun cabhrú le hoibritheoir seachfhoinsithe Ticéadaithe Chomhtháite na moilleanna a leigheas. Tá na réitigh bhainc go léir faighte anois agus tá an sceideal a bhí ann roimhe seo á oibriú arís, ar sceideal é ar dá réir a sheachadtar réitigh ar bhonn seachtainiúil agus tá an tOibritheoir Ticéadaithe Chomhtháite Chártaí Leap tar éis acmhainní breise a fháil.

Seachas na nithe atá luaite thuas, ní dhearnadh aon laigí maidir le rialú inmheánach, ar laigí iad ar gá iad a nochtadh sna ráitis airgeadais, a shainaithint i leith na bliana 2019.

ARNA SHÍNIÚ THAR CEANN BHORD AN ÚDARÁIS NÁISIÚNTA IOMPAIR



Fred Barry
Cathaoirleach

Dáta: 19 Meitheamh 2020

AN TARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE

Tuarascáil lena tíolacadh do Thithe an Oireachtais



Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste **Comptroller and Auditor General**

Report for presentation to the Houses of the Oireachtas **National Transport Authority**

Opinion on the financial statements

I have audited the financial statements of the National Transport Authority for the year ended 31 December 2019 as required under the provisions of section 32 of the Dublin Transport Authority Act 2008 (as amended). The financial statements comprise

- the statement of income and expenditure and retained revenue reserves
- the statement of comprehensive income
- the statement of financial position
- the statement of cash flows and
- the related notes, including a summary of significant accounting policies.

In my opinion, the financial statements give a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of the National Transport Authority at 31 December 2019 and of its income and expenditure for 2019 in accordance with Financial Reporting Standard (FRS) 102 — *The Financial Reporting Standard applicable in the UK and the Republic of Ireland*.

Basis of opinion

I conducted my audit of the financial statements in accordance with the International Standards on Auditing (ISAs) as promulgated by the International Organisation of Supreme Audit Institutions. My responsibilities under those standards are described in the appendix to this report. I am independent of the National Transport Authority and have fulfilled my other ethical responsibilities in accordance with the standards.

I believe that the audit evidence I have obtained is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion.

Report on information other than the financial statements, and on other matters

The National Transport Authority has presented certain other information together with the financial statements. This comprises the annual report, the governance statement and Board members' report, and the statement on internal control. My responsibilities to report in relation to such information, and on certain other matters upon which I report by exception, are described in the appendix to this report.

I have nothing to report in that regard.

Seamus McCarthy
Comptroller and Auditor General

25 June 2020

Appendix to the report

Responsibilities of Board members

As detailed in the governance statement and Board members' report, the Board members are responsible for

- the preparation of financial statements in the form prescribed under section 32 of the Dublin Transport Authority Act 2008 (as amended)
- ensuring that the financial statements give a true and fair view in accordance with FRS102
- ensuring the regularity of transactions
- assessing whether the use of the going concern basis of accounting is appropriate, and
- such internal control as they determine is necessary to enable the preparation of financial statements that are free from material misstatement, whether due to fraud or error.

Responsibilities of the Comptroller and Auditor General

I am required under section 32 of the Dublin Transport Authority Act 2008 (as amended) to audit the financial statements of the National Transport Authority and to report thereon to the Houses of the Oireachtas.

My objective in carrying out the audit is to obtain reasonable assurance about whether the financial statements as a whole are free from material misstatement due to fraud or error. Reasonable assurance is a high level of assurance, but is not a guarantee that an audit conducted in accordance with the ISAs will always detect a material misstatement when it exists. Misstatements can arise from fraud or error and are considered material if, individually or in the aggregate, they could reasonably be expected to influence the economic decisions of users taken on the basis of these financial statements.

As part of an audit in accordance with the ISAs, I exercise professional judgment and maintain professional scepticism throughout the audit. In doing so,

- I identify and assess the risks of material misstatement of the financial statements whether due to fraud or error; design and perform audit procedures responsive to those risks; and obtain audit evidence that is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion. The risk of not detecting a material misstatement resulting from fraud is higher than for one resulting from error, as fraud may involve collusion, forgery, intentional omissions, misrepresentations, or the override of internal control.
- I obtain an understanding of internal control relevant to the audit in order to design audit procedures that are appropriate in the circumstances, but not for the purpose of expressing an opinion on the effectiveness of the internal controls.
- I evaluate the appropriateness of accounting policies used and the reasonableness of accounting estimates and related disclosures.

- I conclude on the appropriateness of the use of the going concern basis of accounting and, based on the audit evidence obtained, on whether a material uncertainty exists related to events or conditions that may cast significant doubt on the National Transport Authority's ability to continue as a going concern. If I conclude that a material uncertainty exists, I am required to draw attention in my report to the related disclosures in the financial statements or, if such disclosures are inadequate, to modify my opinion. My conclusions are based on the audit evidence obtained up to the date of my report. However, future events or conditions may cause the National Transport Authority to cease to continue as a going concern.
- I evaluate the overall presentation, structure and content of the financial statements, including the disclosures, and whether the financial statements represent the underlying transactions and events in a manner that achieves fair presentation.

I communicate with those charged with governance regarding, among other matters, the planned scope and timing of the audit and significant audit findings, including any significant deficiencies in internal control that I identify during my audit.

Information other than the financial statements

My opinion on the financial statements does not cover the other information presented with those statements, and I do not express any form of assurance conclusion thereon.

In connection with my audit of the financial statements, I am required under the ISAs to read the other information presented and, in doing so, consider whether the other information is materially inconsistent with the financial statements or with knowledge obtained during the audit, or if it otherwise appears to be materially misstated. If, based on the work I have performed, I conclude that there is a material misstatement of this other information, I am required to report that fact.

Reporting on other matters

My audit is conducted by reference to the special considerations which attach to State bodies in relation to their management and operation. I report if I identify material matters relating to the manner in which public business has been conducted.

I seek to obtain evidence about the regularity of financial transactions in the course of audit. I report if I identify any material instance where public money has not been applied for the purposes intended or where transactions did not conform to the authorities governing them.

I also report by exception if, in my opinion,

- I have not received all the information and explanations I required for my audit, or
- the accounting records were not sufficient to permit the financial statements to be readily and properly audited, or
- the financial statements are not in agreement with the accounting records.

RÁITEAS AR IONCAM AGUS CAITEACHAS AGUS AR CHÚLCHISTÍ IONCAIM COIMEÁDTA

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019

Ioncam	Nótaí	2019 €'000	2018 €'000
Deontais Oireachtais			
Maoiniúchán Oibleagáide Seirbhíse Poiblí (PSO)	2.1	293,668	272,999
Maoiniúchán le haghaidh Infheistíocht Chaipitiúil	2.2	271,461	244,001
Scéimeanna eile Iompair	2.3	17,799	18,057
Deontas riaracháin	2	16,068	8,844
Ioncam ó tháillí	3	24,847	3,340
Scéim an chárta Leap - Táillí oibritheora iompair	4	12,549	10,751
Ioncam ó cheadúnúchán	5	6,326	6,176
Glanmhaoiniúchán iarchurtha le haghaidh pinsean	15.3	2,004	1,652
Ioncam eile	6	9,399	8,998
Gnóchan ar aistriú busanna	17	6,205	12,445
Aistriú (chuig an)/ón gcuntas caipitiúil	21	(59,621)	(82,623)
Ioncam iomlán		600,705	504,640


Caiteachas	Nótaí	2019 €'000	2018 €'000
Caiteachas Oibleagáide Seirbhíse Poiblí (PSO)	7	314,449	270,792
Caiteachas Infheistíochta Caipitiúla	8	222,883	170,646
Caiteachas eile ar dheontais & ar chlár	9	22,141	21,941
Caiteachas ar scéim chárta Leap	4	18,341	16,984
Caiteachas ar cheadúnú	10	4,408	4,052
Fostaithe, daoine ar iasacht agus seirbhísí socrúcháin seachfhoinsithe	11	14,551	11,029
Costais sochair scoir	14	2,073	2,139
Costais chóiríochta oifige	12	2,835	1,748
Costais eile riaracháin	13	6,854	4,715
Caiteachas iomlán		608,535	504,046
(Easnamh)/Barrachas don bhliain		(7,830)	594
larmhéid a tugadh ar aghaidh ar an 1 Eanáir		6,807	6,213
larmhéid a tugadh ar aghaidh ar an 31 Nollaig		(1,023)	6,807

Tá Nótaí 1 go 30 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

ARNA SHÍNIÚ THAR CEANN BHORD AN ÚDARÁIS NÁISIÚNTA IOMPAIR



Fred Barry
Cathaoirleach



Anne Graham
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Dáta: 19 Meitheamh 2020

RÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019

	Nótaí	2019 €'000	2018 €'000
(Easnamh)/Barrachas don bhliain		(7,830)	594
Ioncam cuimsitheach eile			
Atomhais ar an nglanoibleagáid i leith sochair shainithe	15.2	(9,392)	467
Coigeartú ar an maoiniúchán i leith sochar iarchurtha scoir	15.2	9,392	(467)
(Easnamh)/barrachas iomlán aitheanta don bhliain		(7,830)	594

Tá Nótaí 1 go 30 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

ARNA SHÍNIÚ THAR CEANN BHORD AN ÚDARÁIS NÁISIÚNTA IOMPAIR



Fred Barry
Cathaoirleach



Anne Graham
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Dáta: 19 Meitheamh 2020

RÁITEAS AR AN STAID AIRGEADAIS

Amhail ar an 31 Nollaig 2019

	Nótaí	2019 €'000	2018 €'000
Sócmhainní Dochta			
Sócmhainní doláimhsithe	16	27,993	32,123
Maoin, gléasra agus trealamh	17	191,965	126,190
		219,958	158,313

Sócmhainní Reatha			
Infháltais	18	8,150	4,368
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim		39,298	44,713
		47,448	49,081
Míreanna iníoctha: dlite laistigh de 1 bhliain	19	(50,816)	(42,179)
Glansócmhainní reatha		(3,368)	6,902
Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha		216,590	165,215

Oibleagáidí sochair scoir	15.2	(43,491)	(32,095)
Sócmhainn mhaoiniúcháin sochair scoir iarchurtha	15.2	43,491	32,095
Míreanna iníoctha atá dlite tar éis níos mó ná 1 bhliain	20	(595)	(1,011)
Glansócmhainní iomlána		215,995	164,204


Á maoiniú trí bhíthin:			
Cuntas caipitiúil	21	217,018	157,397
Cúlchistí ioncaim coimeádta		(1,023)	6,807
		215,995	164,204

Tá Nótaí 1 go 30 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

ARNA SHÍNIÚ THAR CEANN BHORD AN ÚDARÁIS NÁISIÚNTA IOMPAIR



Fred Barry
Cathaoirleach



Anne Graham
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Dáta: 19 Meitheamh 2020

RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGID THIRIM

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019

	Nótaí	2019 €'000	2018 €'000
Glansreabhadh airgid thirim as gníomhaíochtaí oibriúcháin			
Barrachas ioncaim /(easnamh) i gcomparáid le caiteachas		(7,830)	594
Aistrithe cuntais chaipitiúil - sócmhainní dochta	21	59,621	82,623
Amúchadh sócmhainní doláimhsithe	16	9,044	8,723
Dímheas maoin, gléasra agus trealaimh	17	20,243	15,560
Coigeartú amúchta i leith athaicmiú sócmhainní dochta		181	-
Gnóchan ar aistriú busanna	17	(6,205)	(12,445)
Ús bainc is iníochta/(atá infhaighte)		(103)	14
(Méadú)/laghdú ar infháltais		(3,783)	(400)
Méadú ar mhéideanna iníochta		8,222	13,417
Glansreabhadh airgid thirim as gníomhaíochtaí oibriúcháin		79,390	108,086

Sreabhadh airgid thirim as gníomhaíochtaí infheistíochta			
Íocaíochtaí chun sócmhainní doláimhsithe a fháil	16	(4,417)	(6,546)
Íocaíochtaí chun maoin, gléasra agus trealamh a fháil	17	(80,491)	(88,831)
Glansreabhadh airgid thirim as gníomhaíochtaí infheistíochta		(84,908)	(95,377)

Sreabhadh airgid thirim as gníomhaíochtaí maoiniúcháin			
Aisíoc oibleagáidí léasa airgeadais		-	-
Ús bainc a íocadh/(a fuarthas)		103	(14)
Glansreabhadh airgid thirim as gníomhaíochtaí maoiniúcháin		103	(14)
Glanmhéadú ar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim		(5,408)	12,695
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ar an 1 Eanáir		44,713	32,018
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ar an 31 Nollaig		39,298	44,713

Tá Nótaí 1 go 30 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

ARNA SHÍNIÚ THAR CEANN BHORD AN ÚDARÁIS NÁISIÚNTA IOMPAIR



Fred Barry
Cathaoirleach



Anne Graham
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Dáta: 19 Meitheamh 2020

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019

1. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Tá na boinn chuntasaíochta agus na beartais shuntasacha cuntasaíochta atá glactha ag an Údarás leagtha amach thíos.

A) GINEARÁLTA

Tá ceannoifig an Údaráis lonnaithe i nDún Scéine, Lána Fhearchair, Baile Átha Cliath 2. Is é atá i bpríomhchuspóir an Údaráis ná córas éifeachtúil, inrochtana agus comhtháite iompair a áirithiú i gceantair thuaithe agus i gceantair uirbeacha na hÉireann. Ina theannta sin, tá freagracht ar an Údarás i ndáil le rialáil seirbhísí amhail seirbhísí tráchtála iompair phoiblí agus Beagfheithiclí Seirbhíse Poiblí (“SPSV”).

Is eintiteas sochair phoiblí é an tÚdarás.

Is é an Euro airgeadra cur i láthair agus airgeadra feidhmiúil na ráiteas airgeadais seo. Rinneadh gach méid a luaitear sna ráitis airgeadais a chothromú go dtí an €1,000 is gaire.

B) AN BONN ULLMHÚCHÁIN

Rinneadh ráitis airgeadais an Údaráis don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019 a ullmhú de réir an chleachtais chuntasaíochta a nglactar leis go ginearálta in Éirinn, lena n-áirítear FRS 102, is é sin, an caighdeán tuairiscithe airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn agus atá eisithe ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais (FRC) agus fógartha ag Cuntasóirí Cairte Éireann.

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm atá ceadaithe ag an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, le comhthoiliú ón Aire Airgeadais faoin Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gcomhréir leis an gCód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016).

C) AIRGEADRA COIGRÍCHE

Idirbhearta agus iarmhéideanna

Le linn ráitis airgeadais an Údaráis a ullmhú, rinneadh idirbhearta in airgeadraí seachas airgeadra feidhmiúil an Údaráis a aithint de réir an spotráta ar dhátaí na n-idirbheart nó de réir meánráta i gcás ina raibh an meánráta sin thart ar an ráta iarbhair a bhí ann ar dháta an idirbhirt. Ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe, déantar míreanna airgeadaíochta atá ainmnithe in airgeadraí iasachta a athaistriú de réir na rátaí a bhí ann ar an dáta sin. Ní dhéantar míreanna neamhairgeadaíochta a thomhaistear i dtéarmaí costais stairiúil in airgeadra iasachta a athaistriú.

Aithnítear difríochtaí malairte sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus ar Chúlchistí loncaim Coimeádta sa tréimhse ina dtarlaíonn siad, ar leith ó athruithe malairte i leith ceannach sócmhainní dochta a scaoiltear chuig an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas thar shaolré na sócmhainne iomchuí.

D) IONCAM

Deontais Oireachtais

Sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus ar Chúlchistí Ioncaim Coimeádta, aithnítear ioncam ar bhonn fáltais airgid thirim. Uaireanta, más rud é, i dtaca le gné éigin den mhaoiniúchán, go ngabhann coinníoll léi maidir le feidhmíocht amach anseo, déantar an t-ioncam a aithint nuair a chomhlíontar an coinníoll sin. Tá mionsonraí faoi fhoinsí agus faoi chineálacha na ndeontas sa bhliain 2019 leagtha amach thíos:

An Roinn	An Cineál Deontais
DTTAS* - Vóta	Deontais reatha - fo-mhírcheann B9.2
DTTAS* - Vóta	Maoiniúchán Oibleagáide Seirbhíse Poiblí - fo-mhírcheann B7.1
DTTAS* - Vóta	Bearta taistil níos cliste & iompair inbhuanaithe - fo-mhírcheann B8.1
DTTAS* - Vóta	Sábháilteacht & forbairt iarnróid throim - fo-mhírcheann B8.2
DTTAS* - Vóta	Bonneagar iompair phoiblí - fo-mhírcheann B8.3
DTTAS* - Vóta	Rothaíocht agus siúl - fo-mhírcheann B8.5
DTTAS* - Vóta	Deontas 'Taisteal níos cliste' - fo-mhírcheann B8.1
DTTAS* - Vóta	Deontas na scoileanna glasa - fo-mhírcheann B8.4
DTTAS* - Vóta	Deontais Iompair Tuaithe - fo-mhírcheann B7.2
DEASP** - Vóta	Maoiniúchán saorthaistil - fo-mhírcheann A38

* An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ("RITS")

** An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí ("RGFCS")

Is ionann an cuntas caipitiúil agus an chuid neamhamúchta den ioncam a úsáideadh chun críocha caipitiúla. Déantar sócmhainní dochta a mhaoiniú ó ioncam deontais a aistrítear chuig an gcuntas caipitiúil agus a ndéantar é a amúchadh i gcomhréir le hamúchadh sócmhainní doláimhsithe agus i gcomhréir le dímheas maoine, gléasra agus trealaimh.

Ceadúnú

Baineann sé seo le hioncam a éiríonn as ceadúnú feithiclí/tiománaithe, as gníomhaíochtaí measúnachta agus forfheidhmiúcháin maidir le rialáil tacsaithe agus ceadúnú seirbhísí iompair phoiblí bus. Aithnítear ioncam ar bhonn fáltais airgid thirim.

Scéim na gCártaí Leap

Tagann ioncam as athghearradh costas oibriúcháin ar na hoibritheoirí iompair atá páirteach i scéim na gCártaí Leap. Aithnítear ioncam ar bhonn fabhraithe.

Córais faisnéise taistil

Tagann ioncam as athghearradh costas oibriúcháin ar na hoibritheoirí ioncaim a bhaineann tairbhe as an bPleanála Náisiúnta Turas agus as Faisnéis Fhíor-Ama do Phaisinéirí. Aithnítear ioncam ar bhonn fabhraithe.

Fógraíocht ar scáthláin bhus

Baineann sé seo le hioncam a éiríonn as spás fógraíochta ar scáthláin bhus a dhíol. Aithnítear ioncam ar bhonn fabhraithe.

Ioncam ó pháirceáil cóistí

Baineann sé seo le hioncam a thagann ón úsáid a bhaineann oibritheoirí cóistí as an tsaoráid chóiste-chlóis, de réir na rátaí is infheidhme. Aithnítear ioncam ar bhonn fabhraithe.

An Scéim Réigiúnach maidir le Rothair

Tagann ioncam as fruiú rothar agus as spás fógraíochta a dhíol. Aithnítear ioncam ar bhonn fabhraithe.

E) IONCAM Ó THÁILLÍ

Faigheann an tÚdarás ioncam ó tháillí i leith bealaí éagsúla a seoltar próiseas tairisceana poiblí ina leith a oibriú. Tá roinnt conarthaí ag an Údarás maidir le seirbhísí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí (PSO) ar seoladh próiseas tairisceana oscailte ina leith, lena n-áirítear seirbhísí a bhí á n-oibriú roimhe seo ag Bus Átha Cliath nó ag Bus Éireann mar chuid dá gconarthaí. Leanann an tÚdarás de nithe amhail táillí, minicíocht agus sceidealú a leagan síos agus ní hé an t-oibritheoir a dhéileálann leis na nithe sin. Baineann an tÚdarás úsáid as an ioncam sin, ar ioncam é de bhreis ar maoiniúchán deontais ón Oireachtas, chun gníomhaíochtaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí a mhaoiniú.

Airgead tirim ar bord busanna:

Déantar ioncaim airgid thirim a aithint ag an bpointe díola, is é sin le rá, ar an lá a soláthraítear an tseirbhís.

Scéim thicéadaithe chomhtháite don chárta Leap - ioncam r-sparáin:

Maidir leis an scéim thicéadaithe chomhtháite Chártaí Leap le haghaidh busanna, aithnítear ioncam r-sparáin ar an lá a soláthraítear an tseirbhís.

TaxSaver:

Aithnítear ticéid bhliantúla TaxSaver go cothrom thar na tréimhsí sa bhliain lena mbaineann an táirge.

Ioncam ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí (RGFCS):

Faightear ioncam ón RGFCS ar bhonn míosúil agus aithnítear é sa mhí lena mbaineann sé. Déantar na fáiltais ioncaim a ríomh ar bhonn a líon paisinéirí saorthaistil ar tháille lascaithe agus faightear ina riaráistí iad.

F) ÚS INFHÁLA/ÚS INÍOCTHA

Is ar bhonn fabhraithe a aithnítear ioncam nó costas i leith úis.

G) CAITEACHAS DEONTAIS

Aithnítear caiteachas na bliana ar bhonn méideanna a eisíoctar le deontaithe agus ar bhonn costas a thabhaítear le haghaidh tionscadal a gcuireann an tÚdarás i bhfeidhm iad go díreach.

H) SÓCMHAINNÍ DOLÁIMHSITHE

Luaitear sócmhainní doláimhsithe de réir a gcostais stairiúil nó a luachála stairiúla, lúide amúchadh carntha. Muirearaítear amúchadh ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus ar Chúlchistí Ioncaim Coimeádta ar bhonn líne dírí, de réir na rátaí atá leagtha amach thíos, arna ríomh chun na sócmhainní a dhíscríobh, arna choigeartú i leith luach iarmharach thar a saolré úsáideach ionchasach. Muirearaítear amúchadh bliana iomláine ar shuim iomlán na sócmhainní dochta doláimhsithe go léir sa bhliain ina bhfaightear iad, agus ní mhuirearaítear aon amúchadh i mbliain na diúscartha.

Bogearraí córas iompair líne dhíreach 10%-20%

Aithnítear costais forbartha bogearraí mar shócmhainn dholáimhsithe nuair a

thaispeántar go bhfuil na critéir uile seo a leanas á gcomhlíonadh:

- » Féidearthacht ó thaobh cúrsaí teicniúla a bheith ann go ndéanfar na bogearraí a ullmhú ionas go mbeidh siad ar fáil lena n-úsáid nó lena ndíol;
- » É a bheith ar intinn na bogearraí a ullmhú agus iad a úsáid nó a dhíol;
- » An cumas chun na bogearraí a úsáid nó a dhíol;
- » Acmhainní leordhóthanacha teicniúla agus airgeadais agus acmhainní eile a bheith ar fáil chun an fhorbairt a chur i gcrích agus chun na bogearraí a úsáid nó a dhíol; agus
- » An cumas chun an caiteachas atá inchurtha i leith na mbogearraí agus iad á bhforbairt a thomhas ar dhóigh iontaofa.

I) MAOIN, GLÉASRA AGUS TREALAMH

Luaitear maoín, gléasra agus trealamh de réir a gcostais stairiúil nó a luachála stairiúla, lúide dímheas carntha. Muirearaítear dímheas ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus ar Chúlchistí Ioncaim Coimeádta ar bhonn líne dírí, de réir na rátaí atá leagtha amach thíos arna ríomh chun na sócmhainní a dhíscríobh, arna choigeartú i leith luach iarmharach thar a saolré úsáideach ionchasach. Muirearaítear dímheas bliana iomláine ar shuim iomlán na maoine, an gléasra agus an trealamh go léir sa bhliain ina bhfaightear iad, agus ní mhuireataítear aon dímheas i mbliain na diúscartha.

Feabhsúcháin ar mhaoín léasach	líne dhíreach 5% nó i gcomhréir le ré an léasa
Feithiclí bóthair do phaisinéirí	líne dhíreach 8.33%
Crua-earraí córas iompair	líne dhíreach 10%-25%
Trealamh oifige	líne dhíreach 10% do throscán & daingneáin & 25% do threalamh ríomhaireachta
Bonneagar iompair	líne dhíreach 6.67%-25%

Is é is mó atá i gceist le bonneagar iompair ná sócmhainní a úsáidtear i ndáil leis scéim réigiúnach maidir le rothair, i ndáil le faisnéis fhíor-ama do phaisinéirí agus i ndáil le scáthlámh ag stadanna bus.

J) FEITHICLÍ BÓTHAIR DO PHAISINÉIRÍ

Ón mbliain 2017 i leith, faigheann an tÚdarás busanna chun flít bhusanna láraithe chaighdeánaithe a chothabháil le haghaidh iompar poiblí. Cuirtear na busanna sin ar fáil d'oibritheoirí iompair phoiblí ansin trí bhíthin socruithe ceadúnúcháin (táille ríchiosa nialasach) ní socruithe léasa (cíos ainmniúil bliantúil €1 in aghaidh an bhus) chun seirbhísí iompair phoiblí a oibriú thar ceann an Údaráis.

Tá cinneadh déanta ag an Údarás go gcomhlíonann na busanna seo an sainmhíniú ar shócmhainn agus go meastar go mbeidh tairbhí eacnamaíochta ar fáil amach anseo ó na busanna, rud a fhágann gur féidir na busanna a aithint mar shócmhainn faoi FRS 102. Cuid lárnach den chinneadh sin is ea go meastar gur eintitis sochair phoiblí é an tÚdarás, de réir mar atá leagtha amach sna beartais chuntasaíochta. Déantar na busanna a aithint ar dtús de réir costais nó de réir costas dímheasta an tráth a bhfaightear iad.

Tá cinneadh déanta ag an Údarás freisin nach ionann na socruithe ceadúnúcháin ná na socruithe léasa leis na hoibritheoirí iompair phoiblí agus léas de réir Roinn 20 de FRS 102. Gné bhunúsach den chinneadh sin is ea go gcoimeádann an tÚdarás an ceart, sa dá chás chun treoir a thabhairt i dtaobh conas a úsáidtear busanna, agus cén cuspóir dá n-úsáidtear iad, ar feadh thréimhse iomlán a n-úsáide ag na hoibritheoirí iompair phoiblí.

K) LAGÚ SÓCMHAINNÍ DOCHTA

Aon uair a léiríonn imeachtaí nó athruithe ar imthosca nach mbeadh an méid anonn inghnóthaithe, déantar athbhreithniú ar shócmhainní dochta i leith lagú. Déantar méid inghnóthaithe aon sócmhainn lena mbaineann a mheas agus cuirtear an méid measta sin i gcomparáid leis an méid anonn. Má tá an méid measta inghnóthaithe níos ísle, laghdaítear an méid anonn go dtí leibhéal an mhéid mheasta inghnóthaithe agus aithnítear caillteanas i leith lagú láithreach sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sna Chúlchistí Ioncaim Coimeádta.

Sealbhaítear busanna ar mhaithe lena n-ionchas ó thaobh seirbhíse de seachas chun fáltas airgeadais a sholáthar. Úsáideann an tÚdarás múnla tomhais an chostais athsholáthair dímheasta chun measúnú a dhéanamh i dtaobh ar tharla aon chaillteanas i leith lagú.

Má fhreaschuirtear caillteanas i leith lagú ina dhiaidh sin, méadaítear an méid anonn chuig méid an mheastacháin athbhreithnithe i leith a mhéid inghnóthaithe, ach ní théitear thar an méid a chinnfí dá mba rud é nach ndearnadh aon chaillteanas i leith lagú a aithint i ndáil leis an tsócmhainn sna blianta roimhe sin. Déantar freaschur caillteanais i leith lagú a aithint láithreach sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sna Chúlchistí Ioncaim Coimeádta.

L) SOCHAIR D'FHOSTAITHE

Sochair ghearrthéarma

Déantar sochair ghearrthéarma amhail pá saoire a aithint mar chostas sa bhliain lena mbaineann. Maidir le sochair atá fabhráithe faoi dheireadh na bliana, áirítear iad san fhigiúr le haghaidh míreanna is iníoctha sa Ráiteas ar Staid Airgeadais.

Sochair scoir

Léiríonn na ráitis airgeadais, de réir luach cothrom, na sócmhainní agus dliteanais a éiríonn as oibleagáidí pinsin an Údaráis, agus aithnítear iontu na costais a bhaineann le sochair scoir a sholáthar sna tréimhsí cuntaisíochta ina dtuilleann fostaithe iad. Déantar dliteanais scéimeanna scoir a thomhas ar bhonn achtúireach trí úsáid a bhaint as modh an aonaid réamh-mheasta creidmheasa. Léirítear gnóchain nó caillteanais achtúireacha a éiríonn as dliteanais scéimeanna scoir sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach. Déantar coigeartú comhfhreagrach a aithint sa mhéid atá inghnóthaithe ón Stát don scéim scoir neamh-mhaoinithe um shochair shainithe amháin.

Bíonn fostaithe an Údaráis rannpháirteach sna scéimeanna pinsin seo a leanas:

- Scéim Shochair Shainithe - “Scéim NTA”

Is scéim pinsin tuarastail deiridh, lena ngabhann sochair shainithe, í Scéim Aoisliúntais Fhoireann an Údaráis Náisiúnta Iompair 2010 agus déantar na sochair agus na ranníocaíochtaí a shainiú faoi threoir na rialachán ‘múnla’ maidir le scéimeanna eárnála poiblí. Is scéim neamh-mhaoinithe í an scéim sin agus baineann sí le seirbhísigh phoiblí a ceapadh roimh an 1 Eanáir 2013. Déantar ranníocaíochtaí na mball a íoc leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Cuireadh na costais, na dliteanais agus na sócmhainní a bhaineann le hoibríú na scéime seo san áireamh sa nochtadh i Nóta 15 maidir leis na scéimeanna pinsin sochair shainithe.

- Scéim Shochair Shainithe - “An Scéim Shingil”

Is scéim pinsin meántuarastail, lena ngabhann sochar sainithe, í Scéim Pinsin Shingil na Seirbhíse Poiblí. Is scéim neamh-mhaoinithe í an scéim seo agus baineann sí le seirbhísigh phoiblí a ceapadh ar an 1 Eanáir 2013 nó dá éis. Déantar ranníocaíochtaí na mball a íoc leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA). Cuireadh na costais, na dliteanais agus na sócmhainní a bhaineann le hoibríú na scéime seo san áireamh sa nochtadh i Nóta 14 maidir leis na scéimeanna pinsin sochair shainithe.

- Scéim Ranníocaíochtaí Sainithe - “Scéim RPA”

Aistríodh roinnt fostaithe chuig an Údarás ó Bhonneagar Iompair Éireann (“BIÉ”) i ndiaidh dóibh a bheith ina bhfostaithe de chuid na Gníomhaireachta um Fháil Iarnróid (“RPA”) sular glacadh a gníomhaíochtaí isteach in BIÉ. Is baill iad de Phlean Pinsin agus Árachais Saoil na Gníomhaireachta um Fháil Iarnróid 2003 fós, ar scéim pinsin ranníocaíochtaí sainithe í. Ní ghlacann an scéim sin le haon iontrálaithe nua. Maoinítear sochair phinsin thar thréimhse seirbhíse na bhfostaithe ar mhodh ranníocaíochtaí fostaí agus fostóra leis an scéim. Muirearaítear ranníocaíochtaí fostóra ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais de réir mar a thagann siad chun bheith iníoctha. Níl aon sócmhainn phinsin/dliteanas pinsin ag an Údarás maidir leis an scéim seo ós rud é nach bhfuil sé faoi dhliteanas ach amháin maidir leis na ranníocaíochtaí fostóra atá dlite i leith na bhfostaithe lena mbaineann.

M) LÉASANNA

Aicmítear léasanna mar léasanna airgeadais nuair a aistríonn siad na rioscaí agus na luaíochtaí uile, nach mór, a bhaineann le húinéireacht ar na sócmhainní léasaithe chuig an Údarás Déantar léasanna eile, nach n-aistríonn na rioscaí agus na luaíochtaí uile, nach mór, a bhaineann le húinéireacht ar na sócmhainní léasaithe chuig an Údarás, a aicmiú mar léasanna oibriúcháin.

Maidir le sócmhainní a shealbhaítear faoi léas airgeadais, áirítear iad i ‘maoin, gléasra agus trealamh’ agus déantar iad a dhímheas agus a athbhreithniú i leith lagú ar an dóigh chéanna le sócmhainní a bhfuil úinéireacht iomlán orthu.

Mar léasaí

Maidir le híocaíochtaí a dhéantar faoi léasanna oibriúcháin, aithnítear sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sna Cúlchistí Ioncaim Coimeádta iad mar chaiteachas thar théarma an léasa ar bhonn líne dírí.

Mar léasóir

Déantar íocaíochtaí a fhaightear faoi léasanna oibriúcháin a aithint sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sna Cúlchistí Ioncaim Coimeádta mar ioncam thar théarma an léasa ar bhonn líne dírí.

N) BREITHIÚNAIS AGUS MEASTACHÁIN CHRITICIÚLA CHUNTASAÍOCHTA

Le linn na ráitis airgeadais a ullmhú, ní mór don lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh, ar nithe iad sin a dhéanann difear do na méideanna a thuairiscítear maidir le sócmhainní agus dliteanais ar dháta an Ráitis ar an Staid Airgeadais agus do na méideanna a thuairiscítear i dtaca le hioncam agus costais i rith na bliana. Ach, ó tharla gur meastacháin atá i gceist, d’fhéadfadh difríocht a bheith ann idir na torthaí iarbhir agus na meastacháin sin. Meastar go bhfuil na breithiúnais agus na meastacháin seo a leanas tábhachtach i dtaca le cur i láthair riocht airgeadais an Údaráis:

- Dímheas agus luachanna iarmharacha

Tá athbhreithniú déanta ag an Údarás ar shaolré na sócmhainní agus ar luachanna gaolmhara iarmharacha i leith na n-aicmí sócmhainní dochta go léir agus chinn sé go bhfuil saolré na sócmhainní agus na luachanna iarmharacha fóirsteanach.

- Lagú sócmhainní dochta

Aon uair a léiríonn imeachtaí nó athruithe ar imthosca nach mbeadh an méid anonn inghnóthaithe, déantar athbhreithniú ar shócmhainní i leith lagú.

- Feithiclí Bóthair do Phaisinéirí

Tá cinneadh déanta ag an Údarás go gcomhlíonann na busanna seo an sainmhíniú ar

shócmhainn agus go meastar go mbeidh tairbhí eacnamaíochta ar fáil amach anseo ó na busanna, rud a fhágann gur féidir na busanna a aithint mar shócmhainn faoi FRS 102. Cuid lárnach den chinneadh sin is ea go meastar gur eintitis sochair phoiblí é an tÚdarás, de réir mar atá leagtha amach sna beartais chuntasaíochta.

- Oibleagáid sochair scoir

Na toimhdí is bonn leis na luachálacha achtúireacha ar ina leith a chinntear na méideanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe i gcás rátaí cúitimh sa todhchaí agus rátaí básmhaireachta).

- Soláthar

Déanann an tÚdarás soláthar le haghaidh oibleagáid láithreach (de chineál dlíthiúil nó inchiallaithe) mar thoradh ar imeacht a tharla san am atá caite más dócha go mbeidh ar an Údarás an oibleagáid, arb eol dó ina leith go bhfuil sé gan íoc ar dháta dheireadh na tréimhse, a réiteach.

O) INFHÁLTAIS

Déantar infháltais gearrthearma a thomhas de réir phraghas an idirbhirt, lena n-áirítear costais an idirbhirt, lúide aon lagú.

P) AIRGEAD TIRIM AGUS COIBHÉISÍ AIRGID THIRIM

Cuirtear airgead tirim in iúl mar airgead tirim ar láimh agus taiscí gearrthearma in institiúidí airgeadais. Is é atá i gcoibhéisí airgid thirim ná infheistíochtaí an-leachtacha a théann in aibíocht laistigh de thréimhse nach faide ná trí mhí ón dáta a bhfaightear iad agus atá in-chomhshóite go héasca ina méideanna aithnide airgid thirim gan ach riosca neamhshuntasach a bheith ann maidir le hathrú ar an luach.

Q) MÍREANNA INÍOCTHA

Déantar míreanna iníoctha gearrthearma a thomhas de réir phraghas an idirbhirt, lena n-áirítear costais an idirbhirt, lúide aon lagú.

R) IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS

Ní dhéanann an tÚdarás idirbhearta bunúsacha maidir le hionstraimí airgeadais ach amháin i gcás ina mbeidh aithint sócmhainní agus dliteanas airgeadais, amhail infháltais trádála agus iníoctha eile, ann mar thoradh leo.

Déantar ionstraimí fiachais (seachas ionstraimí atá iníoctha nó infhála ina n-iomláine laistigh de bhliain amháin), lena n-áirítear iasachtaí agus cuntais eile atá infhála agus iníoctha, a thomhas, i dtosach báire, de réir luach reatha an tsreabhaidh airgid sa todhchaí agus, ina dhiaidh sin, de réir an chostais amúchta trí úsáid a bhaint as modh an úis ghlain. Déantar ionstraimí fiachais atá iníoctha nó infhála taobh istigh de bhliain amháin, is é sin, míreanna trádála iníoctha nó infhála de ghnáth, a thomhas, i dtosach báire agus ina dhiaidh sin, de réir mhéid neamhslascainithe an airgid thirim nó na comaoine eile a bhfuiltear ag súil lena bheith íoctha nó lena fháil. Ach, más ionann na socruithe a bhaineann le hionstraim gearrthearma agus idirbheart airgeadais, amhail íoc féich trádála atá iarchurtha thar ghnáth-thearmaí gnó nó atá airgeadaithe de réir ráta úis nach ráta margaidh é, nó i gcás iasacht gearrthearma glan amach nach bhfuil de réir an ráta margaidh, déantar an tsócmhainn nó an dliteanas airgeadais a thomhas i dtosach báire, de réir luach reatha an tsreabhaidh airgid thirim sa todhchaí agus é lascainithe de réir ráta úis an mhargaidh i dtaca le hionstraim fhiachais chomhchosúil agus, ina dhiaidh sin, de réir an chostais amúchta.

Déantar sócmhainní airgeadais a thomhas de réir an chostais agus déantar measúnacht

ar chostais amúchta ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe i leith fianaise oibiachtúil ar lagú. Má aimsítear fianaise oibiachtúil ar lagú, déantar caillteanas i leith lagú a aithint sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sna Chúlchistí Ioncaim Coimeádta.

S) SOLÁTHAR MAIDIR LE DLITEANAIS

Aithnítear soláthar nuair a bhíonn oibleagáid láithreach (de chineál dlíthiúil nó inchiallaithe) ag an Údarás mar thoradh ar imeacht a tharla san am atá caite más dócha go mbeidh ar an Údarás an oibleagáid a réiteach agus gur féidir meastachán iontaofa a dhéanamh ar mhéid na hoibleagáide.

Is ionann an méid a aithnítear mar sholáthar agus an meastachán is fearr ar an gcomaoin a bhfuil gá léi chun an oibleagáid láithreach a réiteach ag deireadh na tréimhse tuairiscithe, agus na rioscaí agus na héiginnteachtaí a bhaineann leis an oibleagáid á gcur san áireamh.

I gcás ina mbaineann éifeacht an amluacha airgid le hábhar, déantar an méid a measfar ina leith go mbeidh gá leis chun an oibleagáid a réiteach a aithint de réir an luacha láithrigh trí úsáid a bhaint as ráta lascaire réamhchánach. Aithnítear leachtú na lascaire mar chostas airgeadais sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sna Chúlchistí Ioncaim Coimeádta sa tréimhse ina dtarlaíonn sé.

T) ATHAICMIÚ FIGIÚIRÍ I LEITH TRÉIMHSE ROIMHE SEO

Rinneadh comparáidí i leith tréimhse roimhe seo a choigeartú i gcás inar chuí sin chun cabhrú le hinchomparáideacht.

2. DEONTAIS OIREACHTAIS

Aithníodh na deontais seo a leanas mar ioncam de réir bheartas cuntasáiochta 1(d):

	Nóta	2019 €'000	2018 €'000
An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (“RITS”)			
Maoiniúchán Oibleagáide Seirbhíse Poiblí (PSO)	2.1	293,583	272,928
Maoiniúchán le haghaidh Infheistíocht Chaipitiúil	2.2	271,461	244,001
Scéimeanna eile iompair	2.3	16,299	16,557
Deontas riaracháin		16,068	8,844
		597,411	542,330

	Nóta	2019 €'000	2018 €'000
An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí (“RGFCS”)			
Scéimeanna eile iompair	2.3	1,500	1,500
Maoiniúchán Oibleagáide Seirbhíse Poiblí (PSO)	2.1	85	71
		598,996	543,901

Luaitear riaradh €16.068m glan ar ranníocaíochtaí sochar scoir fostaithe iomlána €0.318m, aisíocadh €0.208m leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (i leith scéim sochar scoir an Údaráis) agus aisíocadh €0.11m leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (i leith scéim shingil na sochar scoir).

2.1 DEONTAIS OIREACHTAIS - MAOINIÚCHÁN OIBLEAGÁIDE SEIRBHÍSE POIBLÍ (PSO)

Déantar maoiniúchán PSO a tharraingt anuas ó RITS faoi Íocaíochtaí Soláthair Seirbhíse Poiblí, fo-mhírcheann B7, agus faoi fho-mhírcheann RGFCs A38.

	An Roinn	Fo-Mhírcheann	2019 €'000	2018 €'000
Iarnród Éireann	RITS	B7.1	128,370	141,252
Bus Átha Cliath	RITS	B7.1	57,703	51,554
Bus Éireann	RITS	B7.1	67,186	55,011
Bealaí bus tairisceana	RITS	B7.1	26,315	11,550
Gníomhaíochta díreacha de chuid an Údaráis	RITS	B7.1	14,009	13,561
Saorthaisteal	RITS	A38	85	71
			293,668	272,999

2.2 DEONTAIS OIREACHTAIS - MAOINIÚCHÁN LE HAGHAIDH INFHEISTÍOCHT CHAIPITIÚIL

Déantar maoiniúchán le haghaidh maoiniúchán infheistíochta caipitiúla a tharraingt anuas ó RTIS faoin gClár Infheistíochta Iompair Phoiblí, fo-mhírcheann B8, agus faoi Laghdú Carbóin, fo-mhírcheann B6.

	2019 €'000	2018 €'000
B8.1 Iompar Uirbeach Inbhuanaithe	12,765	17,217
B8.2 Sábháilteacht agus Forbairt Iarnróid Throm	74,398	12,645
B8.3 Bonneagar Iompair Phoiblí	157,116	195,161
B8.6 Rothaíocht agus Siúl	26,823	18,754
B6 Laghdú Carbóin	359	224
	271,461	244,001

2.3 DEONTAIS OIREACHTAIS - SCÉIMEANNA EILE IOMPAIR

Riarann an tÚdarás roinnt scéimeanna eile thar ceann RITS agus RGFCs. Tá an maoiniúchán deontais a fuarthas ar taispeáint thíos:

	An Roinn	Fo-Mhírcheann	2019 €'000	2018 €'000
Iompar Tuaithe	RITS	B7.2	14,402	14,594
Scoileanna Glasa	RITS	B8.4	1,451	1,430
Taisteal Níos Cliste	RITS	B8.1	446	533
			16,299	16,557

Iompar Tuaithe	RGFCS	A38	1,500	1,500
			17,799	18,057

3. IONCAM Ó THÁILLÍ

	2019 €'000	2018 €'000
Bealaí bus tairisceana	18,628	1,902
Ioncam ó RGFCs - Saorthaisteal	4,428	-
Seirbhísí Rialta Tuaithe	1,225	759
Seirbhísí Tuaithe ar bhonn Éilimh	566	679
	24,847	3,340

4. SCÉIM NA GCÁRTAÍ LEAP

	2019 €'000	2018 €'000
Ioncam		
Táillí oibritheora iompair	12,549	10,751

Caiteachas oibriúcháin		
Costais oibritheoirí díreacha	8,384	7,317
Costais phearsanra (Nóta 11)	2,356	873
Costais eile riaracháin (Nóta 13)	1,017	1,649
Caiteachas iomlán oibriúcháin *	11,757	9,839

Caiteachas breise		
Dímheas	6,584	7,145
	18,341	16,984

*Déantar caiteachas oibriúcháin a thabhaítear i ndáil le hoibriú scéim na gCártaí Leap a athmhúirearú ar na hoibritheoirí iompair a ghlacann páirt sa scéim.

5. IONCAM Ó CHEADÚNÚCHÁN

	2019 €'000	2018 €'000
Táillí ceadúnaithe feithicle maidir le tacsaithe	4,294	4,136
Táillí ceadúnaithe tiománaithe maidir le tacsaithe	1,086	1,274
Ioncam ó fhorfheidhmiúchán i leith tacsaithe	118	83
Ioncam eile ó réimse na dtacsaithe	629	630
Ioncam ó cheadúnú busanna	199	53
	6,326	6,176

6. IONCAM EILE

	2019 €'000	2018 €'000
Fógraíocht ar scáthlámh bhus	6,290	5,990
Costais faisnéise taistil a gnóthaíodh ó oibritheoirí iompair	2,432	2,384
An Scéim Réigiúnach maidir le Rothair - urraíocht, síntiúis % fruilíú	539	593
Ioncam ón gCóiste-Chlós	38	30
Ioncam eile	100	-
Ús bainc a fuarthas	-	1
	9,399	8,998

7. CAITEACHAS OIBLEAGÁIDE SEIRBHÍSE POIBLÍ (PSO)

	2019 €'000	2018 €'000
Iarnród Éireann	128,370	141,241
Bus Éireann	67,186	55,011
Bus Átha Cliath	57,703	51,554
Bealaí bus tairisceana Costas	46,016	12,309
Costais tacaíochta PSO	8,337	3,349
Forchostais phearsanra agus forchostais ghaolmhara	5,755	4,091
Dímheas	1,082	1,089
Tionscnaimh agus imeachtaí iompair phoiblí	-	2,148
	314,449	270,792

Déanann an tÚdarás íocaíochtaí chun seirbhísí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí (PSO) atá riachtanach don sochaí ach nach bhfuil inmharthana ó thaobh tráchtála de a sholáthar. Is as airgead a sholáthraíonn an tOireachtas trí RITS a dhéanann an tÚdarás na híocaíochtaí seo.

Bealaí bus tairisceana

Tá roinnt conarthaí ag an Údarás maidir le seirbhísí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí (PSO) ar seoladh próiseas tairisceana oscailte ina leith, lena n-áirítear seirbhísí a bhí á n-oibriú roimhe seo ag Bus Átha Cliath nó ag Bus Éireann mar chuid dá gconarthaí. Leanann an tÚdarás de nithe amhail táillí, minicíocht agus sceidealú a leagan síos agus ní hé an t-oibritheoir a dhéileáilann leis na nithe sin. Áiríonn na méideanna thuas costais i ndáil le hoibriú agus soláthar seirbhísí leanúnacha sceidealta Oibleagáide Seirbhíse Poiblí (PSO) ar bhealaí tuaithe - agus iad brandáilte mar TFI Local Link.

8. CAITEACHAS INFHEISTÍOCHTA CAIPITIÚLA

		2019 €'000	2018 €'000
Mórhionscadail chaipitiúla			
Bonneagar Iompair Éireann		53,689	80,669
Bus Éireann		1,527	9,186
Iarnród Éireann		73,002	12,945
Bus Átha Cliath		4,032	63
		132,250	102,863

Bainistíocht iompair inbhuanaithe agus tionscadail eile	Note 8.1	25,590	17,462
Caiteachas eile a thabhaigh an tÚdarás go díreach	Note 8.1	44,125	28,193
Maoiniúchán deontais le haghaidh iompair i gcathracha réigiúnacha	Note 8.1	13,976	17,209
Maoiniúchán don scéim maidir le rochtain		6,942	4,919
		222,883	170,646

Is iad seo a leanas na mórhionscadail chaipitiúla a maoiníodh agus a áiríodh i gcaiteachas infheistíochta caipitiúla:

	2019 €'000	2019 €'000	2018 €'000	2018 €'000
Bonneagar Iompair Éireann				
Feabhsú acmhainneachta ar Líne Ghlas Luas	22,350		30,627	
MetroLink	14,783		5,303	
Athfheistiú tramanna	10,477		8,384	
Luas Traschathrach	5,423		34,507	
Tionscadail eile	573		53	
Uasghrádú bonneagair ar Líne Ghlas Luas	83	53,689	1,795	80,669

Bus Éireann

Busanna nua	922		6,994	
Tionscadail eile	605	1,527	2,192	9,186

Iarnród Éireann

Cairr Nua Iarnróid Idirchathrach	39,828		-	
Athnuachan dhíon Stáisiún na bPiarsach	10,465		2,700	
Athchomharthaíocht i lár na cathrach	7,062		5,871	
Rialú lárnach tráchta	6,046		2,431	
Eispéireas custaiméara & feabhsú ticéadaithe	3,552		640	
Feabhsaithe ar Bhealaí agus ar Idirmhalartuithe	2,241		-	
Leathnú an DART	1,462		364	
Tionscadail eile	1,006		591	
Clár na gClós Páirceála	1,002		-	
Clár uasghrádaithe stáisiún	338		327	
Tollán Pháirc an Fhionnuisce	-	73,002	21	12,945

Bus Átha Cliath

Busanna nua	4,032		-	
Tionscadail eile	-	4,032	63	63
		132,250		102,863

8.1 BAINISTÍOCHT IOMPAIR INBHUANAITHE AGUS TIONSCADAIL EILE

<i>Bainistíocht iompair inbhuanaithe - deontais do chomhlachtaí ainmnithe</i>	2019 €'000	2018 €'000
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	15,956	6,777
Comhairle Chontae na Mí	2,712	3,040
Comhairle Contae Fhine Gall	2,292	1,193
Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas	1,759	1,974
Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin	1,413	2,551
Comhairle Chontae Chill Dara	752	1,174
Comhairle Chontae Chill Mhantáin	399	464
An Taisce	125	-
An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath	120	-
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath	62	33
Ollscoil Má Nuad	-	196
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	-	30
Ospidéal San Séamas	-	30
	25,590	17,462

<i>Caiteachas eile a thabhaigh an tÚdarás go díreach</i>		
Dímheas	20,425	15,023
Bus Connects	12,151	3,941
Forchostais phearsanra agus forchostais ghaolmhara	3,724	3,057
Tacaíocht theicniúil	1,781	1,360
Ticéadú comhtháite	1,571	821
Leathnú an DART	1,296	495
Forbairt córas eile	1,189	1,358
Múnlaí iompair	1,113	526
Clár cothabhála cuailí agus scáthláin bus	367	(56)
Táillí gairmiúla	324	101
MetroLink	145	1,325
Córais faisnéise taistil	39	154
Cumarsáid i leith Luas Traschathrach	-	88
	44,125	28,193

<i>Maoiniúchán deontais le haghaidh iompair i gcathracha réigiúnacha</i>		
Comhairle Cathrach Chorcaí	6,809	10,363
Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh	3,497	2,042
Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge	1,723	2,576
Comhairle Chontae Chorcaí	1,328	1,327
Comhairle Cathrach na Gaillimhe	573	847
Bonneagar Iompair Éireann	46	54
	13,976	17,209

I rith na tréimhse, baineadh úsáid as deontais infheistíochta caipitiúla Oireachtais freisin chun méaduithe ar mhaoín, ar ghléasra agus ar threalamh agus sócmhainní doláimhsithe a mhaoiniú, go príomha feithiclí bóthair do phaisinéirí, de réir mar atá leagtha amach i nótaí 16 agus 17.

9. CAITEACHAS EILE AR DHEONTAIS & AR CHLÁIR

	2019 €'000	2018 €'000
Caiteachas Deontais Eile		
Caiteachas maidir leis an gClár Iompair Tuaithe	15,960	16,187
Dímheas maidir leis an gClár Iompair Tuaithe	142	144
Caiteachas maidir le Scoileanna Glasa	1,451	1,430
Caiteachas maidir le 'Taisteal Níos Cliste'	422	530
Dímheas 'Taisteal Níos Cliste'	19	15
	17,994	18,306

Caiteachas eile ar chlár		
Caiteachas ar scáthlín bhus	257	206
Dímheas painéal digiteach ag Scáthlín Bhus	212	-
Caiteachas ar chórais faisnéise taistil	2,157	2,051
Caiteachas ar an Scéim Réigiúnach maidir le Rothair	1,378	1,235
Caiteachas ar Chóiste-Chlós	143	143
	4,147	3,635
Iomlán	22,141	21,941

10. CAITEACHAS AR CHEADÚNÚ

	2019 €'000	2018 €'000
Costais maidir le forfheidhmiúchán i leith tacsaithe	1,087	1,257
Costais an ionaid glaonna agus costais riaracháin i dtaca le tacsaithe	953	930
Costais cheadúnaithe feithicle maidir le tacsaithe	767	692
Costais cheadúnaithe tiománaithe maidir le tacsaithe	647	589
Forchostais phearsanra agus forchostais ghaolmhara	518	289
Ceadúnú tacsaithe - costais chumarsáide	359	287
Teanntáil Feithiclí	54	-
Costais cheadúnaithe busanna	23	8
	4,408	4,052

11. FOSTAITHE, DAOINE AR IASACHT AGUS SEIRBHÍSÍ SOCRÚCHÁIN SEACHFHOINSITHE

	2019 €'000	2018 €'000
Costais phearsanra		
Costais phá, tuarastail agus foirne	7,702	6,074
Seirbhísí socrúcháin seachfhoinsithe	19,141	13,295
Iasachtuithe earnála poiblí	584	550
Earcaíocht agus oiliúint	271	162
Táillí agus costais chomhaltaí Boird agus Coiste	129	105
	27,827	20,186

Arna leithroinnt do na nithe seo a leanas:		
Riarachán lárnach	14,551	11,029
Ceadúnú	518	290
Scéim na gCártaí Leap	2,356	873
An clár infheistíochta caipitiúla	3,724	3,057
An Clár Iompair Tuaithe	731	608
An Oibleagáid Seirbhíse Poiblí	5,755	4,091
Córais faisnéise taistil	192	238
	27,827	20,186

Maidir le leithroinnt seirbhísí socrúcháin seachfhoinsithe agus costas gaolmhar d'aonaid ghnó an Údaráis, déantar é ar bhonn shocrúcháin dhíreacha seachfhoinsithe an aonaid gnó.

Iasachtuithe earnála poiblí

Sa bhliain 2019, rinneadh suim €Nialas (2018: €0.03m) de chostais na bhfostaithe ar iasacht a mhuirearú go díreach ar thionscadail agus caipitlíodh €Nialas díobh (2018: €0.03m). I rith na bliana, d'aistrigh fostaí amháin ar iasacht chuig an Údarás mar fhostaí (2018: beirt).

Costais chaipitlithe fostaithe

Ba é a bhí sna costais chaipitlithe fostaithe sa bhliain airgeadais ná €Nialas (2018: €0.02m).

11.1 COSTAIS PHÁ, TUARASTAL AGUS FOIRNE

a) Sochair chomhiomlána d'fhostaithe

	2019 €'000	2018 €'000
Sochair ghearrthéarma foirne	7,017	5,543
Sochair foirceanta	-	-
ÁSPC Fostóra	685	531
	7,702	6,074

Níl luach shochair scoir Scéim NAT a tuilleadh sa tréimhse san áireamh thuas.

b) *Sochair ghearrthéarma foirne*

	2019 €'000	2018 €'000
Bunphá	6,954	5,464
Liúntais	72	79
	7,026	5,543

c) *Ní raibh aon sochair fhoirceanta, aon sochair fhadtéarma eile ná aon idirbhearta íocaíochta scair-bhunaithe ann i rith na bliana (2018: €nialas).*

11.2 FOSTAITHE AGUS FOSTAITHE AR IASACHT ÓN EARNÁIL PHOIBLÍ

	2019	2018
<i>An líon ball foirne ag deireadh na bliana, ar bhonn coibhéisí lánaimseartha:</i>		
Fostaithe	127	92
Fostaithe ar iasacht ón earnáil phoiblí	4	4
	131	96

11.3 PRÍOMHPHEARSANRA BAINISTÍOCHTA

Is iad na comhaltaí Boird, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, an Stiúrthóir Seirbhísí Airgeadais agus Corparáideacha, an Stiúrthóir Pleanála Iompair, Infheistíochta & Rialála Tacsaithe, an Príomhoifigeach Faisnéise (a ceapadh i mBealtaine 2019), Stiúrthóir Rialála (a ceapadh i mí na Nollag 2019) agus an Stiúrthóir Seirbhísí Iompair Phoiblí an príomhphearsanra bainistíochta san Údarás. Tá an cúiteamh a íocadh le príomhphearsanra an Údaráis leagtha amach anseo thíos:

	2019 €'000	2018 €'000
Bunphá	752	612
Liúntais	77	63
	829	675

Ní raibh aon sochair fhoirceanta, aon sochair fhadtéarma, aon sochair fhadtéarma eile ná aon idirbhearta íocaíochta scair-bhunaithe ann i rith na bliana (2018: nialas).

Níl luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse san áireamh thuas.

11.4 AN PRÍOMHOIFIGEACH FEIDHMIÚCHÁIN

Is mar a leanas a bhí pacáiste luach saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin don tréimhse lena mbaineann:

	2019 €'000	2018 €'000
Bunphá - A. Graham	111	108
Liúntais	77	63
	188	171

Is ball de scéim pinsin seirbhíse poiblí í an Príomhfheidhmeannach agus faigheann sí na teidlíochtaí caighdeánacha; tháinig sí isteach san Údarás ar an 16 Nollaig 2019. Roimh an dáta sin, bhí an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ar iasacht ón Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Níl luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse san áireamh thuas. Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ina ball de Scéim an Údaráis Náisiúnta Iompair.

Rinneadh muirear iasachtaithe €26,802 a íoc le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i rith na bliana (2018: €26,980) agus bhain an íocaíocht sin le hiasachtú an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin.

11.5 MIONDEALÚ SHOCHAIR GHEARRTHÉARMA NA BHFOSTAITHE AGUS NA MBALL FOIRNE IASACHTAITHE EARNÁLA POIBLÍ

Déantar sochair ghearrthéarma ar mó ná €60,000 iad a chatagóiriú de réir na mbandaí seo a leanas:

<i>Raon</i>		<i>An líon daoine den phearsanra</i>	
From	To	2019	2018
€60,000	€69,999	26	18
€70,000	€79,999	12	5
€80,000	€89,999	15	10
€90,000	€99,999	6	7
€100,000	€109,999	3	5
€110,000	€119,999	1	1
€120,000	€129,999	-	-
€130,000	€139,999	2	3
€140,000	€149,999	1	2
€150,000	€159,999	2	-
€170,000	€179,999	-	1
€180,000	€189,999	1	-

Nóta: Chun críocha an nochta seo, áiríonn sochair ghearrthéarma fostaithe i ndáil le seirbhísí a soláthraíodh i rith na tréimhse tuairiscithe tuarastail, ragobair, liúntais agus íocaíochtaí eile a rinneadh thar ceann an fhostaí, ach ní áiríonn siad ÁSPC fostóra.

12. COSTAIS CHÓIRÍOCHTA OIFIGE

	2019 €'000	2018 €'000
Cóiríocht	2,221	1,313
Deisiúcháin agus cothabháil	323	196
Glantóireacht	150	149
Soilsiúchán agus teas	141	90
	2,835	1,748

13. OTHER ADMINISTRATIVE COSTS

	2019 €'000	2018 €'000
Caiteachas TFC	2,780	1,681
Cúrsaí dlí agus dlíthíochta	1,257	898
Táillí i leith seirbhísí gairmiúla	1,124	1,102
Dímheas	593	867
Fógraíocht agus cur chun cinn	609	626
Costais ghinearálta	295	122
Táillí i leith iniúchadh inmheánaigh	269	378
Teileafón agus idirlíon	239	141
Muirir bhainc agus ús	200	82
Priontáil, postas agus stáiseanóireacht	157	163
Taisteal agus cothú	113	91
Árachas	106	87
Táillí i leith iniúchadh seachtrach	78	58
Costais i leith cruinnithe *	27	31
An leabharlann agus síntiúis	24	37
	7,871	6,364

Arna leithroinnt do na nithe seo a leanas:

Riarachán lárnach	6,854	4,715
Scéim na gCártaí Leap	1,017	1,649
	7,871	6,364

*Tabhaíodh suim €3k (2018: €Nialas), a muirearaíodh ar chostais cruinnithe, maidir leis an gcostas a bhain le cruinniú Boird.

14. COSTAIS SOCHAIR SCOIR

Tá léiriú le fáil anseo thíos ar chostais iomlána na sochar scoir a muirearaíodh ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus ar na Cúlchistí Ioncaim Coimeádta:

	2019 €'000	2018 €'000
Scéim pinsin sochair shainithe - Scéim NTA agus an Scéim Shingil		
Costais reatha seirbhíse	1,728	1,759
Ús ar dhliteanais maidir le scéimeanna pinsin	605	596
Ranníocaíochtaí rannpháirtithe an phlean	(318)	(272)
	2,015	2,083

Scéim Ranníocaíochtaí Sainithe - Scéim RPA		
Ranníocaíochtaí fostóra	58	56
	2,073	2,139

15. TUAIRISC GHINEARÁLTA AR NA SCÉIMEANNA SOCHAIR SHAINITHE

Scéim NTA

Is scéim pinsin seirbhíse poiblí, sochair shainithe, tuarastail deiridh í seo lena ngabhann teidlíochtaí caighdeánacha. De réir na rialachán maidir leis an scéim seirbhíse poiblí, soláthraíonn an scéim pinsean a ríomhtar de réir ráta atá comhionann le haon ochtódú den tuarastal deiridh le haghaidh gach bliain de sheirbhís inphinsin ar an dáta scoir. Tá aisce nó cnapshuim (is é sin, trí ochtódú in aghaidh gach bliain de sheirbhís inphinsin) agus pinsean céile agus leanaí infheidhme freisin.

An Scéim Shingil

Is scéim pinsin seirbhíse poiblí, sochair shainithe, tuarastail deiridh í seo lena ngabhann teidlíochtaí caighdeánacha. De réir na rialachán maidir leis an scéim seirbhíse poiblí, soláthraíonn an scéim pinsean a ríomhtar de réir ráta atá comhionann le haon ochtódú den mheántuarastal le haghaidh gach bliain de sheirbhís inphinsin ar an dáta scoir. Tá aisce nó cnapshuim (is é sin, trí ochtódú in aghaidh gach bliain de sheirbhís inphinsin) agus pinsean céile agus leanaí infheidhme freisin.

15.1 TOIMHDÍ ACHTÚIREACHTA

Tá an luacháil le haghaidh nochtaí FRS 102 bunaithe ar luacháil iomlán achtúireach a sheol achtúire cáilithe neamhspleách i mí Feabhra 2020 agus cuireann sí san áireamh ceanglais FRS 102 chun dliteanais na scéime amhail ar an 31 Nollaig 2019 a mheas. Is iad seo a leanas na príomhthoimhdí achtúireacha ar an 31 Nollaig:

	2019 ¹	2018 ²
Ráta lascaine	1.20% p.a.	1.90% p.a.
Méaduithe ionchais ar thuarastail inphinsin sa todhchaí	2.50% p.a.	2.70% p.a.
Méaduithe ionchais ar phinsin sa todhchaí	2.00% p.a.	2.20% p.a.
Méaduithe ionchais ar an bpinsean Stáit	1.50% p.a.	1.70% p.a.
Méadú ar an bPraghasinnéacs Tomhaltóirí	1.50% p.a.	1.70% p.a.

1Tá rátaí 2019 á n-úsáid mar bhonn le ríomh na hOibleagáide Sochair larchurtha amhail ar an 31 Nollaig 2019 agus na gcostas reatha seirbhíse agus an úis ar dhliteanais na scéime pinsin sa bhliain 2020.

2Tá rátaí 2018 á n-úsáid mar bhonn le ríomh na hOibleagáide Sochair larchurtha amhail ar an 31 Nollaig 2018 agus na gcostas reatha seirbhíse agus an úis ar dhliteanais na scéime pinsin sa bhliain 2019.

Maidir leis an ráta básmhaireachta, áiríonn sé feabhsuithe ar ionchas saoil thar am, ionas go mbeidh ionchas saoil tráth scoir ag brath ar an mbliain ina mbaineann an ball aois scoir amach. Léiríonn an tábla thíos an t-ionchas saoil atá ann i gcás baill a shroicheann aois 65 bliana sna blianta 2019 agus 2039:

An bhliain ina sroichtear aois 65 bliana	2019	2039
Ionchas saoil - fir	21.5	23.9
Ionchas saoil - mná	24.0	26.0

15.2 GLUAISEACHT SA GHLANOIBLEAGÁID UM SHOCHAIR SCOIR SA BHLIAIN AIRGEADAIS

	2019 €'000	2018 €'000
An ghlanoibleagáid um shochair scoir ar an 1 Eanáir	(32,095)	(30,910)
Costais reatha seirbhíse	(1,728)	(1,759)
Costais úis	(605)	(596)
Pinsin a íocadh sa bhliain	329	703
Atomhas na glanoibleagáide um shochair sainithe - gnóchan/(caillteanas) achtúireach	(9,392)	467
An ghlanoibleagáid um shochair scoir ar an 31 Nollaig	(43,491)	(32,095)

Sa bhliain 2019, thabhaigh an tÚdarás caillteanas achtúireachta €9.4m (2018: €0.5m) go príomha mar gheall ar athruithe ar bhallraíocht na scéime (€4.6m) agus athruithe ar thiomhdí achtúireachta (€4.6m).

15.3 MAOINIÚCHÁN IARCHURTHA LE HAGHAIDH SOCHAIR SCOIR

Aithníonn an Bord méideanna atá dlite ón Stát i leith an dliteanais iarchurtha neamhmhaoinithe a bhaineann le sochar sainithe le haghaidh pinsean ar bhonn na sraithe toimhdí i nóta 15.1 thuas agus ar bhonn roinnt imeachtaí a bhí ann san am atá caite. I measc na n-imeachtaí sin áirítear an bonn reachtúil maidir leis an scéim pinsin a bhunú agus maidir leis an mbeartas agus leis an gcleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair i ndáil le pinsin seirbhíse poiblí a mhaoiniú, lena n-áirítear ranníocaíochtaí ag fostaithe agus próiseas bliantúil na meastachán. Níl fianaise ar bith ag an mBord a thabharfadh le fios nach leanfaidh an beartas maidir le maoiniúchán de na suimeanna sin a chur ar fáil de réir an chleachtais reatha.

Is mar a leanas atá an glanmhaoiniúchán iarchurtha le haghaidh sochair scoir atá aitheanta sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sna Cúlchistí Ioncaim Coimeádta:

	2019 €'000	2018 €'000
Maoiniúchán atá inghnóthaithe i leith costais sochair scoir sa bhliain reatha	2,333	2,355
An deontas stáit a cuireadh i bhfeidhm chun sochair scoir a íoc	(329)	(703)
	2,004	1,652

15.4 STAIR NA N-OIBLEAGÁIDÍ SOCHAIR SHAINITHE

	2019 €'000	2018 €'000	2017 €'000	2016 €'000	2015 €'000
Oibleagáidí sochair shainithe	43,491	32,095	30,910	23,135	17,815
Gnóchan/(caillteanas) achtúireach i leith oibleagáidí sochair shainithe	(9,392)	467	(6,059)	(3,981)	(1,367)
Mar chéatadán de dhliteanais na scéime	21.6%	1.5%	19.6%	17.2%	7.7%

16. SÓCMHAINNÍ DOLÁIMHSITHE

	Sócmhainní doláimhsithe atá á mbunú €'000	Bogearraí bonneagair iompair €'000	Bogearraí córas iompair €'000	Iomlán €'000
Costas				
Ar an 1 Eanáir 2019	389	460	87,475	88,324
Athaicmiú *	277	-	375	652
Breisthe i rith na bliana	2,967	117	1,333	4,417
Aistríodh lena n-úsáid	(851)	-	851	-
Ar an 31 Nollaig 2019	2,782	577	90,034	93,393

Amúchadh				
Ar an 1 Eanáir 2019	-	129	56,072	56,201
Athaicmiú	-	-	155	155
Muirear don bhliain	-	63	8,981	9,044
Ar an 31 Nollaig 2019	-	192	65,208	65,400

Glanluach leabhair				
Ar an 31 Nollaig 2019	2,782	385	24,826	27,993
Ar an 1 Eanáir 2019	389	331	31,403	32,123

16.1 SÓCMHAINNÍ DOLÁIMHSITHE

	Sócmhainní doláimhsithe atá á mbunú €'000	Bogearraí bonneagair iompair €'000	Bogearraí córas iompair €'000	Iomlán €'000
Costas				
Ar an 1 Eanáir 2018	-	236	81,542	81,778
Breisthe i rith na bliana	389	224	5,933	6,546
Ar an 31 Nollaig 2018	389	460	87,475	88,324

Amúchadh				
Ar an 1 Eanáir 2018	-	87	47,391	47,478
Muirear don bhliain	-	42	8,681	8,723
Ar an 31 Nollaig 2018	-	129	56,072	56,201

Glanluach leabhair				
Ar an 31 Nollaig 2018	389	331	31,403	32,123
Ar an 1 Eanáir 2018	-	149	34,151	34,300

* Rinne an tÚdarás athaicmiú ar roinnt sócmhainní atá á dtógáil ó Inláimhsithe go Doláimhsithe laistigh den tréimhse.

17. MAOIN, GLÉASRA AGUS TREALAMH

	Sócmhainní inláimhsithe atá á mbunú €'000	Feithiclí bóthair do phaisinéirí €'000	Feabhsuithe ar mhaoin léasach €'000	Trealamh oifige €'000	Bonneagar iompair €'000	Crua-earraí córas iompair €'000	Iomlán €'000
Costas							
Ar an 1 Eanáir 2019	667	129,057	1,990	2,868	17,786	7,808	160,176
Athaicmiú *	(277)	-	-	(186)	-	(603)	(1,066)
Breisithe i rith na bliana	379	75,161	119	865	3,013	954	80,491
Aistriú busanna	-	6,205	-	-	-	-	6,205
Aistrithe lena n-úsáid	(576)	-	-	59	130	387	-
Diúscairtí i rith na bliana	-	-	-	(5)	-	-	(5)
Ar an 31 Nollaig 2019	193	210,423	2,109	3,601	20,929	8,546	245,801
Dímheas							
Ar an 1 Eanáir 2019	-	13,234	832	2,168	12,777	4,975	33,986
Athaicmiú	-	-	-	(129)	-	(259)	(388)
Muirear don bhliain	-	16,372	471	430	1,964	1,006	20,243
Diúscairtí	-	-	-	(5)	-	-	(5)
Ar an 31 Nollaig 2019	-	29,606	1,303	2,464	14,741	5,722	53,836
Glanluach leabhair							
Ar an 31 Nollaig 2019	193	180,817	806	1,137	6,188	2,824	191,965
Ar an 1 Eanáir 2019	667	115,823	1,158	700	5,009	2,833	126,190

Sa bhliain 2017, thosaigh an tÚdarás ag ceannach busanna go sin, rinne oibritheoirí bus a d'oibrigh bealaí oibleagáide seirbhíse poiblí busanna a fháil go díreach agus maoiníodh an ghníomhaíocht sin trí dheontais chaipitiúla ón Údarás. I rith na bliana 2019, Cheannaigh an tÚdarás busanna ar chostas €75.2m (2018: €84.2m).

Sa bhliain 2019, chuir an tÚdarás comhchuibhiú flíte busanna a gcrích chun a chinntiú go mbeadh próifíl chomhsheasmhach flíte ann i measc oibritheoirí bus i limistéar Bhaile Átha Cliath. Mar thoradh air sin, fuair an tÚdarás aistriú busanna a raibh próifílí aoise éagsúla ag baint leo ó Bus Éireann ar tháille ainmniúil €1. Rinneadh na busanna sin a athshannadh, ina dhiaidh sin, chuig oibritheoirí eile bus. D'aithin an tÚdarás aistriú na mbusanna sin de réir costas dímheasta ar dháta an aistrithe agus lean gnóchan cuntasaíochta €12.445m as sin tráth an aistrithe.

* Rinne an tÚdarás athaicmiú ar roinnt sócmhainní atá á dtógáil ó Inláimhsithe go Doláimhsithe laistigh den tréimhse.

17.1 MAOIN, GLÉASRA AGUS TREALAMH

	Sócmhainní inláimhsithe atá á mbunú €'000	Feithiclí bóthair do phaisinéirí €'000	Feabhsuithe ar mhaoin léasach €'000	Trealamh oifige €'000	Bonneagar iompair €'000	Crua-earraí córas iompair €'000	Iomlán €'000
Costas							
Ar an 1 Eanáir 2018	-	32,366	1,751	2,495	16,330	5,906	58,848
Breisthe i rith na bliana	667	84,246	239	520	1,456	2,487	89,615
Aistriú busanna	-	12,445	-	-	-	-	12,445
Diúscairtí i rith na bliana	-	-	-	(147)	-	(585)	(732)
Ar an 31 Nollaig 2018	667	129,057	1,990	2,868	17,786	7,808	160,176
Dímheas							
Ar an 1 Eanáir 2018	-	2,697	405	1,875	10,296	3,885	19,158
Muirear don bhliain	-	10,537	427	440	2,481	1,675	15,560
Diúscairtí	-	-	-	(147)	-	(585)	(732)
Ar an 31 Nollaig 2018		13,234	832	2,168	12,777	4,975	33,986
Glanluach leabhair							
Ar an 31 Nollaig 2018	667	115,823	1,158	700	5,009	2,833	126,190
Ar an 1 Eanáir 2018	-	29,669	1,346	620	6,034	2,021	39,690

Sa bhliain 2018, chuir an tÚdarás comhchuibhiú flíte busanna a gcrích chun a chinntiú go mbeadh próifíl chomhsheasmhach flíte ann i measc oibritheoirí bus i limistéar Bhaile Átha Cliath. Mar thoradh air sin, fuair an tÚdarás aistriú busanna a raibh próifílí aoise éagsúla ag baint leo ó Bhus Átha Cliath ar tháille ainmniúil €1. Rinneadh na busanna sin a athshannadh, ina dhiaidh sin, chuig oibritheoirí eile bus. D'aithin an tÚdarás aistriú na mbusanna sin de réir costas dímheasta ar dháta an aistrithe agus lean gnóchan cuntasaíochta €6.205m as sin tráth an aistrithe.

18. INFHÁLTAIS

	2019 €'000	2018 €'000
Féichiúnaithe trádála	4,198	686
Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhraithe	2,454	3,152
Ioncam ó cheadúnúchán	3	7
Eile	1,495	523
	8,150	4,368

19. MÍREANNA INÍOCHTA: MÉIDEANNA ATÁ DLITE LAISTIGH DE BHLIAIN AMHÁIN

	2019 €'000	2018 €'000
Creidiúnaithe trádála	6,660	753
Dlíteanais maidir le scéim na gcártaí Leap	29,234	22,845
Fabhrúcháin agus ioncam iarchurtha	6,021	12,086
CBL	5,115	5,061
Cáin choinneála i leith seirbhísí gairmiúla (PSWT)	2,395	722
ÍMAT/ÁSPC	252	190
Ranníocaíochtaí pinsin d'fhostaithe agus tobhaigh atá iníochta leis an Stát	137	118
Dlíteanas i leith Léasanna Dochraideacha	124	90
Creidiúnaithe eile	27	20
Coimeád íocaíochta bus	851	294
	50,816	42,179

Dlíteanais i leith scéim na gcártaí Leap

Is ionann dlíteanais scéim na gCártaí Leap agus tascí airgid thirim agus creidmheas taistil gan úsáid ar chuntais sealbhóirí cártaí.

Fabhrúcháin agus ioncam iarchurtha

Maidir leis an iarmhéid seo i leith na bliana 2018, áirítear ioncam iarchurtha €8milliún ann, ar ioncam é a fuarthas ó RITS le haghaidh caipiteal oibre i leith gníomhaíochtaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí. (2019: €nialas).

20. MÍREANNA INÍOCHTA: MÉIDEANNA ATÁ DLITE TAR ÉIS NÍOS MÓ NÁ BLIAIN AMHÁIN

	2019 €'000	2018 €'000
Dlíteanas i leith léasanna dochraideacha	413	390
Coimeád íocaíochtaí bus	182	621
	595	1,011

21. CUNTAS CAIPITIÚIL

	2019 €'000	2018 €'000
Iarmhéid ar an 1 Eanáir	157,397	73,990

Aistriú chuig an/(ón) Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais:		
Ioncam a leithroinneadh chun críocha caipitiúla	88,460	106,906
Coigeartú amúchta i leith sócmhainní dochta nach maoinítear trí bhíthin deontas	210	-
Amúchadh i gcomhréir le dímheas	(19,850)	(15,560)
Amúchadh i gcomhréir le hamúchadh	(9,199)	(8,723)
	59,621	82,623

Coigeartú sócmhainní dochta	-	784
Gluaiseacht sa bhliain	59,621	83,407

Iarmhéid ar an 31 Nollaig	217,018	157,397
----------------------------------	----------------	----------------

22. CÁNACHAS

Íoctar gach cáin iomchuí de réir mar a thagann siad chun bheith dlite. Comhlíonann an tÚdarás aon treoir a fhaightear ó Ranna Rialtais.

23. LÉASANNA OIBRIÚCHÁIN

Oibríonn an tÚdarás mar léasaí agus mar léasóir, de réir mar atá leagtha amach thíos.

Soláthraíonn Oifig na nOibreacha Poiblí cóiríocht oifige don Údarás i nDun Scéine, Lána Fhearchair, Baile Átha Cliath 2. Níl aon léas foirmiúil i bhfeidhm. D'íoc an tÚdarás €0.9m sa bhliain 2019 maidir leis an gcóiríocht oifige sin (2018: €0.9m).

23.1 LÉASANNA OIBRIÚCHÁIN – OIBLEAGÁIDÍ CÍOSA

Léasaíonn an tÚdarás cóiríocht oifige ag 72 Sráid Charlemont, Baile Átha Cliath 2. Tiocfaidh deireadh le tréimhse an léasa i mí Iúil 2025 agus is é atá sna muirir bhliantúla léasa ná €85,000 sa bhliain.

Ina theannta sin, léasaíonn an tÚdarás cóiríocht oifige ag Urlár 1, Uimh. 5, Ionad Fhearchair, Baile Átha Cliath 2. Tiocfaidh deireadh le tréimhse an léasa i mí Iúil 2024 agus is é atá sna muirir bhliantúla léasa ná €397,050 sa bhliain (agus CBL san áireamh).

I rith na bliana 2019, shocraigh an tÚdarás léas le haghaidh cóiríocht bhreise oifige ar Urlár 4, Uimh. 5, Lárionad Fhearchair, Baile Átha Cliath 2. Tiocfaidh deireadh le tréimhse an léasa i mí Eanáir 2029 agus is é atá sna muirir bhliantúla léasa ná €259,419 sa bhliain (agus CBL san áireamh). Tá an ceart ag an Údarás Náisiúnta lompair an léas sin a fhoirceannadh ar an 26 Iúil 2024 (dáta scoir) ar choinníoll go gcomhlíontar coinníollacha áirithe.

Ina theannta sin, rinne an tÚdarás comhaontú i rith na bliana 2019 chun cóiríocht oifige a fháil ar cíós ag Charlemont Exchange ar chostas €394,830 (agus CBL san áireamh) ar feadh tréimhse 12 mhí agus áiríonn sé sin lascaí agus tréimhse fógra 6 mhí.

Tá gealltanais tugtha ag an Údarás maidir le léas a fuair an Coimisiún um Rialáil Tacsaithe (“CTR”) maidir le cóiríocht oifige ag 35 Cearnóg Mhic Liam. I mí Aibreáin 2006, shann tríú páirtí léas chuig an gCoimisiún um Rialáil Tacsaithe. Tiocfaidh deireadh le téarma 35 bliana an léasa ar an Déardaoin 25 Aibreán 2024. Níl aon rogha ann maidir leis an léas a thabhairt suas. D’fhonn barrfheabhsú a dhéanamh ar shocruithe cóiríochta an Údaráis, athlonnaíodh foireann an Choimisiúin um Rialáil Tacsaithe chuig príomhoifig an Údaráis agus, ina dhiaidh sin, rinneadh áitreabh an Choimisiúin um Rialáil Tacsaithe a fholigeán ar chíós bliantúil €80,000 sa bhliain. Tugadh isteach soláthar le haghaidh léas dochraideach €749,700 i ráitis airgeadais 2015 an Údaráis maidir leis an dífreálach cíosa suas go deireadh théarma an léasa sa bhliain 2024. Tá an soláthar á leachtú thar a bhfuil fágtha den tréimhse léasa. Amhail ar an 31 Nollaig 2019, déantar an soláthar atá fágtha, is é sin, €536,614, a nochtadh i nótaí 18 agus 19. Bhí athbhreithniú cíosa dlite ó mhí Aibreáin 2019 i ndáil le 35 Cearnóg Mhic Liam agus cuireadh bailchríoch ar na caibidlíochtaí i mBealtaine 2020. Rinneadh foráil throm an léasa a uasdátú chun léiriú a dhéanamh ar thoradh na gcaibidlíochtaí sin. Is é atá sa chíós bliantúil reatha atá iníoctha ná €204,000 go dtí deireadh an léasa.

23.2 LÉAS OIBRIÚCHÁIN MAR LÉASAÍ

Maoín tráchtála

Tá téarma léasa fiche bliain ag baint leis an maoín tráchtála (35 Cearnóg Mhic Liam) agus tá foráil ann maidir le méadú tréimhsiúil ar an muirear cíosa de réir na ngnáthdhálaí margaidh. Mar atá luaite i nóta 22.1, rinneadh athbhreithniú cíosa don bhliain 2019 a chomhaontú i mBealtaine 2020. Níl aon rogha ann maidir leis an léas a fhoirceannadh go luath.

Tá téarma léasa naoi mbliana ag baint leis an maoín tráchtála (72 Cearnóg Charlemont) agus tá foráil ann maidir le méadú tréimhsiúil ar an muirear cíosa de réir na ngnáthdhálaí margaidh. Níl aon rogha ann maidir leis an léas a fhoirceannadh go luath.

Tá téarma léasa sé bliain ag baint leis an maoín tráchtála (Urlár 1, Uimh. 5 Lárionad Fhearchair) agus tá foráil ann maidir le méadú tréimhsiúil ar an muirear cíosa de réir na ngnáthdhálaí margaidh. Níl aon rogha ann maidir leis an léas a fhoirceannadh go luath.

Tá téarma léasa deich mbliana ag baint leis an maoín tráchtála (Urlár 4, Uimh. 5 Lárionad Fhearchair) agus tá foráil ann maidir le méadú tréimhsiúil ar an muirear cíosa de réir na ngnáthdhálaí margaidh. Tá rogha ann maidir le fhoirceannadh luath an léasa i mí Iúil 2024 ar choinníoll go gcomhlíontar coinníollacha áirithe.

Gabhann téarma 12 mhí, mar aon le tréimhse fógra 6 mhí, leis an gcomhaontú maoine tráchtála (Charlemont Exchange).

Is iad seo a leanas na cíosanna íosta todhchaí a bhí iníoctha faoi léasanna oibriúcháin neamh-inchealaithe amhail ar an 31 Nollaig 2019:

	2019 €'000	2018 €'000
Laistigh de bhliain amháin	1,112	502
Tar éis aon bhliain amháin ach ní níos mó ná cúig bliana	3,387	1,961
Níos mó na cúig bliana	49	327
	4,548	2,790

23.3 LÉAS OIBRIÚCHÁIN MAR LÉASÓIR

Tá léas na maoine tráchtála (35 Cearnóg Mhic Liam) le teacht chun deiridh i mí Aibreáin 2024. Is iad seo a leanas na cíosanna íosta todhchaí a bhí infhaighte faoi léasanna oibriúcháin neamh-inchealaithe amhail ar an 31 Nollaig 2019:

	2019 €'000	2018 €'000
Laistigh de bhliain amháin	80	80
Tar éis aon bhliain amháin ach ní níos mó ná cúig bliana	266	320
Níos mó na cúig bliana	-	27
	346	427

24. GEALLTANAIS CHAIPITIÚLA

Bhí gealltanais chaipitiúla €62.6m ag an Údarás ar an 31 Nollaig 2019 (2018: €73m).

25. GEALLTANAIS EILE

Deontas caipitil - gealltanais chonartha

Tá gealltanais ag an Údarás le hÚdaráis Áitiúla agus le gníomhaireachtaí soláthair maidir le maoiniúchán a chur ar fáil dóibh le haghaidh tionscadail éagsúla. Amhail ar an 31 Nollaig 2019, tá suim €229.4m (2018: €114.2m) le tarraingt anuas fós i leith tionscadail atá ceadaithe mar a leanas:

	2019 €'000	2018 €'000
Bonneagar Iompair Éireann	39,199	67,073
Maoiniúchán caipitiúil do chathracha réigiúnacha/do chúrsaí rochtana	5,453	7,129
Bus Éireann	440	977
Iarnród Éireann	128,727	14,929
Bainistíocht iompair inbhuanaithe & tionscadail eile	14,519	18,259
Bus Átha Cliath	57	4,417
Scéim na gCártaí Leap	7,889	1,416
Bonneagar BusConnects i mBaile Átha Cliath	33,128	-
	229,412	114,200

25.1 TIONSCADAIL AR LEITHLIGH A MEASTAR INA LEITH GO MBEIDH AN CAITEACHAS IOMLÁN INA LEITH NÍOS MÓ NÁ €6.35M

Tionscadal	Caiteachas carnach go dtí 31/12/2018 (blianta roimhe seo) €'000	Caiteachas sa bhliain 2019 (an bhliain reatha) €'000	Geallta: blianta ina dhiaidh seo €'000	Gan bheith geallta: blianta ina dhiaidh seo €'000	Iomlán ionchasach an tionscadail 2019 €'000	Iomlán ionchasach an tionscadail 2018 €'000
Bonneagar Iompair Éireann						
Luas Traschathrach*	373,480	5,423	2,388	1,209	382,500	382,500
Uasghrádú bonneagair ar Líne Ghlas Luas	8,432	83	-	38	8,553	9,176
Feabhsú acmhainneachta ar Líne Ghlas Luas	34,196	22,350	27,758	4,516	88,820	88,820
'Páirceáil & Taisteal' Charraig Mhaighin	-	2	7,230	83	7,315	7,280
Athnuachan Carr-Shócmhainní Luas	13,325	10,477	1,823	1,776	27,401	-
Iarnród Éireann						
Stáisiún Iarnróid Beartaithe i mBaile Pheiléid ar Líne Uí Chonghaile/ Mhaigh Nuad	284	241	6,769	3,206	10,500	-
41 Charr Iarnróid Aicme Idirmheánach 2200 a Cheannach	-	39,828	107,089	-	146,917	-
Leathnú an DART - Céim Réamhphleanála	363	1,462	7,704	2,371	11,900	-
Díon Stáisiún na bPiarsach	2,988	10,465	2,745	302	16,500	16,500
Bonneagar BusConnects i mBaile Átha Cliath	2,941	9,429	23,648	-	36,018	-
An t-iomlán i ndáil le tionscadail ar ina leith a bhí an caiteachas > €6.35m			187,154			
Gealltanais chonartha i ndáil le tionscadail eile < €6.35m			42,258			
Gealltanais iomlána conartha			229,412			

*Is é atá sna méideanna seo ná maoiniúchán deontais ón Údarás Náisiúnta Iompair agus cistí dílse Bhonneagar Iompair Éireann le chéile.

26. DLITEANAIS THEAGMHASACHA

Tá an tÚdarás bainteach le líon beag cásanna dlíthiúla agus níltear cinnte cén toradh a bheidh orthu. Mar gheall ar an éiginnteacht sin, níl soláthar séanta maidir leis na costais ionchais todhchaí i ndáil leis na cásanna sin.

27. TIONSCADAIL A RIARTAR THAR CEANN COMHLACHTAÍ EILE

Déanann an tÚdarás maoiniúchán na Roinne i leith tionscadail inrochtaineachta, i leith infheistíocht in iompar inbhuanaithe i gcathracha réigiúnacha, i leith chlár na scoileanna glasa agus i leith an Chláir Iompair Thuaithe a riaradh thar ceann RITS.

28. NOCHTADH AG PÁIRTITHE GAOLMHARA

Féach nóta 11.3 le do thoil chun miondealú a fháil maidir leis an luach saothair agus maidir leis na sochair a íocadh leis na príomhbhaill foirne bainistíochta.

Ghlac Bord an Údaráis nósanna imeachta i gcomhréir le treoirlínte a eisíodh faoin gCód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit i ndáil le nochthead leasanna ag comhaltaí Boird agus cloíodh leis na nósanna imeachta sin i rith na bliana. Ní raibh aon idirbhearta ann i rith na bliana i ndáil le gníomhaíochtaí an Bhoird ar idirbhearta iad a raibh leas tairbhiúil ag Comhalta an Bhoird iontu.

29. TEAGMHAIS IARDAIN

Ón 31 Nollaig 2019 i leith, tá leathadh COVID-19 tar éis tionchar mór a imirt ar gheilleagar na hÉireann agus ar chuid mhór geilleagar eile ar fud an domhain. Bhí tionchar suntasach aige sin ar shaol mhuintir na hÉireann agus tá bearta déanta chun leathadh an víris sin a shrianadh, lena n-áirítear cosc ar thaisteal, scaradh sóisialta agus dúnadh seirbhísí neamhriachtanacha. Dá bharr sin, b'éigean coigeartú agus athrú suntasach a dhéanamh ar oibriú iompair phoiblí.

Chinn an tÚdarás gurb ionann na teagmhais sin agus teagmhais iardain neamhchoigeartúcháin. Dá réir sin, ní dhearnadh an staid airgeadais agus na torthaí ag deireadh na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2019 a choigeartú chun léiriú a dhéanamh ar a dtionchar. I láthair na huaire, níl sé soiléir fós cad é tionchar phaindéim COVID-19. Ní féidir meastachán iontaofa a dhéanamh ar fhad ná ar dhéine na n-iarmhairtí sin ná, ina theannta sin, ar a dtionchar ar an staid airgeadais agus ar thorthaí an Údaráis i rith tréimhsí ina dhiaidh seo. Tá faireachán dlúth á dhéanamh ar thionchar COVID-19 ar shreabhadh airgid, ar fheidhmíocht agus ar oibríochtaí an Údaráis agus déantar réamhaisnéisí tráthrialta a sholáthar don Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

30. NA RÁITIS AIRGEADAIS A CHEADÚ

Cheadaigh an tÚdarás na ráitis airgeadais ar an 19 Meitheamh 2020.



National Transport Authority
Dún Scéine
Harcourt Lane
Dublin 2
D02 WT20

Údarás Náisiúnta Iompair
Dún Scéine
Lána Fhearchair
Baile Átha Cliath 2
D02 WT20

Tel: 353 1 879 8300

www.nationaltransport.ie